



AN t-ÚDARÁS UM
CHOSAINT
IASCAIGH MHARA

SEA-FISHERIES
PROTECTION
AUTHORITY

Tuarascáil Bhliantúil 2018

BIA MARA SÁBHÁILTE INBHUNAITHE
SAFE SUSTAINABLE SEAFOOD



2018 D'AON AMHARC



22,902 THABHAIRT I DTÍR
316,852 THONNA
€343 MILLIÚN



1,962 SHAMPLA SLIOGÉISC
1,198 SAMPLA RIALAITHE
OIFIGIÚIL
410 SAMPLA
FÍTEAPLANCTÓIN



571 MHEASÚNÚ
LIPÉADAITHE
25 THEAGMHAS
SÁBHÁILTEACHTA BIA



168 GCOINSÍNEACHT
46 THÍR
95,117 DTONNA



1,922
INIÚCHADH SOITHIGH
IASCAIREACHTA



270 CEADÚNAS URTHRÁ
ATHBHREITHNITHE
42 PHATRÓL COIS CLADAIGH



701
IOMPÓRTÁIL
Ó THRÍÚ TÍR



2,122
INIÚCHADH
SÁBHÁILTEACHTA BIA



9
SEICPHOINTE
ILGHNÍOMHAIREACHTA





Ár bhFís

Farraigí lán le héisc, cóstaí lán le poist.

Ár Misean

Tá an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara tiomanta do rialú éifeachtach agus cothrom na n-earnálacha iascaireachta mara agus bia mhara a bhaineann lenár sainchúram. Cuimsíonn sin gach soitheach iascaireachta a bhíonn ag feidhmiú laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann, soithí iascaireachta Éireannacha cibé áit a mbíonn siad ag feidhmiú, agus an bia mara ar fad a tháirgtear in Éirinn cibé áit a ndéantar margaíocht air.

Clár na nÁbhar

Rialachas	Comhairligh	Tuarascálacha Airgeadais
Ráiteas an Chathaoirligh 2	Cothú Comhlíontachta 25	Eolas Ginearálta 65
Ag Cosaint speiceas atá i mbaol go géar 4	An Coiste Comhairleach Cosanta Iascaigh Mhara 27	Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste Tuarascáil le cur os comhair Thithe an Oireachtais 66
Tuairiscí na Stiúrthóirí 6		Aguisín don tuarascáil 67
Stiúrthóir na nGnóthaí Corparáideacha 7	Bailíochtaigh	Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill An Údaráis 68
An Stiúrthóir Trádála agus Iniúchta 8	Staitisticí lascaigh 33	Ráiteas ar rialú inmheánach 71
An Stiúrthóir Tacaíochta Bia agus lascaigh 9	Soithí Éireannacha a Thugann Éisc i dtír Thar Lear 36	Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe 74
An Stiúrthóir Airgeadais 10	Rialú lascaigh 37	Ráiteas ar loncam Cuimsitheach 75
An Stiúrthóir Acmhainní Daonna 11	Sábháilteacht Bhia 40	Ráiteas ar Staid An Airgeadais 76
	Monatóireacht Sábháilteachta Sliogéisc 42	Ráiteas ar Shreabhadh Airgid 77
	Teagmhais Bhia 44	Nótaí do na Ráitis Airgeadais 78
	Iascaireacht Neamhdhleathach Neamhthuiriscithe Neamhrialáilte (INNN) 48	
	Trádáil Idirnáisiúnta 50	
	Iniúchtaí Teicniúla Inmheánacha 56	
Tacaigh	Forfheidhmigh	
Rialachas Corparáideach 2018 13	Forfheidhmiú Sábháilteachta Bia 59	
Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Riosca 18	Forfheidhmiú Rialaithe lascaigh 60	
Tuarascáil Sláinte agus Sábháilteachta 20		
Nuashonrú AD 22		

Ráiteas an Chathaoirligh

Susan Steele

Tá áthas orm Tuairisc Bhliantúil an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara a chur in bhur láthair do 2018. Tugtar sonraí ann faoin gclár suntasach oibre ar thugamar faoi ar fud gach réimse d'ár sainchúram le linn bliana tábhachtaí eile don eagraíocht.



Nuair a chuirtear limistéar ár ngrinnill fharraige san áireamh, tá Éire ar cheann de na tíortha AE is mó a bhfuil cearta ceannasacha nó eisiacha acu ar cheann de na cóimheasanna is mó idir muir is talamh (thar 10:1) d'aon bhallstát de chuid an AE. Déantar forbairt agus saothrú na sócmhainní roinnte seo a chumhdach ag rialú maith. Mar an ghníomhaireacht stáit neamhspleách atá freagrach as rialú iascach mara agus as an earnáil bhia tháirge, tá ÚCIM tiomanta do chothú comhlíontachta, á deimhniú, agus nuair is gá sin, d'fhorfheidhmiú na ndlíthe sin a bhaineann le hiascach mara agus sábháilteacht bhia mhara.

I mbliana cuireadh tús le plan straitéiseach 3 bliana a leagann amach conas a chomhlíonfaimid ár sainchúram suas go 2020. Cuireann an plan an timpeallacht ina mbímid ag feidhmiú san áireamh, na dúshláin agus na deiseanna suntasacha fáis atá os comhair na n-earnálacha iascaigh mhara agus shábháilteachta bhia, chomh maith le hathrú substaintiúil reachtaíochta. Aithnítear ann freisin conas a gcaithfidh ár n-eagraíocht í féin a chur in oiriúint sa tslí gur féidir linn cur go héifeachtach agus go héifeachtúil le sainchúram a chuimsíonn gach soitheach iascaireachta a bhíonn ag feidhmiú laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann, breis is 2,000 soitheach iascaireachta atá cláraithe in Éirinn agus an bia mara ar fad a tháirgtear sna hionaid sin in Éirinn a ndéanann ÚCIM maoirseacht orthu.

Cuireann ceithre phríomhcholún – Tacaigh, Comhairligh, Bailíochtaigh agus Forfheidhmigh – taca faoinár straitéis chorpáraideach, ag cabhrú linn freastal a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le timpeallacht rialála a bhíonn de shíor ag athrú. Stiúraíodh ár gclár oibre don bhliain acu seo agus muid ag leanúint orainn de bheith ag forbairt agus ag tacú le cultúr comhlíontachta rialála ar fud earnálacha na n-iascach mara agus an bhia mhara. Leagann an tuairisc seo amach cur i bhfeidhm ár Straitéise nua sna codanna éagsúla atá le fáil sa Tuairisc faoi na ceithre phríomhcholún. Tá an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí.

Le linn 2018, tugadh faoi bhreis is 1,900 iniúchadh iascaigh mhara ag Oifigigh Cosanta Iascaigh Mhara ÚCIM. I measc na sárúithe a aimsíodh tá ganntaifeadadh gabhálacha agus sárú cuótaí. Léiríonn, áfach, an leibhéal íseal neamhchomhlíontachta a fuarthas na hiarrachtaí suntasacha atá á ndéanamh ag mórchuid na n-iascairí le bheith ag obair laistigh de na rialacháin. Léiríonn sin freisin an córas cuimsitheach agus láidir atá i bhfeidhm chun comhlíonadh a aimsiú agus, nuair is gá sin, a fhorfheidhmiú.

Tacaítear linn inár gcuid iniúchtaí iascaigh ag an tSeirbhís Chabhlaigh agus ag an Aerchór agus is mór linn a gcuid cabhrach luachmhaire. Tá sé rithábachtach na stoic éisc a chosaint chun tionscal a chumhdach atá ina phríomhfhoinsí fostaíochta dá lán pobal cóstach ar fud na tíre agus a chuireann go mór le geilleagar na tuaithe.

Leanaimid orainn de bheith ag déanamh athbhreithnithe ar na modhanna a mbainimid úsáid astu chun neamhchomhlíonadh a aimsiú agus a dhíspreagadh ag an mionlach beag sin a bheadh sásta, b'fhéidir, na rialacha a shárú, rud a dhéanfaidh dochar do thodhchaí na hiascaireachta inbhuanaithe d'iascairí dlísteanaigh agus dá gcuid pobal. Baintear úsáid as comparáid ghabhála agus as faireachas satailíte chomh maith le córas rioscabhunaithe d'iniúchadh soithí iascaireachta a chinntíonn go mbaintear úsáid as acmhainní ÚCIM agus na Seirbhíse Cabhlach araon, atá ar fáil ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, iad ag díriú go príomha ar shoithí agus ar iascaigh a aithníodh mar chinn a bhfuil riosca níos airde neamhchomhlíontachta ag baint leo.

Is féidir teacht ar tháirgí Éireannacha níos minice i margaí Eorpacha agus ar fud an domhain. Fianaise é sin ar chlú méadaithe na hÉireann do tháirgeadh éisc agus sliogéisc den scoth. Tá sé rithábachtach go mbeadh muinín láidir ag daoine in ardchaighdeán agus i sábháilteacht bhia mara na hÉireann chun an clú seo a choimeád,

agus cuireann ÚCIM ról tábhachtach i gcrích trí réimeas láidir údaraithe, monatóireachta agus iniúchta.

Feidhmíonn ÚCIM clár cuimsitheach monatóireachta agus aicmithe a chlúdaíonn limistéir tháirgthe shliogéisc na hÉireann. Cuireann oifigigh ÚCIM breis is 1,600 sampla monatóireachta aicmithe faoinár mbráid go bliantúil le haghaidh anailíse ó bheagnach 150 ionad sampla. Ina theannta sin, deimhníonn na teastais sláinte agus na teastais ghabhála a chuirimid ar fáil gur gabhadh an t-iasc atá ar díol go dleathach, agus deimhníonn siad bunaitíocht agus sábháilteacht tháirgí bia mhara na hÉireann.

Tá mar chuid d'ár gcuid oibre i réimse na sábháilteachta bia mhara freisin faomhadh oibríochtaí gnólachtaí bia, deimhniú a bhfuil á mhaíomh ar lipéid chomh maith le sláinteachas agus caighdeán an éisc. Tá príomhról againn freisin maidir le freagra a thabhairt ar theagmhais bhia agus ar ghearáin maidir le nádúr, le substaint, le caighdeán nó le sábháilteacht táirge bhia mhara.

Leanann ÚCIM ar aghaidh lena inniúlacht reachtúil de bheith ag cabhrú cuid mhór le comhthiomsú agus le soláthar sonraí do chomhlachais agus do choistí éagsúla. Le linn na bliana, ghlac pearsanra de chuid ÚCIM páirt freisin sa chreatlach rialála ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE, ag soláthar saineolas ÚCIM. Anseo in Éirinn d'óstáil muid an chéad Chomhdháil Rialaithe Iascaigh i gcomhar leis an tSeirbhís Chabhlaigh, comhdháil a scrúdaigh cur chuige rioscabhunaithe i dtaca le hiniúchtaí. D'fhreastail ionadaithe de chuid na bpríomhghníomhaireachtaí rialaithe ar an imeacht, GERI san áireamh. Bhí áthas an domhain orainn ceardlann a óstáil dar teideal "Conas a bheith i do rialtóir éifeachtach rioscabhunaithe" do bhainisteoirí rialála mara, ceardlann a raibh an tOllamh Malcolm K. Sparrow ó Ollscoil Harvard i gceannas uirthi.

“

Nuair a chuirtear ár limistéar grinnill fharraige san áireamh, tá Éire ar cheann de na tíortha is mó san AE le cearta ceannasacha nó eisiacha thar cheann de na cóimheasanna is mó muir go talamh (breis is 10:1) atá ag ballstát ar bith de chuid an AE.

”

Ní bheifí in ann an clár suntasach oibre a chur i gcrích ar tugadh faoi le linn 2018 gan tiomantas agus gairmiúlacht fhoireann ÚCIM. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhoireann ar fad ÚCIM, agus buíochas a ghabháil leo, inár gcuid oifigí poirt thart ar an gcósta agus ag ár gCeannoifig i gCloich na Coillte as a gcuid dúthrachta le linn na bliana. Gabhaim mo bhuíochas freisin le baill an Choiste Chomhairligh um Chosaint Iascaigh Mhara as a gcuid tacaíochta leanúnaí agus a gcuid treorach luachmhaire.

Ar son an Údaráis, gabhaim mo bhuíochas freisin leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, in éineacht leis na feidhmeannaigh agus leis an bhfoireann laistigh dá roinn as a bheith ag tacú go leanúnach le ÚCIM agus an tÚdarás i mbun a chuid iarrachtaí agus gníomhaíochtaí i mbliana.



Susan Steele

CATHAOIRLEACH AN ÚDARÁIS

Ag Cosaint speiceas atá i mbaol go géar

Meastar gurb é an fardal is cuimsithí ar domhan a bhaineann le stádas domhanda caomhnaithe na speiceas bitheolaíoch ná 'Liosta Dearg Speiceas faoi Bhagairt an Aontais Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra (IUCN)'. Ar an liosta seo tá an craosaire luaite mar 'l mBaol go Géar' in uiscí an Atlantaigh Thoir Thuaidh, uiscí a chuimsíonn uiscí cóstacha na hÉireann. Níl ach dhá chatagóir níos measa ann: 'Díothaithe san Fhiántas' agus 'Díothaithe'.

Is í an ghabháil iomlán is incheadaithe don Chraosaire ná náid, le dualgas nasctha go scaoilfí láithreach gach craosaire a ghabhtar de thimpiste, cionn is, mar gheall ar a rátaí arda marthanachta, go dtéann aischur gabhálacha timpisteacha chun leasa chaomhnú an speicis. Ina theannta sin, cuireann Rialacháin an AE cosc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais bheith ag iascaireacht le haghaidh Craosairí (Lamna nasus), nó bheith á gcoimeád ar bord, nó iad a athlástáil nó a thabhairt i dtír i ngach limistéar uisce.

Le linn gnáthiniúchta soithigh iascaireachta i 2017, fuair Oifigeach um Chosaint lascaigh Mhara roinnt conablach Craosaire ar bord. Chreid an t-oifigeach gur chion a bhí ann faoi rialacha an Chomhbheartais lascaigh agus ullmhaíodh comhad don SIP.

Éisteadh an cás i 2018; phléadáil Máistir an tSoithigh lascaireachta ciontach agus gearradh fíneáil air.

Cuireann an t-ionchúiseamh seo teachtaireacht láidir do gach duine go bhfuil ÚCIM tiomanta do chosaint speiceas i mbaol, leithéidí an Craosaire agus go ndeimhneoidh an tÚdarás rialacha caomhnaithe go dian, ós rud gurbh fhéidir le fiú gníomhaíocht shrianta iascaireachta a bheith ina bhaol tromchúiseach i dtaca lena gcaomhnú.



Tuairiscí na Stiúrthóirí: Seamus Gallagher

“Ag teacht le chéile – sin tús. Ag fanacht le chéile – sin dul chun cinn. Ag obair le chéile – sin rath.”

Mar Stiúrthóir fhoirne Oibríochtúla an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara is mór an onóir arís eile bheith ag smaoineamh faoi rath shaothar na bliana seo caite inár gcuid iarrachtaí rialaithe iascaigh agus sábháilteachta bia, a dtacaíonn gach comhghleacaí leo, bódh siad lonnaithe inár gcuid Oifigí Poirt thart ar an gcósta nó ag obair ónár gCeannoifig i gCloich na Coillte.

Léiríonn an leibhéal iarrachta a chuireann ár gcuid foirne i gcrích ina ról Cigireachta go cruinn an tiomantas atá againn maidir le bheith ag tacú le gach oibritheoir gnólachta iascaigh atá ag obair le bheith ag coinneáil agus ag cothú chlú na hÉireann mar náisiún bia mara atá oscailte don ghnó.

Chomh maith le bheith ag tacú le hiarracht ghnó, i 2018 thug ÚCIM faoi bhearta suntasacha chun roinnt tionscadal a chur chun cinn ar díol suntas iad i réimse TF agus na teicneolaíochta faoi Mhaoiniú CEMI, a thacaigh lena seal lenár gcuid foirne faoi seach agus iad i mbun oibre.

I 2019 leanfar ar aghaidh le huasúsáid an mhaoinithe AE atá ar fáil chun ár gcuid feidhmeanna tuairisceoireachta agus anailíse staitisticíúla a chur chun cinn agus a uathoibriú agus ar an tslí sin beidh sonraí cruinne tuairisceoireachta faoinár gcuid tascála iarrachta rialaithe le fáil go réidh. Cuirfidh an teicneolaíocht seo ar chumas ÚCIM freisin ár gcuid iarrachtaí forfheidhmithe a thagarmharcáil le hiarrachtaí comhghleacaithe i mBallstáit a bhfuil obair den chineál céanna mar chúram acu.

Cuirfidh an méadú i líon na nOifigeach um Chosaint Iascaigh Mhara a earcaíodh le déanaí, chomh maith le hoibritheoirí speisialaithe a cáilíodh le déanaí i mbainistíocht tionscadail agus anailíse riosca in éineacht le cur tacaíochta breise foirne riaracháin, cuirfidh sin ar fad ar chumas ÚCIM saineolas a bhunú agus a chur chun cinn ina lán réimsí, réimsí nach raibh an oiread sin acmhainní ar fáil acu go dtí seo.

Agus líon ár bhfoirne ag méadú téann ár gcumas i méid freisin maidir le conas tabhairt faoi anailís níos mionsonraithe agus níos grinne faoi conas príomhghnéithe de chuid ár gcuid oibre a chur chun cinn níos fearr, rud nach féidir ach tuilleadh feabhais a chur ar ár gcuid iarrachtaí rialaithe faoi seach.

Agus mé ag iarraidh aitheantas a thabhairt d’ár mbaill fhoirne ar fad agus buíochas a ghabháil leo ina ról éagsúla gnóthacha ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair ar fad ar tugadh fúithi i 2018, chun mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl daoibh ar fad agus sibh i mbun oibre agus as bhur ndul chun cinn pearsanta laistigh d’ár n-eagraíocht an-dearfach maidir le bheith ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach daoibh féin agus do ÚCIM ina iomláine.

Faoi mar a leagann an ráiteas ó Henry Ford thuas, is cinnte go bhfuilimid gar dá shainmhíniú siúd den rath a bhaint amach, mura bhfuil sé á bhaint amach againn cheana, leoga; orainn atá sé anois, foireann 2019, mar sin de, freastal a dhéanamh ar na dúshláin agus ár gcuid cuspóirí a chur chun tosaigh le bheith in ann machnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach againn ag an am seo an bhliain seo chugainn.

Seamus Gallagher
An Stiúrthóir Oibríochtaí

Stiúrthóir na nGnóthaí Corparáideacha:

Conor O'Shea

Tá Aonad na nGnóthaí Corparáideacha freagrach as soláthar seirbhísí agus tacaíochta do Bhainisteoirí agus d'Fhoireann ÚCIM faoi nithe den chineál seo: Rialachas Corparáideach, Tuairisceoireacht Chorporáideach, Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, Tacú le Seachadadh thionscadal CEMI agus Cur i bhFeidhm Straitéise.

I 2018 thosaigh baill nua Fhoirne Riaracháin ag obair leis an aonad; tharla sin ag an am céanna is a tugadh isteach na Rialacha nua Cosanta Sonraí ó Mhí na Bealtaine 2018, Treoir an AE maidir le RGCS agus Forfheidhmiú Dlí agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018. Cuireann feidhmeanna ÚCIM iachall air sonraí pearsanta a bhailiú faoi ghníomhaíocht iascaireachta agus tuairisc a thabhairt fúthu agus téann na hathruithe a tharla mar gheall ar an Reachtaíocht i bhfeidhm go díreach ar oibríochtaí laethúla na hEagraíochta. Cheap ÚCIM Oifigeach Cosanta Sonraí agus freisin chuir an tÚdarás roinnt mhaith eolais ar a shuíomh gréasáin poiblí i dtaca le RGCS.

Bliain ghnóthach a bhí i 2018 i dtaca le seachadadh thionscadal CEMI; ba é an tionscadal ba shuntasáí a tharla ná uasghrádú chóras monatóireachta shoithí iascaireachta trí mheán comórtais soláthair. Rinneadh maoirseacht air sin ag Oifig Bhainistithe Thionscadail ÚCIM.

I 2018 leanadh ar aghaidh le torthaí anailíse GAP faoi chur i bhfeidhm Chód Cleachtais 2016 do Rialachas Comhlachas Stáit in ÚCIM. Thionóil ÚCIM cruinnithe ráithiúla leis an Roinn a bhfuil sé faoina cúram, á cur ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an Chóid, cur i bhfeidhm RGCS agus freisin faoi sheachadadh a Ráitis nua Straitéise 2018 go 2020, mar chuid dá chuid freagrachtaí ina Chomhaontú Maoirseachta agus Feidhmíochta leis an RTBM.

Chuir baill an Aonaid a gcuid dualgas i gcrích ar bhealach an-ghairmiúil agus chuidigh an méadú i líon na foirne, rud ar chuireamar an-fháilte roimhe, chuidigh sin leis an Aonad a chuid croíchuspóirí a sheachadadh do 2018.

Conor O'Shea
Tuairiscí na Stiúrthóirí



An Stiúrthóir Trádála agus Iniúchta:

Bernard O'Donovan

Lean an tÚdarás air de bheith ag forbairt agus ag treisiú nasc taidhleoireachta agus teicniúil le teagmhálacha idirnáisiúnta trádála bia mhara ar fud 2018.

Chomh maith leis an ngnáth-theagmháil le lucht tionscail agus le páirtithe leasmhara trádála nasctha, d'fhreastail an tÚdarás ar Seafood Expo Mheiriceá Thuaidh, chabhraigh sé le hóstáil agus le rannpháirtíocht i sraith thoscaireachtaí trádála isteach idirnáisiúnta bhia mhara go hÉirinn agus rinne sé idirchaidreamh le gníomhaireachtaí rialaithe thar lear agus le hoifigigh de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maidir le raon leathan ceisteanna faoi rochtain mhargaidh bhia mhara agus faoi thacaíocht theicniúil. Cuireadh i gcrích go gníomhach obair rochtana agus thacaíochta ar mhargáí easpórtála éagsúla le linn na bliana: an tSín, an Chóiré Theas, an tSeapáin, an Téaváin, Vítneam, SAM, Ceanada, stáit na Comhairle um Chomhar na Murascaille, agus tíortha eile nach iad.

Seo cuid de na príomhócáidí le linn 2018:

- Óstáil toscaireachta iascaigh ildhisciplíneach ó Phoblacht na Céinia, agus éifeacht dhéthaobhach a thabhairt don Mheamram Tuisceana idir an tÚdarás agus an Rannóg Stáit um Iascach agus um an Geilleagar Gorm sa Roinn Talmhaíochta, Beostoic agus Iascaigh i bPoblacht na Céinia.
- Ag labhairt ar son Rialtas na hÉireann ag an gComhdháil um Gheilleagar Gorm Inbhuanaithe sa Chéinia, ag forbairt nasc taidhleoireachta agus teicniúil lena gcuid contrapháirteanna sa Chéinia.
- Freastal ar Fhóram Iascaireachta faoin Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuaisricithe agus Neamhrialáilte, ag scrúdú nasc idir an iascaireacht INNN, forfheidhmiú agus pionóis, inrianaitheacht, agus ceisteanna daonnachta a bhaineann le cearta sibhialta agus sclábhaíocht ar muir.
- Rannpháirtíocht rialála i gcleachtadh inchomparáideachta a bhain le haitheantas córas isteach, cleachtadh a cuireadh i gcrích in Éirinn ag Riarachán Bia agus Drugaí SAM i dtaca le trádáil táirgí iascaigh idir Éirinn agus SAM.
- Ag dul ar aghaidh le forbairt leanúnach chaidrimh theicniúil le gníomhaireachtaí rialaithe iompórtála de chuid na Síne, trí óstáil chlár leanúnaigh intéirneach rialaithe theorainneacha na Síne.

- Ullmhúchán na heagraíochta, lena n-áirítear soiléiriú riachtanas teicniúil, pleanáil teagmhais, cumarsáid agus tadhall le príomhpháirtithe leasmhara eile faoi ullmhacht réimse na rialála iascaigh d'imeacht an RA ón AE.

Léiríodh gnéithe éagsúla obair an Údaráis sna réimsí seo: reachtaíocht trádála bia mhara, rochtain mhargaidh, deimhniú agus sábháilteacht agus caomhnú iascaigh mhara ar fud na n-ócáidí seo. Is iad cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú reachtaíochta pacáiste shláinteachais agus caomhnaithe iascaigh an AE ag an Údarás atá fós ina mbonnlínte rialála, agus is orthu seo atá córas láidir deimhnithe bhia mhara na hÉireann bunaithe. Leanadh ar aghaidh le linn na bliana de bheith ag soláthar ráthaíochta maidir leis na caighdeáin sábháilteachta agus cáilíochta bhia mhara a bhfuiltear ag súil leo i margaí idirnáisiúnta bia agus a ndéantar soláthar dóibh go sonrach i rialacháin an AE trí mheán iniúchadh agus deimhniú sláinte coinsíneachtaí easpórtála. Lean obair chomhlíonta thrádála an Údaráis uirthi de bheith ag buntacú le tionscnaimh fháis easpórtála straitéisí an Rialtais: FoodHarvest 2020 agus FoodWise 2025.

Chuimsigh easpórtálacha bhia mhara Éireannaigh chuig tíortha taobh amuigh den AE próiseáil 7,168 dteastas sláinte do 95,117 dtonna táirgí i 2018. Is iad na margaí easpórtála is mó a deimhníodh de réir mhéid na dtáirgí ná an Nigéir, an tSín agus Camarún.

Cuireadh i gcrích rialuithe oifigiúla i réimse na INNN (Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuaisricithe agus Neamhrialáilte). Bhí mar chuid de sin deimhniú 701 theastas gabhála a bhain le hiompórtáil 3,334 tona de tháirgí ó 22 thír agus bailíochtú 65 theastas gabhála d'easpórtáil 10,795 tonna de tháirgí chuig 11 thír. San iomlán tugadh 36 ghabháil dhíreach de tháirgí iascaigh ag soithí iascaireachta nach dtagann ón AE go hÉirinn; bhí de thoradh air sin iompórtáil 42,807 dtonna.

Bernard O'Donovan

An Stiúrthóir Trádála agus Iniúchta

An Stiúrthóir Tacaíochta Bia agus Iascaigh:

Paul Duane

Cabhraíonn an tAonad Tacaíochta Bia agus Iascaigh chun creatlach tacaíochta teicniúla rialála a thógáil trí sholáthar treoirlínte, próiseas agus gnáthamh, ag cur ar chumas ÚCIM, agus ag cuidiú leis, leis na feidhmeanna sin a chur i bhfeidhm atá dearbhaithe san Acht um Dhlínse Mhuirí Iascaigh Mhara, 2006.

Soláthraíonn sé tacaíocht do ghníomhaíochtaí a cheadaíonn baint amach chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta.

Leanadh ar aghaidh ar fud 2018 le hailíniú idir gníomhaíochtaí rialála ÚCIM lena chuid dualgas rialála, le forbairt leanúnach ghnáthamh agus phróiseas caighdeánaithe.

Leanadh ar aghaidh le traenáil phearsanra agus soláthar faisnéise agus comhairle teicniúla go himmheánach in ÚCIM agus freisin lenár gcuid páirtithe leasmhara seachtracha éagsúla sna réimsí seo: monatóireacht sliogéisc, sábháilteacht bhia agus rialú agus comhlíonadh iascaigh. Leanadh ar aghaidh le linn 2018 le comhordú oiliúint ÚCIM chun imlonnú ar shoithí patróil farraige a cheadú. Cheadaigh sin imlonnú shoithí patróil agus oifigigh ÚCIM bheith mar chuid d'fhoirne ilnáisiúnta iniúchta ar bord soithí de chuid Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus soithí patróil Bhallstát agus eagraíochtaí eile chomh maith.

Bhí de thoradh ar athbhreithniú bliantúil limistéar aicmithe táirgthe mhoileasc débhlascach i 2018 athbhreithniú breis is 4,900 toradh micribhitheolaíoch thar 70 limistéar aonair. Cuireadh tús le clár do chur i gcrích suirbhéanna sláintíoch go náisiúnta i 2018, le ceapadh comhordaitheora náisiúnta chun tadhall a dhéanamh leis na páirtithe éagsúla agus chun cur i gcrích an chláir shuirbhé a chomhordú.

Leanadh ar aghaidh le cumarsáid le gníomhaireachtaí eile stáit agus le fóraim éagsúla idirnáisiúnta chun ailíniú a chinntiú i gcur i bhfeidhm rialachán le gníomhaireachtaí eile rialaithe, agus go nglactar le dea-chleachtas. Ghlac baill an aonaid páirt i bhfóraim éagsúla tionscail agus phoiblí, iad ag cur le feasacht na ndaoine maidir le riachtanais rialála agus iad ag cur comhlíontacht chun cinn.

Éileoidh tabhairt isteach an Rialacháin Rialuithe Oifigiúla (AE) 2017/625 i dtreo dheireadh 2019 coigeartú maidir le feidhmíocht rialuithe oifigiúla agus cuirfidh an t-aonad ról riachtanach i gcrích maidir le cinntiú thabhairt isteach cleachtas nua chun ailíniú leis an rialachán a chinntiú.

Éileoidh cur i bhfeidhm an Dualgais Tabhairt i dTír in iascaigh pheiligeacha agus in iascaigh grinnill araon scaipeadh leanúnach eolais chuig na páirtithe leasmhara agus coigeartú i dtaca leis an tslí ina mbíonn ÚCIM ag cur i gcrích gníomhaíochtaí chun rialú agus comhlíonadh éifeachtacha a chinntiú chomh maith le hailíniú riachtanas eile rialála. Leanfaidh an tAonad Tacaíochta Bia agus Iascaigh air freisin de bheith ag fiosrú modhanna malartacha chun comhlíonadh na rialachán Dualgais Tabhairt i dTír a chinntiú.

Paul Duane

An Stiúrthóir Tacaíochta Bia agus Iascaigh



An Stiúrthóir Airgeadais: Louise Murphy

Soláthraíonn Aonad Airgeadais ÚCIM tacaíocht agus comhairle airgeadais straitéiseach agus oibríochtúil d'aonaid ghnó ÚCIM sa tslí gur féidir leo cuspóirí agus feidhmeanna reachtúla na heagraíochta a bhaint amach.

Fuair agus bhainistigh an tAonad Airgeadais buiséad de bhreis is €10milliún i 2018. Cuireadh maoiniú ar fáil faoi fhocheanteideal C.8 den Vóta 30, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do ÚCIM faoi Chlár Oibríochtúil RTBM, le tacaíocht ó CEMI. I 2018 ba é méid an ioncaim thionscadail a fuarthas maidir leis an gcaiteachas a tabhaíodh faoin gClár ná €1,192,725.

Bhí Ráitis Airgeadais ÚCIM faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tá an tuairisc iniúchta ón ARCC mar chuid den ráiteas airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

I 2018 chuir ÚCIM i gcrích a Phlean Soláthair Chorparáidigh do 2018-2020. Aithníonn an plean bearta praiticiúla agus straitéiseacha ar féidir iad a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar thorthaí soláthair. Aithníonn an plean freisin cineálacha cur chuige maidir le baint amach luach airgid; ag cinntiú go gcuirtear i gcrích soláthar ar bhealach comhordaithe agus straitéiseach; cuíchóiriú na bpróiseas soláthair sin ar ann dóibh cheana; agus aithint deiseanna coigiltis. Tá mionsonraí tugtha ag ÚCIM faoi na polasaithe agus na gnáthaimh atá i bhfeidhm chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirilínte reatha soláthair a chinntiú.

Cuireann an tAonad Airgeadais príomhról i gcrích maidir le cinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tá a fheidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag ÚCIM agus faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tugadh faoi 3 iniúchadh inmheánacha chorparáideacha le linn 2018. Áirítear ar na hiniúchtaí: athbhreithniú ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, athbhreithniú ar rialuithe ginearálta TF (a bhaineann go sonrach leis an gcóras airgeadais) agus athbhreithniú ar bhainistiú sláinte agus sábháilteachta. Soláthraíodh freagraí bainistithe do na moltaí iniúchta inmheánaigh a d'éascair agus a tuairiscíodh don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus comhaontaíodh pleananna cuí gníomhaíochta ceartaithí atá á gcur i bhfeidhm.

Tarlóidh athruithe suntasacha i 2019 mar gheall ar an mBreatimeacht agus leanfaidh an tAonad Airgeadais air de bheith ag soláthar tacaíochta agus comhairle airgeadais d'aonaid ghnó ÚCIM sa tslí gur féidir leo ullmhú cuí a dhéanamh do riachtanais a bhaineann le cúrsaí Breatimeachta.

Chuir baill an Aonaid Airgeadais a gcuid dualgas i gcrích ar bhealach an-ghairmiúil agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo ar fad ó chroí as a gcabhair agus as a dtiomantas.

Louise Murphy
An Stiúrthóir Airgeadais

An Stiúrthóir Acmhainní Daonna: Yvonne Grant

Bliain ghnóthach spreagúil don Aonad Acmhainní Daonna a bhí i 2018.

Le linn mhórchuid na bliana díródh ar earcú agus ar thabhairt ar bord acmhainní breise agus san iomlán líonadh 28 bpost le linn na bliana. Cuireadh le chéile painéal nua Oifigeach Cosanta lascaigh Mhara i R3, agus ceapadh triúr déag as sin. Thug an grúpa seo faoi dhianchlár oiliúna dhá sheachtain déag a chuimsíonn Oiliúint Sábháilteachta Bia, Rialú lascaigh, oiliúint DLí agus forfheidhmithe chomh maith le hoiliúint phraiticiúil sula sanntar ar a bPort baile iad.

Seo cuid de bhuaicphointí na bliana:

- Tharla próiseas Chóras Bainistithe Fheidhmíochta agus Forbartha (CBFF) i ndara ráithe 2018. Fuair an fhoireann oiliúint faoi phróiseas CBFF agus chuir gach ball pearsanra athbhreithniú feidhmíochta i gcrích lena mbainisteoir.
- Dréachtaíodh Plean Traenála do 2019 mar thoradh ar na hathbhreithnithe feidhmíochta seo.

- Déanann gach earcach nua freastal ar chlár cuimsitheach ionductúcháin, agus déantar monatóireacht ar fheidhmíocht trí mheán athbhreithnithe promhaidh a dhéantar tar éis 3 mhí, 6 mhí agus 9 mí.
- Cuireadh Comhaontú Gnáthaimh IR i gcrích idir ÚCIM agus an cheardchumann ionadaíoch FORSA i Mí Iúil 2018, chun cabhrú le dea-chaidreamh a chothabháil agus le cur chuige sláintiúil, comhoibríoch agus comhairleach a fhorbairt. Bunaíodh Comhchomhairle anois idir FORSA agus ÚCIM; tarlaíonn Cruinnithe de chuid na Comhchomhairle dara gach mí.
- Fostaíodh soláthróir nua Cabhrach Fostaithe agus seoladh Clár Folláine i Mí Dheireadh Fómhair.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill na foirne AD agus Sláinte & Sábháilteachta as a gcabhair luachmhar le linn na bliana.

Yvonne Grant
An Stiúrthóir Acmhainní Daonna



Tacaigh

Tacaigh leis an eagraíocht chun feabhas a bhaint amach trína foireann. Bíonn ár n-éifeachtacht maidir lenár bhfís a bhaint amach ag brath ar scileanna, ar chumas agus ar ghairmiúlacht ár bhfoirne agus ár gcuid struchtúr.



Rialachas Corparáideach 2018

Leagann Cód Cleachtais 2016 do Rialachas Comhlachas Stáit amach na híoschaighdeáin a bhfuil ar Chomhlachais Stáit, leithéidí ÚCIM, feidhmiú dá réir, agus ghlac an tÚdarás leis an gCód sa mhéid go mbaineann sé le ÚCIM.

Ina theannta sin leagann an tAcht um Iascaigh Mhara agus um Dhlínse Muirí riachtanais rialachais freisin do ÚCIM, riachtanais a chuirtear in ionad fhorálacha an Chóid. Sholáthair ÚCIM deimhniú don Roinn a bhfuil sí faoina cúram, RTBM, go raibh sé ag cloí leis an gCód sa mhéid go mbaineann sé le ÚCIM.

Shínigh an tÚdarás Comhaontú Maoirseachta agus Feidhmíochta le RTBM i 2017, mar a gcuirtear síos ar chur i bhfeidhm an Chóid ag ÚCIM faoi Rialachas RTBM. I 2018 thionóil ÚCIM agus RTBM cruinnithe foirmeálta ráithiúla mar ar sholáthair ÚCIM faisnéisithe mionsonraithe faoi tháirgí insoláthartha atá leagtha amach sa chomhaontú sin chomh maith le faisnéis faoi aon nithe ábhartha eile a bhaineann le rialachas corparáideach.

Cruinnithe Údaráis

Tionóladh ceithre chruinniú Rialachais Údaráis i 2018, agus d'fhreastail Baill ar fad an Údaráis orthu. Chomh maith le ceithre chruinniú Rialachais Údaráis chas baill an Údaráis ar a chéile go foirmeálta ocht n-uaire eile i 2018.

Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin Timpeallacht

Tá ÚCIM faoi réir ag an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (Acht SF) agus tá treoir acu do bhaill an phobail faoi conas teacht ar thaifid faoi SF ó ÚCIM; tá an treoir ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag sfpa.ie.

Faoin Rialachán um Rochtain ar Fhaisnéis faoin Timpeallacht (RFT), ní mór faisnéis a bhaineann leis an timpeallacht atá á coimeád ag údarás poiblí, nó ar a shon, a chur ar fáil ar iarratas, faoi réir ag eisceachtaí áirithe. Feidhmíonn na Rialacháin RFT go comhthreormhar le hAcht SF. Cé go bhfuil an dá chód reachtaíochta cosúil lena chéile, go hachomair, (i dtaca le faisnéis timpeallachta), tá rialacháin RFT agus Achtanna SF difriúil sa mhéid go gclúdaítear raon níos leithne údarás poiblí ag Rialacháin RFT ná ag reachtaíocht SF. Is ann do dhifríochtaí ábhartha freisin maidir leis na cúiseanna sin gur féidir diúltú do rochtain ar fhaisnéis faoin dá chód reachtaíochta. Tá treoir faoi conas iarratas RFT a dhéanamh ar fáil ag www.sfpa.ie freisin.

I 2018 fuair ÚCIM deich n-iarratas SF ach ní bhfuarthas aon iarratas ar fhaisnéis faoi na Rialacháin RFT.

Nochtuithe Cosanta

Tá Doiciméid mhionsonraithe Treorach forbartha ag ÚCIM do bhaill fhoirne ÚCIM agus d'oibrithe ó thaobh amuigh de ÚCIM, ar féidir gur mian leo nochtú cosanta a dhéanamh do bhall de chuid an Údaráis faoi Ionstraim Reachtuil 339 ó 2014. Foilsítear treoir d'oibrithe seachtracha ar shuíomh gréasáin ÚCIM. Lean ÚCIM air de bheith ag soláthar traenála don Fhoireann go háirithe mar chuid den traenáil Ionduchtúcháin do bhaill fhoirne nua faoi Nochtuithe Cosanta agus faoi nithe eile a bhaineann le Rialachas Corparáideach. I 2018 fuarthas nochtú cosanta amháin a raibh breithniú fós á dhéanamh faoi ag deireadh na bliana.

Gearáin Alt 49

Tá oifigeach gearán ag ÚCIM ó thaobh amuigh den Údarás chun breithniú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt go neamhspleách faoi ghearáin a dhéantar faoi Alt 49 den Acht um Iascaigh Mhara agus Dhlínse Muirí 2006. Is féidir gearán scríofa a chur faoi bhráid an Oifigigh Ghearáin sa phost.

Ní féidir le gearáin faoin ngnáthamh seo bheith ag baint ach le forfheidhmiú iascaigh mhara nó dlí shábháilteachta bhia. Is féidir le gearánaithe gearán a dhéanamh d'Oifigeach Gearáin Alt 49 ag aon am níos lú ná 28 lá tar éis na heachtra. Is féidir gearáin a dhéanamh ar son duine aonair ag a n-eagraíocht táirgeora nó ag aon eagraíocht ionadaíoch aitheanta eile.

I 2018 fuarthas ceithre ghearán Alt 49 ag Oifigeach Gearáin Alt 49 ÚCIM. Ní raibh torthaí na ngearán tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana. I 2018 fuair ÚCIM an tuairisc ó ghearánaí Alt 49 ó 2017 agus cuireadh sin san áireamh i bhfoirm eisiúna treorach sonraí chun cur chuige comhchuibhithe a chinntiú i dtaca leis na rialuithe oifigiúla sin.

Caighdeán do sholáthar faisnéise ag comhlachais faoi choimirce Rann Rialtais



Cuireadh Nós Imeachta Dála i bhfeidhm i 2016 a leag caighdeán amach do sholáthar faisnéise ag comhlachais faoi choimirce Rann Rialtais. Seo a leanas na príomhriachtanais:

1. Seoladh ríomhphoist tiomanta a sholáthar agus a chothabháil do bhaill an Oireachtais, agus seo a fhógairt/a phoibliú do bhaill.
2. Cloí leis na spriocdhátaí agus leis na caighdeáin agus na téarmaí admhála agus freagraí substaintiúla ar cheisteanna, mar seo a leanas:
 - Am freagartha le haghaidh admhála – dhá lá oibre;
 - Ba chóir go dtabharfaí, mar chuid den admháil, sonraí teagmhála don oifigeach atá ag plé leis an gceist;
 - Am freagartha do fhreagra substaintiúil – 10 lá (14 lá roimhe seo);
3. Conair oiriúnach mheicníochta/mhéadaithe a bhunú, go himheánach laistigh den chomhlachas agus go seachtrach laistigh den Roinn.
4. Duine a ainmniú ag an leibhéal bainistíochta sinsearaí le freagracht as soláthar tráthúil faisnéise a chinntiú do Thithe an Oireachtais agus dá gcuid ball.
5. Próiseas foirmeálta aiseolais a chur i bhfeidhm chun aiseolas a fháil ó bhaill an Oireachtais, i.e. trí mheán suirbhéanna tráthrialta.
6. Tuairisciú go bliantúil (ina dtuarascáil bhliantúil) faoi chaighdeáin chomhlíontachta.

I 2018 ní bhfuair ÚCIM aon iarratais ar sholáthar faisnéise go díreach ó Bhaill an Oireachtais; atreoraíodh, áfach, seacht gceist Pharlaiminte ón Roinn Talmhaíochta chuig ÚCIM agus tugadh freagra díreach don Bhaill Oireachtais ábhartha laistigh den spriocdháta 10 lá ó fuarthas iad go dtí gur eisíodh freagra substaintiúil.

Tabhairt isteach RGCS

Ar 25 Bealtaine 2018 bhí feidhm le Rialachán nua Eorpach a bhain le RGCS; ar an lá céanna bhí feidhm le Reachtaíocht Náisiúnta, Acht um Chosaint Cosanta 2018, maidir leis an gceist chéanna. Ós rud é go bhfuil feidhm Fhorfheidhmithe Dhlí ag ÚCIM bhí Treoir ar leith de chuid an AE, an Treoir um Fhorfheidhmiú Dlí, a raibh feidhm léi i 2018, infheidhmithe. Thug ÚCIM faoi roinnt mhaith oibre roimh thabhairt isteach RGCS i Mí na Bealtaine 2018 agus leanadh ar aghaidh leis an obair seo le linn na bliana.

- Faisnéisiú ó na Bainisteoirí Sinsearach faoi RGCS agus na príomhfhórlacha a bhaineann leis
- Traenáil tionscnaimh do gach bainisteoir agus do gach ball foirne in Aonaid Cheannoifige
- Faisnéisiú RGCS do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ÚCIM.
- Fardal na sonraí pearsanta atá á gcoimeád ar fud na heagraíochta curtha i gcrích
- Fardal Roinnte Sonraí curtha i gcrích
- Athbhreithniú á dhéanamh ar na comhaontuithe roinnte sonraí le Foras na Mara & le BIM
- Oifigeach Cosanta Sonraí ÚCIM ceaptha agus fógartha don Choimisiún um Chosaint Sonraí
- Polasaí nua Coimeádta agus Diúscartha Sonraí Foilsithe
- Gnáthamh Iarratais Duine ar a Shonraí nuashonraithe ar an suíomh gréasáin ar 24 Bealtaine 2018.
- Fógra Próiseála Cothroime (FPC) RGCS ÚCIM foilsithe ar an suíomh gréasáin agus Foireann ÚCIM curtha ar an eolas faoi.
- Tús curtha le Cor Poist faoi Fhógra Próiseála Cothroime ÚCIM do gach custaiméir ÚCIM.
- Plean Freagartha Sháraithe Sonraí ÚCIM nuashonraithe maidir le dualgaí RGCS.
- Scrúdú agus Athbhreithniú ar an mBille um Chosaint Sonraí a foilsíodh ar 25 Bealtaine 2018.
- Cruthaíodh Réimse nua ar Shuíomh Gréasáin Poiblí ÚCIM do RGCS.



CEMI 2018

Is é atá sa Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) ná an ciste do pholasaithe muirí agus iascaigh an AE do 2014-2020. Ceann de chúig Chiste Struchtúracha agus Infheistíochta (CSI) na hEorpa a chomhlánaíonn a chéile agus a dhéanann iarracht téarnamh fáis agus postbhunaithe a chur chun cinn san Eoraip.

Leithdháiltear cion de bhuiséad iomlán an Chiste ar gach tír, agus ansin leagann siad amach clár oibríochtúil, ag rá conas a bhfuil sé i gceist acu an t-airgead a chaitheamh. Is iad tosaíochtaí na hÉireann maidir le Clár Oibríochtúil Iascaigh na hÉireann ná:

1. Cothú iascach atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de, éifeachtach ó thaobh acmhainní de, nuálach, iomaíoch agus eolasbhunaithe.
2. Cothú dobharshaothraithe atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de, éifeachtach ó thaobh acmhainní de, nuálach, iomaíoch agus eolasbhunaithe.
3. Cur i bhFeidhm an Chomhbheartais Iascaigh (CBI).
4. Méadú fostaíocht agus comhtháthú críche.
5. Cothú margaíochta agus próiseála.
6. Cur i bhfeidhm an Bheartais Mhuirí Chomhtháite (BMC)
7. Cabhair theicniúil.

Dlúthchuid de CBI athchóirithe agus leasúcháin atá sa chiste a éascaíonn tionscadail chun feabhas a chur ar iarrachtaí rialaithe mhonatóireachta agus forfheidhmithe agus chun rialú níos fearr a sholáthar trí thionscnaimh den chineál seo a leanas:

- Cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua,
- soláthar oiliúna ardleibhéil
- cothú comhlíontachta.

Mar rialtóir náisiúnta earnáil an bhia mhara in Éirinn, tá ról rithábhachach le cur i gcrích ag ÚCIM sna réimsí bunriachtanacha seo. I 2018, leithdháileadh thart ar €1.14m ar raon tionscadal cáilithe; tionscadail ilbhliantúla iad go leor acu seo anois a cuireadh chun cinn nó a tionscnaíodh le linn na bliana faoi mar a chuirtear síos air thíos.



Cothú Comhlíonta

Cuireadh tús leis an tionscadal seo i 2016, agus is é an cuspóir atá leis ná feasacht a spreagadh faoin CBI (Comhbheartas Iascaigh) i measc páirtithe leasmhara laistigh de phobal iascaireachta na hÉireann. I 2018 bhí i measc na dtionscnamh agus na dtionscadal a thacaigh leis an téama seo forbairt suímh ghréasáin nua ÚCIM agus forbairt treoirleabhar sothuigthe le tacú le agus le heolas a dhéanamh do na príomhriachtanais rialála.

Feabhsuithe ERS

Soláthraíonn an tionscadal ilbhliantúil seo trealamh athsholáthair do logleabhair leictreonacha soithigh iascaireachta agus do ghléasanna iniúchta d'Oifigigh Cosanta Iascaigh Mhara ÚCIM. Nuair a chuirtear an tionscadal seo i gcrích soláthrófar na buanna seo a leanas:

- Monatóireacht fheabhsaithe shonraí shoithí iascaireachta i bhfíoram le tacú le gníomhaíochtaí rialaithe
- Feabhas a chur ar ghabháil fhaisnéise ERS ó shoithí iascaireachta
- Sonraí ERS a sholáthar do na húdaráis Rialaithe le haghaidh anailíse agus freisin iad a mhalartú le Ballstáit eile de réir mar a theastaíonn

I 2018 dhírigh an tionscadal ar fheidhmiú céimneach agus ar shuiteáil logleabhar leictreonach athsholáthair do shoithí iascaireachta, le ráta cur i gcrích 60% faoi Nollaig 2018. Tá an tsuiteáil seo le bheith críochnaithe i 2019.

Cabhair Theicniúil

Le tacaíocht a sholáthar do na húdaráis Rialaithe maidir le seachadadh gach tionscadal ÚCIM a bhaineann le CEMI faoi chlár oibríochtúil CEMI na hÉireann, cinntíonn an tionscnamh Cabhrach Teicniúla an cur i bhfeidhm agus bainistiú rafar trasna gach tionscadail, maoirseacht, riarachán, bainistiú airgeadais agus rialú san áireamh do na tionscadail fhoriomlána.

Leanfar ar aghaidh leis an sruth seo le linn chlár oibríochtúil CEMI (2014-2020).

Measúnú Iniúchta

Agus é á réachtáil le linn 2014-2020, is é cuspóir an tionscadail seo ná feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na seirbhíse Rialaithe agus Iniúchóireachta. Soláthraíonn an Measúnú Iniúchta measúnú neamhspleách den chreatlach bhainistíochta agus rialaithe a bunaíodh ag ÚCIM le cur i bhfeidhm rafar rialacha CBI a chinntiú. Le linn 2018 chuir ÚCIM ceithre mheasúnú iniúchta i bhfeidhm a chlúdaigh na réimsí seo a leanas a dtacaítear leo ag an maoiniú seo:

- Rialuithe Oifigiúla faoin Dualgas Iasc a Mheá
- Rialuithe Oifigiúla faoi Chomhlíonadh le deiseanna iascaireachta.

Conas a bheith i do rialtóir éifeachtach rioscabhunaithe

Rinneadh ceardlann a óstáil dar teideal ‘Conas a bheith i do rialtóir éifeachtach rioscabhunaithe’ ag ÚCIM; ceardlann ar theastaigh cuireadh le freastal uirthi atá ann do bhainisteoirí sinsearachas iascach mara agus ghníomhaireachtaí rialála muirí faoi bhainistiú straitéiseach ghníomhaireachtaí rialála agus forfheidhmithe. Agus an tOllamh Malcolm K. Sparrow ó Ollscoil Harvard, ar duine de phríomhshaineolaithe an domhain é, i gceannas uirthi, tharla an imeacht 3 lá sa Lárionad Náisiúnta Muirí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí. I measc na bhfreastalaithe ar an gCeadlann bhí ionadaithe ó ÚSBÉ, ó na Coimisinéirí Ioncaim, An Garda Síochána, GCC, ÚCNÉ, An tAerchór, An tSeirbhís Chabhlaigh, RC, RTBM agus ionadaithe idirnáisiúnta ó DG Mare agus GERI, HMRC, Údarás Rialaithe Iascaigh in Albain, sa Spáinn, sa Chipir agus san Íoslainn.

Oiliúint agus Malartú Foirne

Tionscadal ilbhliantúil is ea oiliúint agus malartú foirne, ar cuireadh tús leis i 2015 agus a bheidh ar siúl go dtí 2020. Tá mar chuid de seo forbairt chlár oiliúna agus malartaithe idir na Ballstáit i monatóireacht, rialú agus faireachas gníomhaíochtaí iascaigh; cothaítear agus tacaítear freisin le córais anailíse riosca a chothóidh réimeas iniúchta farraige agus faireachais aier atá níos éifeachtaí, chomh maith le réimeas ailínithe cladachbhunaithe. I 2018 reáchtáladh roinnt tionscnamh oiliúna ar fud na bliana mar chuid den tionscadal seo, lena n-áirítear cúrsa oiliúna faoi Theicneolaíocht Trealamh Iascaireachta do OCIM, a rinne scrúdú ar roghnaíocht trealamh thrálaeir agus a shólathair tuiscint faoin trealamh thrálaeir a úsáidtear in iascaigh éagsúla in Éirinn, ag míniú a meicníochta gabhála faoi seach.

D'éascaigh maoiniú CEMI freisin oiliúint rialtóra do OCIM agus do bhaill fhoirne nua i 2018, ag soláthar tuisceana do na rannpháirtithe maidir leis an gcóras dlí, an reachtaíocht agus an chaoi a bhfuil sí comhtháite i gcóras na hÉireann.

Tomhas Chumas an Innill

Tá Oifig Shuirbhéireachta na Mara (OSM) freagrach as cur i bhfeidhm reachtaíochta mara agus is í an t-údarás inniúil d'fhoilsiú agus d'fhaomhadh cheisteanna teicniúla a bhaineann le dearadh nó le mionathruithe i soithí atá cláraithe in Éirinn. Tacaítear leis an tionscadal Tomhais Chumais Innill ag maoiniú CEMI agus i gcomhar leis na OSM, ba é an cuspóir a bhí leis ná toilleadh náisiúnta a fhorbairt chun cumas innill bhád iascaireachta farraige a thástáil atá cláraithe in Éirinn; bhí mar chuid de sin forbairt phróisis láidir do dheimhniú cumais innill ar bord soithí iascaireachta, ag soláthar an chumais bheith in ann soithí neamhchomhlíontacha a aithint nuair is ann dóibh agus le soithí comhlíontacha a aithint agus a chur as an áireamh. Forbraíodh an tionscadal, a tugadh chun críche i 2018,

de réir an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), a éilíonn rialú chumas innill na soithí iascaireachta.

Tairseach Sheachtrach Nótaí Díolacháin

Cuirtear nótaí díolacháin faoi bhráid na n-údarás chun chéad díolachán éisc a thaifeadadh agus bíonn siad riachtanach do gach soitheach Éireannach agus neamhÉireannach a thugann i dtír i bpoirt na hÉireann. Cuirtear iad faoi bhráid na n-údarás ag an gceannaitheoir trí thairseach sheachtrach agus is féidir iad a uaslódáil ar an mórchóir freisin ag comharchumainn agus ag oibreoirí. I 2018, thacaigh an Tionscadal Nótaí Díolacháin, a maoiníodh trí CEMI, agus a cuireadh i bhfeidhm ag rannóg BTF RTBM, leis an riachtanas chun an tairseach seachtrach a athfhorbairt chun comhlíontacht a chinntiú leis an Dualgas Tabhairt i dtír agus malartú Nótaí Díolacháin a chur i bhfeidhm de réir caighdeáin nua idirnáisiúnta. Sholáthair an tionscadal seo tacaíocht chabhrach dheontais do na comharchumainn agus na hoibreoirí buailte chun an córas atá i bhfeidhm acu cheana a chur in oiriúint do na hathruithe sna teachtaireachtaí a bhaineann leis na Nótaí Díolacháin.

Córais Mhonatóireachta Shoithigh

Go dtí seo, sholáthair ÚCIM eilimint trealamh shoithigh iascaireachta an chórais mionathóireachta shoithigh (CMS) atá i bhfeidhm in Éirinn ó bhí 2012 ann. Le maoiniú CEMI, athróidh an tionscadal seo na haonaid CMS ar ann dóibh cheana ar shoithí iascaireachta ar fad na hÉireann atá níos mó ná 12 mhéadar ar fad san iomlán a cheadóidh monatóireacht leanúnach ghníomhaíochta ar gach soitheach Éireannach, faoi réir ag rialacháin an AE agus rialacháin eile. Is tionscadal ilbhliantúil é seo; cuireadh Céim 1 i gcrích i 2018 a chuimsigh ceannach agus seachadadh aonad nua CMS. Beidh mar chuid de Chéim 2, a gcuirfear tús léi i 2019, feidhmiú céimneach agus suiteáil na ngléasanna seo ar 300 soitheach.

Obair Athfhorbartha IFIS

De thoradh ar mhaoiniú CEMI, seachadadh roinnt tionscnamh agus tionscadal ag foireann BTF na Roinne le linn 2018 chun feabhas a chur ar chumais ÚCIM. Le tacaíocht ó ÚCIM chun na tionscadail seo a sheachadadh bhí mar chuid de mionathruithe agus feabhsuithe ar na córais ar ann dóibh cheana agus teicneolaíochtaí feabhsaithe chun tacú le bearta éifeachtacha rialaithe agus forfheidhmithe. Áirítear ar na tionscadail a cuireadh i bhfeidhm i 2018:

- Cur i bhfeidhm formáide caighdeánaí do mhalartú sonraí ar fud an AE do sheirbhísí leithéidí Gníomhaireacht Iascaireachta agus Nótaí Díolacháin.
- Feabhsuithe don rianaire shoithigh, ag soláthar amharc aonair shuíomh an tsoithigh agus faisnéis chuairte iascaireachta agus tacaíocht le gníomhaíochtaí rialaithe iascaigh mhara.

Teicneolaíocht Trealaimh

Dírítear an cúrsa oiliúna seo, a sholáthraítear ag Seafish UK, ar bhainisteoirí iascaigh, reachtóirí, taighdeoirí, ENR agus aon ghrúpaí nó daoine aonair a bhfuil spéis acu san earnáil ghabhála agus ar mhaith leo cur leis an eolas atá acu faoin trealamh a úsáidtear ag an tionscal iascaireachta ar fud na hÉireann agus na Breataine.

Cúrsa praiticiúil agus an-fhaisnéiseach atá ann a scrúdaíonn roghnaíocht cineálacha éagsúla trealaimh, ag úsáid raon leathan trealamh samplach tráil, léirithe sa tanc flúma 21m x 8m x 3m, le tacaíocht ó láithreoirí, scannánaíocht fhíseáin faoi Uisce agus plé chun cur síos cruinn a sholáthar do na rannpháirtithe maidir leis an trealamh tráil a úsáidtear ag iascairí Éireannacha agus ón AE.



Figiúr 1: Doirse tráil ar taispeáint sa tanc flúma; is é feidhm na ndoirse ná an líon a choinneáil oscailte san uisce.

Léiríodh gach trál sa tanc flúma le míniú ar chodanna éagsúla an rige (doirse tráil, dearadh líon trealaimh thalaimh, srl.) agus conas a théann siad i bhfeidhm ar fheidhmíocht fhoriomlán an tráil maidir le spriocspeiceas, roghnaíocht, iarmhairt ghrinnill agus éifeachtacht.

Bhí feidhmiú ghléasanna éagsúla roghnaíochta ar fad san áireamh, leithéidí painéil deighilteora, greillí, painéil mogaill chearnógaigh, lena n-áirítear cinn tráil mhogaill chearnógaigh srl, agus bhí sé éasca feiceáil conas a fheidhmíonn siad sa tanc flúma.



Figiúr 2: Líon tráil caighdeánach grinnill



Figiúr 3: Líonta tráil bhíoma ilrigí

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta & Riosca

Is achoimre í tuairisc seo Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ÚCIM ar a chuid príomhfheidhmeanna agus príomhaschur don bhliain airgeadais dar deireadh 31 Nollaig 2018.

Ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Peter Cowap – Cathaoirleach (Eatramhach)

Pat Farrell

Brendan O'Shea

Rav Vithaldas

D'éirigh Donal O'Rourke agus Tom Ryan as mar Bhaill an Choiste Iniúcháireachta & Riosca ar 25 Meitheamh 2018, tar éis don bheirt acu freastal le 10 mbliain anuas. Ceapadh Peter Cowap agus Rav Vithaldas don Choiste ar 4 Meán Fómhair, 2018. Shocraigh Muireann O'Neill nach mbeadh sí ag lorg athcheapacháin agus d'éirigh sí as mar Chathaoirleach an Choiste ar 22 Deireadh Fómhair 2018, ta réis di a téarma oifige a chur i gcrích. Ceapadh Peter Cowap mar Chathaoirleach Eatramhach ar 12 Samhain 2018. Is mian leis an gCoiste aitheantas foirmeálta a thabhairt d'aird, do thiomantas agus do sheirbhís thriú iarBhall an Choiste, ar bhonn aonair agus mar ghrúpa.

Cruinnithe Coiste

Cuireann Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca iachall ar an gCoiste bualadh le chéile ceithre huaire ar a laghad le linn gach bliana airgeadais. Bhuaill an Coiste le chéile 6 huaire i 2018, is é sin le rá: 3 Aibreán, 25 Meitheamh, 23 Iúil, 4 Meán Fómhair, 12 Samhain agus 12 Nollaig, 2018.

Ina theannta sin tugadh cuireadh do na daoine seo freastal ar chruinnithe: Ball an Údaráis Micheál O'Mahony, an Stiúrthóir Airgeadais, Louise Murphy agus, de réir iarratais, an Stiúrthóir Tacaíochta Trádála, Iniúcháireachta Inmheánaí agus INNN, Bernard O'Donovan. Tugadh cuireadh do Bhaill agus d'Oifigigh eile an Údaráis bualadh le chéile agus tuairisc a thabhairt don Choiste faoi cheisteanna sonracha, m.sh. Sláinte & Sábháilteacht, AD. D'fhreastail an tIniúcháir Seachtrach Inmheánach ar chruinnithe de réir mar a theastaíonn chun nuashonrú a sholáthar faoin bPlean Iniúcháireachta Inmheánaí agus faoin dul chun cinn chuige sin, ar fud 2018.

Róil & Freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta & Riosca

Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an Údarás maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí a bhaineann leis na rudaí seo:

- Sláine an Chórais Airgeadais, an próiseas tuairisceoireachta airgeadais san áireamh.
- An próiseas Bainistithe Riosca.
- An Córas Rialaithe Inmheánaigh
- An caidreamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC).
- Próiseas agus rialuithe inmheánacha ÚCIM do mhonatóireacht chomhlíonadh chur i bhfeidhm na Rialuithe Oifigiúla i réimsí na n-iascach farraige, na sábháilteachta bia mhara, Sláinte agus Sábháilteachta agus dlíthe agus rialacháin eile a bhaineann le hábhar.
- Cód Iompair ÚCIM
- Feidhmíocht fheidhm Iniúchta Inmheánaigh Theicniúil agus Chorporáidigh an Údaráis agus Iniúcháirí gaolmhara Neamhspleácha.

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca freagrach as comhairle a thabhairt don Údarás maidir leis an gceist an bhfuil nó nach bhfuil réimeas cuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ach ní do cheapadh ná do chur i bhfeidhm a leithéid de réimeas.

Chuimsigh an obair agus na réimsí ar díriodh orthu ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca le linn 2018 na rudaí seo:

1. Cuireadh i gcrích iniúchtaí teicniúla inmheánacha maidir le Rialuithe Sábháilteachta Bia agus lascaigh faoi mar a iarradh ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Bhí mar chuid de na hiniúchtaí athbhreithniú ar éifeachtacht na Rialuithe Oifigiúla a bhain le: Meá Éisc, Comhlíonadh Deiseanna lascaireachta agus Cros-seiceálacha Sonraí.
2. Tugadh faoi obair leantach faoi stádas ullmhacht an Údaráis do RGCS.
3. Tionóladh cruinnithe le baill an Údaráis le linn na bliana.

Bainistiú Riosca

Ceann de phríomhróil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ná athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an phróisis Bhainistithe Riosca.

1. Thosaigh beirt Bhall breise a bhfuil saineolas acu i dtaca le Rialachas, Bainistiú agus Comhlíonadh Riosca (BCR) ag obair leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca i 2018.
2. Tugadh faoi athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht ról an Choiste a chinntiú, lena n-áirítear BCR agus sásúlacht fhoinsí ráthaíochta an Choiste.
3. Athbhreithniú leanúnach ar chlár riosca ÚCIM, cur chuige ÚCIM i dtaca le riosca agus ráiteas inghlacthachta riosca ÚCIM.
4. Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar Chlár Sláinte & Sábháilteachta an Údaráis i 2018.
5. Rinneadh breithniú faoi agus tugadh chun cinn an Plean Iniúchta Inmheánaigh Theicniúil agus Chorporáidigh do 2019.
6. Leanadh ar aghaidh le teagmháil dhearfach leis an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste mar Iniúcháirí Seachtracha.

Tosaíochtaí do 2019

1. Comhlíontacht Phlean Iniúchta Inmheánaigh ÚCIM a chinntiú do 2019 agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí.
2. Athbhreithniú leanúnach ar Chlár Riosca ÚCIM, díriú ar ábhar iarmhairt BHRETIMEACHT san áireamh.
3. Dul i dteagmháil leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le sásamh iniúchta a sheachadadh.
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuairiscí Iniúchta EU EC chun a n-ábhar iarmhairte a thuiscint agus a mheasúnú ar chomhlíontacht an Údaráis maidir le Réimeas EU OC.
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Bliantúil Rialaithe Inmheánaigh don Údarás.

Conclúid

Ba mhaith le baill an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca aitheantas a thabhairt don chomhoibriú agus don chabhair a fuarthas le linn na bliana ó fhoireann ÚCIM.

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca sásta go bhfuil, go ginearálta, córais shásúla rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

Peter G. Cowap
Cathaoirleach (Eatramhach).

Tuarascáil Sláinte agus Sábháilteachta

Is féidir leis an timpeallacht oibre do phearsanra ÚCIM a bheith dúshlánach agus faoi réir ag dálaí agus ag cleachtais a athraíonn mar gheall ar athruithe reachtaíochta nó dálaí timpeallachta.

Fágann sin go bhfuil sé riachtanach go gcoinnímid tiomantas láidir do bheith ag déanamh measúnaithe go leanúnach ar ár gcuid cleachtas, gnáthamh, próiseas agus córas ar fad Sábháilteachta, Sláinte agus Leas agus é mar chuspóir ginearálta bheith ag soláthar timpeallachta oibre atá Sábháilte agus Sláintiúil do gach ball de phearsanra ÚCIM. Chuige sin bímid ag iarraidh caighdeán a leagan síos a meastar iad a bheith ina 'gcaighdeán dea-chleachtais' agus gur féidir leis na caighdeáin chéanna déine na meastóireachta seachtraí a sheasamh.

Le linn 2018, leanamar orainn de bheith ag obair le gach ball pearsanra chun clár "onngníomhach" bainistíochta sláinte, sábháilteachta agus leasa a chur i bhfeidhm ar fud gach ionaid ÚCIM. Cabhraíodh leis sin agus baineadh an sprioc céanna amach trí fhorbairt dearcaidh 'úinéireachta' maidir lenár gclár; lena sheal baineadh sin amach trí chruinnithe rialta coiste sábháilteachta ag leibhéil náisiúnta agus áitiúla. Chabhraigh ár gclár inmheánach iniúchtaí S&S chun an feachtas seo a spreagadh tuilleadh.

An aidhm atá ann do 2019 ná bheith ag déanamh tuilleadh dul chun cinn agus gach clár agus polasaí sláinte & sábháilteachta atá i bhfeidhm cheana a fhorbairt tuilleadh agus tionscnaimh nua a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm aonair acu ar fad timpeallacht oibre 'den scoth' a sholáthar do phearsanra ÚCIM.

Torthaí Sláinte & Sábháilteachta ÚCIM 2018

Ar fud 2018 chríochnaigh ÚCIM go rafar roinnt cuspóirí, mar seo a leanas:

Tionscnaimh nua S&S:

- Físeán Oiliúna faoi Obair Aonair curtha i gcrích. Cuirfear an tionscnamh oiliúna seo i bhfeidhm do gach ball pearsanra de chuid ÚCIM ag tosú R1 2019.
- Lámhleabhar Fostaí ÚCIM – lámhleabhar ceanglaín fháinnigh A5 a sholáthraíonn achoimre faoi thionscnaimh, rialacha agus gnáthaimh S&S do phearsanra ÚCIM. Dáilfear an lámhleabhar seo ag tosú i R1, 2019.

Eisiúint agus athbhreithnithe Ráitis Sábháilteachta, SOP agus Doiciméid Threorach:

- Athbhreithniú / nuashonrú iomlán ar Ráiteas Sábháilteachta ÚCIM curtha i gcrích i Mí Mheithimh 2018.
- Athbhreithnithe leanúnacha maidir leis an doiciméad seo le 3 leasú don doiciméad nua, ag ionchorprú athruithe don Struchtúr Eagraíochtúil – Eagraghram ÚCIM agus painéil nua Ionadaithe Sábháilteachta, Maoir Dhóiteáin, agus Freagróirí Garchabhrach.
- Mar chuid de chur chun cinn ár gclár leanúnaigh, tugadh chun críche athbhreithniú ar gach SOP ÚCIM (10 gcinn san iomlán) agus Doiciméid Threorach ÚCIM (4 chinn san iomlán).
- Chomh maith leis na cóipeanna a dáileadh trí mheán ríomhphoist nuashonraíodh freisin gach leagan leictreonach atá le fáil ar ár nInlín agus inár mbunachar sonraí Sláinte agus Sábháilteachta.

Timpistí / Teagmhais Ionaid Oibre

Chun cabhrú chun aon neamhréitigh a aithint inár gcuid prótacal, gnáthamh agus sceideal PPCE agus mar mheán chun feabhsú leanúnach a bhaint amach, leanann ÚCIM air de bheith ag spreagadh cultúir ina dtaifeadtar agus ina dtuairiscítear gach timpiste / teagmhas.


Bíonn roinnt ball de phearsanra ÚCIM ag obair i dtimpeallacht dhúshlánach agus cé gur chóir go mbeadh sé mar sprioc deiridh againn, sa mhéid go bhfuil a leithéid indéanta go réasúnta, bliain a bhaint amach atá saor ó thimpistí / ó theagmhais, ní mór glacadh leis gur cuspóir an-deacair é sin nach mbeifear i gcónaí in ann é a bhaint amach. Ba iad na staitisticí ábhartha do 2018, gan timpistí Tráchtar ar Bóithre (TTB) a chur san áireamh, ná 1 thitim amháin agus dhá mhionteagmhas, ach ní teagmhais intuairiscithe a bhí i gceachtar acu sin.

Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta

Ar fud 2018, sheachad ÚCIM 50 cúrsa oiliúna /imeachtaí éagsúla don phearsanra a bhain le cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta trí fhreastal ar mheascán cúrsaí (1) In-tí, (2) Ar-Líne, (3) Príobháideach agus (4) cúrsaí poiblí, faoi mar a thugtar le fios thíos:

Clár 1: Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta 2018

Cur Síos	Líon na bhFreastalaithe
2 x Cúrsa Oiliúna Ionadaí Sábháilteachta	4
4 x H Oiliúna Ionduchtúcháin S&S	24
4 x Gnáthaimh le dul ar Bord go Sábháilte (Ar Líne + DVD)	18
1 x Cúrsa Oiliúna Freagróra Gharchabhrach	2
8 x Cúrsaí Oiliúna Tiománaí Ghairme	33
1 x Cúrsa Oiliúna Tarraingthe Trálaera RIB	2
15 x Cúrsa Oiliúna Raidió TETRA	78
1 x Cúrsa Oiliúna Bainistithe Shábháilte IOSH	6
1 x DSE / Cúrsa Oiliúna Mheasúnóra Riosca Stáisiúin Oibre	2
1 x Cúrsa Oiliúna Mheasúnóra Riosca Fhostaí Thorraigh	1
7 x Cúrsaí Oiliúna Láimhseála Lámhleabhair	38
3 x Cúrsa Oiliúna Fiosraithe & Tuairisceoireachta Timpiste / Teagmhais	20
1 x Cúrsaí Oiliúna do Mhaoir Dhóiteáin	8
1 x Oiliúint Iniúchta Inmheánaigh S&S	4



Nuashonrú AD

I 2018 líon ÚCIM 28 bpost san iomlán.

Líonadh 3 phost Ardoifigigh Fheidhmiúcháin (AOF): dhá phost bhuan AOF d’Anailísithe Sonraí Breatimeachta agus TF AOF agus post amháin conartha do Chúntóir Airgeadais CEMI.

Líonadh cúig cinn de phoist bhuana mar Oifigeach Feidhmiúcháin (OF) le linn na bliana: OF Bainistiú Cás Dlí, OF Párolla, OF Riathóir Comhordaithe Breatimeachta, OF Cúntóir Airgeadais agus OF Gnóthaí Corparáideacha.

Líonadh 6 phost mar Oifigeach Cléireachais le linn na bliana, 4 cinn i gCeannoifig Chloich na Coillte agus 2 cinn in oifigí Poirt.

Chomh maith leis sin líonadh 13 cinn de phoist mar Oifigigh Cosanta lascaigh Mhara, chomh maith le post amháin mar Oifigeach Poirt Sinsearach sa Dún Mór Thoir.

Tar éis Comórtas Ardaithe Chéime tá aislíonadh phost a raibh foireann a bhí againn cheana tar éis éirí astu mar gheall ar ardú céime curtha san áireamh sa líon seo. Cuireadh tús freisin le pleanáil do líonadh post de thoradh ar impleachtaí Breatimeachta. Cuireadh tuairiscí rialta faoi earcú ÚCIM faoi bhráid RTBM ar fud 2018.

Seo cuid den oiliúint a tharla le linn 2018:


Clár 2: Oiliúint 2018

Clár Oiliúna	
Oiliúint Phainéil Agallaimh	Oiliúint Bhainisteoirí CBFF
Oiliúint Agallaimh ar bhonn Inniúlachta	Oiliúint Fhoirne CBFF
Rialachas Corparáideach	Excel Meánleibhéal
RGCS	Excel Ardleibhéal
Clár Stiúirthóra Chairte	Pleanáil Ghnó don Bhainistíocht
MS Outlook	Saoráil Faisnéise
Taifeadadh Tuairiscí	Oiliúint Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tuairisc faoi Úsáid Fhuinnimh

San iomlán chaith ÚCIM 1,587,588 kWh fuinnimh i 2018; tá an anailís de réir céatadán faoi mar atá léirithe i bhFigiúr 5. Méadú sa tomhaltas fuinnimh a bhí i gceist de 1% i gcomparáid le 2017. Chuaigh tomhaltas an ola theasa i méid mar gheall ar dhrochaimsir go déanach i Mí Feabhra agus go luath i Mí Mhárta. Roinneann ÚCIM ionad Chloich na Coillte le BIM agus cionroinntear costais na bhfóntas bunaithe ar an limistéar iomlán urláir.

Figiúr 4: Tomhaltas Fuinnimh 2018



Ba iad na breoslaí iompair arís eile a bhí i gceist le mórchuid an tomhaltais fhuinnimh laistigh de ÚCIM ag 60%. Feithiclí bóthair a bhí i gceist le 37% den úsáid iomlán fhuinnimh agus taisteal aeir a bhí i gceist le 23%. Chuaigh an tomhaltas díosail bóthair i méid faoi 6% le hais anuraidh, mar gheall, b’fhéidir ar an líon mór carranna flít atá breis is 5 bliana d’aois, mar ní bhíonn siad seo chomh héifeachtach céanna ó thaobh breosla de.

Chuaigh costais pheitрил i méid, leis an méadú i líon na bPatról RIB le linn an earraigh / an tsamhraidh i 2018. Chuaigh an taisteal aeir i méid faoi 10% san iomlán le hais na bliana roimhe. Chuaigh líon na n-eitiltí gearraistir agus na n-eitiltí cianaistir i laghad ach chuir an méadú i líon na n-eitiltí meánaistir ar ceal na laghduithe a baineadh amach ó thaobh na ngearraistear agus na gcianaistear de. Is é is cúis leis an méadú in eitiltí meánaistir, go pointe, ná na turasanna breise chuig áiteanna eile san AE do chruinnithe faoin mBreatimeacht.

Chuaigh an tomhaltas leictreachais – 18% den úsáid iomlán fhuinnimh – i laghad faoi 7% bliain i ndiaidh bliana le hais 2017. In ionad Chloich na Coillte mórfhachtóir, ag 15%, is ea an PIR agus ceisteanna rialaithe shoilsithe ar fud an fhoirgnimh.



D'athdheimhnigh tríú Plean Náisiúnta Éifeachtachta Fuinnimh na hÉireann tiomantas na hÉireann maidir le laghdú 20% san éileamh fuinnimh a bhaint amach ar fud an gheilleagair ar fad faoi 2020, in éineacht le laghdú 33% san úsáid fhuinnimh earnála poiblí.

Gníomhaíochtaí ar Tugadh fúthu i 2018 le bheith Níos Éifeachtaí ó Thaobh Fuinnimh de

I 2017 thosaigh ÚCIM ag glacadh páirte i líonra SEAI d'eagraíochtaí meánmhéide agus do líonra na hearnála poiblí. Tuairiscíodh feidhmíocht fhuinnimh na heagraíochta don bhliain go díreach do ÚFIÉ chun dul chun cinn a rianú i dtreo sprioc laghdaithe fuinnimh de 33% don Earnáil Phoiblí faoi 2020.

I 2018 chuir ÚCIM oiliúint Tiománaí Ceirde i gcrích do gach ball foirne. Le linn na hoiliúna seo tugadh eolas don fhoireann maidir le teicnícíochtaí tiomána atá coigilteach ar fhuinneamh.

I Mí na Samhna 2018 bhronn ÚCIM conradh ar Energy Services Teo. Chun Iníúchtaí Fuinnimh a chur i gcrích i ngach ceann de na 7 n-ionad Poirt, Ceanncheathrú ÚCIM i gCloich na Coillte san áireamh, i 2018-2019 chomh maith le Plean Bainistithe Fhuinnimh a sholáthar do ÚCIM le go mbeidís in ann an laghdú fuinnimh 33% a bhaint amach.


Gníomhaíochtaí Beartaithe do 2019

- Freastal ar an tríú Comhdháil Bhliantúil Éifeachtachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí.
- Cur i gCrích na nIníúchtaí Fuinnimh ag gach ceann de na 7 n-ionad laistigh de ÚCIM ag an gconraitheoir ceaptha.
- Bunaithe ar chur i gcrích na n-iníúchtaí fuinnimh aithneofar liosta deiseanna atá coigilteach ar fhuinneamh.
- Críochnú Plean Bhainistithe Fhuinnimh do ÚCIM ag an gconraitheoir ceaptha.
- Soláthar plean oiliúna sna tionscnaimh atá coigilteach ar fhuinneamh agus a bhfuil cur síos déanta orthu sa Phlean um Bhainistiú Fuinnimh.

Leanfaidh ÚCIM air de bheith ag obair le feachtas feasachta fuinnimh fhoireann OOP ar fud an Stáit, Ag Optamú na Cumhachta ag an Obair chun feabhas a chur ar chleachtais bhainistithe fhuinnimh i 2019.

Comhairligh

Breathnaítear ar ÚCIM mar an fhoinse údarásach eolais faoi chosaint agus faoi rialú na n-iascach mara agus na táirgíochta bia mhara.



Cothú Comhlíontachta

Comhdháil Rialaithe Iascaigh


Tharla an chéad Chomhdháil Rialaithe Iascaigh, á hóstáil ag ÚCIM i gcomhar leis an tSeirbhís Chabhlaigh, ag Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann, Corcaigh, Dé Luain 8 Deireadh Fómhair. Ba é teideal na Comhdhála, maoinithe ag CEMI, ná “Cur Chuige Rioscabhunaithe ar Iniúchtaí” – agus bhí na príomhghníomhaireachaí rialaithe seo a leanas i láthair: an tSeirbhís Chabhlaigh, an tAerchór, GERI agus ÚCIM chomh maith.



Le feiceáil ag an gcéad Chomhdháil Rialaithe Iascaigh, a ndearna ÚCIM í a óstáil, ag Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann, Corcaigh, Dé Luain, 8 Deireadh Fómhair atá, ó chlé go deis: Adrienne Patterson, Stiúrthóir na nOibríochtaí Poirt, ÚCIM; An Captaen Brian FitzGerald, An tSeirbhís Chabhlaigh; Cristina Morgado, GERI; An Dr Susan Steele, Cathaoirleach, ÚCIM; agus Lt. Cheann. Anthony Geraghty, an tSeirbhís Chabhlaigh

Figiúr 5: Prionsabail an Mheasúnaithe Riosca do Rialú Iascaigh

- Dualgas dlí rialuithe a chur i bhfeidhm laistigh de chreatlach riosca.
- Sainmhínítear iascaigh.
- Déantar anailís riosca ar shoithí laistigh den iascach sainmhínithe.
- Tugtar scór do na rioscaí.
- Rátáil riosca curtha i bhfeidhm i dtaca leis an iascach sainmhínithe.
- Uirlis faoin conas is fearr acmhainní teoranta iniúchta a úsáid.
- Uirlis chun tosaíochtaí iniúchta a aithint.
- Uirlis a thairiscíonn trédharcacht maidir le tosaíochtaí a aithint.
- Uirlis chun comhlíontacht a chothú laistigh den tionscal.



Meamram Tuisceana idir ÚCIM agus RTBM

Síníodh Meamram Tuisceana (MT) idir ÚCIM agus Rannáin RTBM i gCloich na Coillte maidir le soláthar sonraí agus seirbhísí i Mí Aibreáin 2018.

Sonraíonn an MT na hamlínte seachadta, leibhéal mionsonraí agus cáilíochta sonraí atá riachtanach, agus bíonn sé ag iarraidh cinntiú nach lorgtar a leithéid d’iarratais do shonraí ach amháin nuair a bhíonn gá leo, ag cur san áireamh na hacmhainní atá riachtanach chun freastal ar iarratais ad hoc.

San iomlán fuarthas agus próiseáladh 240 ceist i 2018, faoi mar a mhínítear i gClár 3.

Clár 3: Ceisteanna RTBM 2018

Catagóir	Líon
Údarás	11
Corparáideach	3
Sonraí	95
An Dún Mór Thoir	4
CEMI	5
Airgeadas	1
Sábháilteacht Bhia	38
Binn Éadair	6
AD	3
Cúrsaí Dí	11
Oibríochtaí	29
Ros an Mhil	1
SMT	6
Trádáil	27
Cruinnithe Déthaobhacha ÚSBÉ	4
Grúpa Bainistithe Iarmhar Trasghníomhaireachta ÚSBÉ	1
Iomlán	240

An Coiste Comhairleach Cosanta Iascaigh Mhara

Thionóil Coiste Comhairleach Cosanta Iascaigh Mhara 3 chruinniú i 2018. Pléadh raon leathan míreanna, lena n-áirítear Tairiscint Chumais Innill, Coiste Monatóireachta CEMI, Imeachtaí Cothaithe Chomhlíontachta, Tuinnín agus an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), Logleabhair Leictreonacha agus Gléasanna Iontrála Sonraí, suíomh gréasáin nua ÚCIM, Próifiliú Riosca, bainistiú shonraí pearsanta ag ÚCIM, Cód Iompair d'Iniúchadh shoithí iascaireachta agus cúrsaí Portáin Dheirg.

Baill Choiste

Is iad baill reatha an Choiste Chomhairligh ná:

Gillian Mills (Cathaoirleach)	Inshore Ireland
Catherine McManus (Leaschathaoirleach)	Marine Harvest
Ann-Marie Mulloy-Gautier	Bia Mara Chonamara Teo.
Eamon Dixon	Cumann Iascairí Cladaigh Iorrais
John Power	Ionadaí Iascairí Cladaigh, Comharchumann Gliomach Loch Garman
Ebbie Sheehan	Eagraíocht Iascairí na hÉireann
Lorcán Ó'Cinnéide	Cumann Iompórtálaithe & Easpórtálaithe Éisc na hÉireann
Francis O'Donnell	Eagraíocht Táirgeoirí Éisc na hÉireann
David Kirwan	Eagraíocht Táirgeoirí Éisc Oirthear & Dheisceart na hÉireann
Anthony Sheehy	Eagraíocht Táirgeoirí Éisc Dheisceart & Iarthar na hÉireann
Norah Parke	Eagraíocht Iascairí na gCeallaí Beaga
Sean O'Donoghue	Eagraíocht Iascairí na gCeallaí Beaga
John Harrington	Kush Seafoods Teo.
Paul Connolly	Foras na Mara

Leagtar síos feidhmeanna an Choiste Chomhairligh mar seo a leanas san Acht um Iascach Mara agus um Dhlínse Muirí 2006:

- (a) an tÚdarás a chur ar an eolas faoi thuairimí agus faoi chúiseanna imní na n-earnálacha iascaigh mhara agus bhia mhara maidir le feidhmeanna an Údaráis,
- (b) bheith ag iarraidh na hearnálacha iascaigh mhara agus bhia mhara a choimeád ar an eolas go ginearálta faoin dlí infheidhmithe iascaigh mhara agus shábháilteachta bhia, chomh maith leis na caighdeáin, treoirilínte, cleachtais agus gnáthaimh a fheidhmítear ag an Údarás maidir le forfheidhmiú an dlí sin,
- (c) comhairle a thabhairt don Údarás maidir leis an ualach atá ar na hearnálacha iascaigh mhara agus bhia mhara go ginearálta i dtaca le comhlíontacht an dlí sin a choimeád chomh beag agus is féidir sa mhéid atá comhsheasmhach le cuspóirí riachtanacha agus le forfheidhmiú éifeachtach an dlí sin,
- (d) comhairle a thabhairt don Údarás faoina chuid tuairimí faoi chothroime agus faoi chomhsheasmhacht oibríochtaí an Údaráis,
- (e) bheith ag iarraidh seachadadh seirbhíse d'ardchaighdeán a bhaint amach ag an Údarás.

Feachtas Comhairle agus Eolais Hiostaimín

Is ann do roinnt cineálacha éisc, go háirithe na speicis 'scromboid', leithéidí ronnach agus tuinnín, atá i bpríacal maidir le táirgeadh hiostaimín ina bhfeoil má bhíonn siad faoi réir ag drochrialuithe teochta agus droch-chleachtais láimhseála. Nuair a dhéantar hiostaimín bíonn sé iontach seasmhach agus ní scriostar é ag cócaireacht ná reo; má bhíonn dóthain baictéar i láthair is féidir leis an truailliú méadú go gasta gan go mbeadh an lotamas le feiceáil ar an iasc. Is féidir le tomhaltas leibhéal ard hiostaimín airíonna den chineál seo a spreagadh: samhnas, urlacan, buinneach, mothúchán dóite nó blas piobair sa bhéal, aodh thochais, deirge nó tochas ginearálta aon áit ar an gcorp ach go minic bíonn sé le fáil thart ar an aghaidh nó an muineál, agus fotheannas.

Tar éis déileáil le 6 theagmhais hiostaimín i 2017, agus roinnt mhaith cásanna i gceist i gcuid de na teagmhais, shocraíomar bheith ag obair go honnghníomhach le gnólachtaí bia le linn shéasúr ardriosca an tsamhraidh, chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar an riosca seo.

Thug Oifigigh lascaigh cuairt ar agus / nó rinne siad teagmháil le hoibritheoirí ábhartha gnólachta bhia chun comhairle a thabhairt dóibh faoin ngá atá ann le cloí le rialuithe teochta agus seilfré a bhaineann le speicis atá ar mhórán histidín. Comhairlódh d'úinéirí gnó bheith roghnaíoch maidir le soláthróirí a roghnú do na speicis seo; óir, dá dteipfeadh ar sholáthróir na teochtaí ísle a choinneáil atá riachtanach le linn an iompair agus na stórála d'fhéadfadh sé go mbeadh de thoradh air sin táirge truaillithe. Pléadh freisin pleananna samplála in-tí, staidéir sheilfré, lipéadú agus inrianaitheacht, agus tugadh cóip de Bhileog Fhaisnéise Hiostaimín ÚCIM do ghnólachtaí freisin.

I 2018 níor tuairiscíodh ach teagmhais hiostaimín amháin do ÚCIM.



Cuairt ag Toscaireacht ón gCéinia

I Mí Mheán Fómhair 2018 thug toscaireacht iascaigh ón gCéinia cuairt ar ÚCIM chun comhoibriú frithpháirteach a phlé faoi théarmaí an MT. Bhí mar chuid den toscaireacht (le feiceáil anseo) Elizabeth Mueni agus Lucy Obungu, Leas-Stiúrthóirí Sheirbhís Iascaigh na Céinia, an tOllamh James Njiru agus an Dr Joseph Kamau, Stiúrthóir agus Stiúrthóir Cúnta KMFRI, Lt Col B Mwakale ó Sheirbhís Chabhlaigh na Céinia, agus Kenneth Gitonga, Ataisé Tráchtála Ambasáid na hÉireann, an Chéinia.

I 2017 shínigh ÚCIM Meamram Tuisceana (MT) le húdaráis na Céinia. Is é cuspóir an MT ná na prionsabail agus na meáin a leagan síos chun réimsí comhoibrithe a aithint agus a chur i bhfeidhm idir na Páirtithe. Beidh an comhoibriú ag tarraingt ar bhuanna faoi seach na bPáirtithe chun caidreamh inmharthana agus inbhuanaithe a thógáil i réimsí na n-iascach, an dobarshaothraithe agus fhorbairt an gheilleagair ghoirm.



Cuairt ó thoscaireacht iascaigh na Céinia go ÚCIM

SeaFest & Cruinniú Mullaigh faoi Shaibhreas an Aigéin 2018



Thug Micheal O'Mahony, Ball Údarais de chuid ÚCIM, láithreoir ag cruinniú mullaigh 'Ár Saibhreas Aigéin', a raibh mar theideal aici 'Iarmhairtí Rialála Breatimeachta ar Thrádáil Táirgí Iascaigh'.

Ghlac ÚCIM páirt i SeaFest, féile náisiúnta mhuirí na hÉireann, a tharla i nGaillimh ón Aoine 29 Meitheamh chuig an Domhnach, 1 Iúil 2018. Féile shultmhar shamhraidh é SeaFest atá saor in aisce agus atá dírithe ar gach aoisghrúpa; tá mar chuid den chlár imeachtaí aonach bia mhara, taispeántais chócaireachta bia mhara le chefs mór-le-rá agus spraoi teaghlaigh farraige. Bhí le fáil ann turasanna shoithí aigéin, soithí agus báid chaitheamh aimsire, taispeántais faoin saol muirí agus a lán gníomhaíochtaí eile sultmhara agus oideachasúla. Dlúthchuid den phlean HOOW is ea SeaFest, leis an gcuspóir atá mar chuid de rannpháirtíocht agus teagmháil a mhéadú leis an bhfarraige. D'óstáil SeaFest freisin an imeacht bhliantúil, Cruinniú Mullaigh faoi Shaibhreas an Aigéin, agus imeachtaí eile gnó agus taighde.

Skipper Expo

D'fhreastail ÚCIM ar an Skipper Expo International i nGaillimh. Ba é seo an 11ú bliain a raibh taispeántas ag ÚCIM ag an seó. Seo anois 14ú bliain an Expo agus is é atá ann ná príomhsheó iascaigh na hÉireann, a mheallann líon mór taispeántóirí agus cuairteoirí ó ar fud an domhain. Tugann freastal ar an imeacht seo deis d'ÚCIM bualadh le chéile agus ceisteanna a phlé le hiascairí agus le lucht an tionscail, ceisteanna a bhfuil suim ag na páirtithe ar fad iontu.

Lá Domhanda na nAigéan 2018

D'éagraigh ÚCIM taispeántas saor in aisce Ireland's Deep Atlantic, scannán faisnéise Ken O'Sullivan faoin saol muirí a bhfuil clú agus cáil air; eagraíodh an imeacht do dhaltai bunscoile i bPictiúrlann na Páirce, Cloich na Coillte ar 8 Meitheamh chun Lá Domhanda na nAigéan a chomóradh. Bhí Oifigigh Cosanta Iascaigh Mhara agus Bainisteoirí ó ÚCIM i láthair ar an lá le cabhrú le ceisteanna na ndaltai faoin scannán faisnéise.

Comhshaol na hÉireann 2018

Ghlac ÚCIM páirt sa Chomhdháil faoi Chomhshaol na hÉireann, mórchomhdháil polasaí agus bainistíochta timpeallachta na hÉireann. Eagraíodh an imeacht i gcomhar le GCC agus leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaol.

Imeacht I WISH, Halla na Cathrach, Corcaigh

Ghlac ÚCIM páirt san imeacht dar teideal I WISH – is é atá ann ná tionscnamh chun daltaí óga mná a spreagadh agus inspioráid a thabhairt dóibh le post a lorg i réimse STEM. Is é an ciall atá le I WISH ná Inspiring Women in Stem agus bhí mar chuid de comhdháil agus taispeántais idirghníomhacha.

Imeachtaí / Cruinnithe Eile i 2018

Le linn 2018 d'fhreastail ÚCIM ar ghrúpa oibre de chuid an Tionscail faoi easpórtálacha sliogéisc, ar pléadh ceisteanna a bhaineann le cúrsaí nóraivíris lena linn. Tionóladh freisin cruinnithe le lucht an tionscail faoi dheimhniú easpórtálacha Portáin chun na Síne agus chuig Hong Cong.

Ar fud na bliana ghlac ÚCIM páirt san Fhóram Náisiúnta um Iascach Cladaigh, sa Choiste um Shábháilteacht Sliogéisc Mhoiliscigh, sa Ghrúpa Tadhail Iascaigh Mhara agus i gCruinnithe Bhainistithe Chuóta.

Ghlac ÚCIM páirt freisin i gCruinnithe rialaithe Iascaigh Mhara agus i gCruinnithe faoi Shábháilteacht Bhia Mhara, cruinnithe a eagraíodh ag leithéidí DG MARE, DG SANTE, GER, RTBM agus ÚSBÉ. Le linn 2018 d'fhreastail ÚCIM freisin ar Ghrúpa Rialaithe agus Fhorfheidhmithe Uiscí an Iarthuaiscirt.

Bíonn ÚCIM i dteagmháil ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus poirt le hoibritheoirí iascaigh maidir leis na hearnálacha gabhála agus próiseála agus dobharshaothraithe, agus soláthraíonn sé comhairle eolasach agus shaineolach chuig oibritheoirí, go háirithe nuair a eascraíonn cásanna sonracha neamhchomhlíontachta.

BREATIMEACHT

Bhí ÚCIM ag obair mar chuid de ghrúpa muirí Breatimeachta (RTBM, BIM agus FM) le haghaidh forbairt phleananna chur i bhfeidhm do Bhreatimeacht crua.

Chabhraigh ÚCIM le táirgeadh páipéar pleanála agus forléargas suíomh cáilíochtúil agus cainníochtúil le heolas a dhéanamh do fhreagra agus do thógáil ullmhachta iomlána RTBM.

Bhí ÚCIM páirteach i ngrúpa oibre Breatimeachta a raibh ÚSBÉ i gceannas air chun ullmhacht le haghaidh Breatimeachta a mheasúnú i réimsí na sábháilteachta bia, agus na caimiléireachta agus na barántúlachta bia.

Fógraí Eolais Iascaigh

D'fhoilsigh ÚCIM 1 Fhógra Faisnéise Iascaigh i 2018 faoi na Teorannuithe agus Dúnadh Bainc Porcupine.

Grúpa Saineolach Eorpach faoi Rialú Iascaigh

Le cinntiú go mbaineann an Comhbheartas Iascaigh leas as an gcomhairle is fearr eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch bhunaigh an Coimisiún Grúpa Oibre Saineolach faoi Rialú Iascaigh.

Is é Ról an Ghrúpa Shaineolaigh ná:

1. Athbhreithniú ar ghnéithe teicniúla na monatóireachta agus an iniúchta i réimse na n-iascach
2. Cabhrú leis an gCoimisiún in ullmhú thograí reachtaíochta agus thionscnamh polasaí
3. Comhordú le Ballstáit, ag éascú malartú tuairimí

Bíonn na cruinnithe le sainéolaithe rialaithe na mBallstát tiomanta do rialú agus d'fhorfheidhmiú rialacha an CBI. Cabhraíonn an grúpa saineolach freisin chun comhoibriú a fhorbairt le agus idir na Ballstáit, le moltaí a fhorbairt agus lena gcur i bhfeidhm éifeachtach a chinntiú. Clúdaíonn na cruinnithe ceisteanna rialaithe freisin faoi chomhaontú ERBI agus 3ú tíortha.

I 2018 d'fhreastail ÚCIM ar 4 chruinniú de chuid an Ghrúpa Rialaithe Shaineolaigh. Trí mheán na gCruinnithe seo bhí Cathaoirleach an Choimisiúin ag iarraidh comhairle a fháil faoi iarrachtaí leanúnacha na mBallstát i limistéir ar nós:

- Cur i bhfeidhm na gClár Sonrach Rialaithe agus Iniúchta agus go sonrach na tagarmharcanna gaolmhara iniúchta (x 3)
- Clár téarnaimh iascach eascann Eorpach
- Uirlisí digiteacha do mhonatóireacht agus do rialú iascach mionscála
- Pleananna samplála meá
- Maoiniú Tionscadail CEMI

Comhairle Shaineolach ÚCIM

Ina theannta sin, sholáthair ÚCIM comhairle shaineolach freisin d'Fhóram RTBM agus d'Fhóraim Eorpacha, mar seo a leanas:

- Comhairle do RTBM faoi idirghníomhaíocht leanúnach na hÉireann le DG Sante faoi imeachtaí sáraithe a bhaineann le Muiríní
- Comhairle do RTBM faoi na gnáthaimh thábhachtacha choisteolaíochta faoi Rialacháin nua Rialaithe Oifigiúil bia 625/2017
- Seirbhísiú leanúnach an ghrúpa oibre um Mhoilisc Bheo Dhébhlaoscacha an AE agus cruinniú amháin de Ghrúpa Oibre sábháilteachta táirge lascaigh an AE.
- Comhairle chuig RTBM faoin togra rialacháin rialaithe iascaigh a foilsíodh i 2018, agus freisin faoi chur i bhfeidhm 100% Dualgais Tabhairt i dTír Grinnill.
- Comhairle do RTBM maidir le cothromú cuóta agus saláin.
- Tuilleadh comhairle do RTBM faoi Aonad Feidhmiúil Aonad 16 in aghaidh an turais.



Figiúr 6 Muiríní: Baineann Rialacháin shonracha AE le Moilisc Bheo Dhébhlaoscacha, ina n-áirítear muiríní, chun comhlíontacht na gcaighdeán Sábháilteachta Bia a chinntiú. Ní mór do gach muirín a ndéantar buainteoireacht tráchtála air cloí leis na rialacháin seo le bheith in ann iad a chur ar an margadh do thomhaltas daonna.

Bailíochtaigh

Cinntigh sonraí, anailís agus measúnú riosca a bhfuil ardchaighdeán ag baint leo.



Staitisticí Iascaigh

Rinneadh 22,902 tabhairt i dtír go poirt Éireannacha i 2018; bhain 88% leo le soithí Éireannacha. Le tonnáiste iomlán de 184,375 agus luach de €217.576m ba shoithí Éireannacha a bhí i gceist le 58% den chainníocht éisc a tugadh i dtír freisin, chomh maith le 64% dá luach.

An Fhrainc agus RA a bhí i gceist le 5% agus 4% den tabhairt i dtír seo. Tabhairt i dtír ó bháid Fhrancacha a bhí i gceist le 5% den tonnáiste a tugadh isteach go hÉirinn agus 13% dá luach; thug soithí a bhí cláraithe san RA 17% den tonnáiste seo i dtír ar 11% dá luach. 2% den tabhairt i dtír ar fad a bhí i gceist leis na 558 dtabhairt i dtír ó shoithí atá cláraithe sa Spáinn, sin 3% den mhéid agus 9% dá luach. Bhain an chuid eile den tabhairt i dtír le soithí atá cláraithe san Iorua, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, sa Bheilg agus sna hOileáin Fharó, faoi mar a mhínítear i gClár 4.

Clár 4: Tabhairt i dtír go hÉirinn 2018

Náisiúntacht	Líon na dTabhairt i dtír	Tonna	€000's
Éire	20,173	184,375	217,576
An Fhrainc	1,073	14,440	43,153
RA	1,019	53,751	11% den luach. 37,426
An Spáinn	558	9,976	30,451
An Iorua	32	36,250	5,225
An Danmhairg	27	12,774	6,967
An Ghearmáin	10	253	729
An Bheilg	8	106	407
Na hOileáin Fharó	2	4,927	701
Iomlán	22,902	316,852	€342,635




Tabhairt i dTír go hÉirinn de réir Aicme Speicis

Speicis pheiligeacha a bhí i gceist le 77% den iasc a tugadh i dtír go hÉirinn, sin beagnach ceithre chúigiú; áiríodh orthu Ronnach, Bolmán, Scadán agus Faoitín Gorm; 28% de luach chéad díolacháin gach tabhairt i dtír a bhí i gceist leis na héisc seo, rud a léiríonn an laghdú a fuarthas dá lán speiceas peiligeach ó thaobh praghas de. 16% den tonnáiste a bhí i gceist le speicis ghrinnill, agus 41% den luach, ag léiriú luach ard a lán speiceas sliogéisc. Níos lú ná 1% de gach tabhairt i dtír a bhí i gceist leis na 656 thonna speiceas domhainuisce a tugadh i dtír i dtéarmaí cainníochta agus luacha araon.

Nóta: Áirítear mar chuid de chatagóir na sliogéisc: Nephrops (Cloicheáin), Gliomach, Muirín, Portán, Cuachma, Séacla, Sceana Mara, Breallaigh, Ruacain, Ochtapas agus Scuid.

Figiúr 7: Tabhairt i dTír de réir Aicme Speicis




Figiúr 8: Is speiceas grinnill é an láimhíneach a bhfuil ard-mheas air.

Tabhairt i dTír Peiligeach in Éirinn

Léirítear tabhairt i dtír speiceas peiligeach go hÉirinn i bhFigiúr 10. Bhain rud beag níos mó ná leath, 56%, de na speicis pheiligeacha a tugadh i dtír le soithí atá cláraithe in Éirinn, agus bhain siad amach 74% de luach an tabhairt i dtír seo. Thug RA agus an Iorua 19% agus 15% den tonnáiste seo i dtír faoi seach, sin 13% agus 6% dá luach. Tugadh an tonnáiste eile i dtír ag soithí ón Danmhairg, ó na hOileáin Fharó, ón bhFrainc agus ón Spáinn faoi mar a léirítear i bhFigiúr 9 thíos.


Figiúr 9: Tabhairt i dTír Peiligeach in Éirinn



Tabhairt i dTír Grinnill in Éirinn i 2018

Soithí atá cláraithe in Éirinn a thug i dtír rud beag níos lú ná leath, 47% de na speicis ghrinnill ar fad a tugadh isteach go poirt Éireannacha i 2018, sin 43% de luach na coda seo. Soithí atá cláraithe sa Fhrainc agus sa Spáinn a thug i dtír 27% agus 17% den iasc seo do 29% agus 17% den luach iomlán chéad díolacháin. 8% den tonnáiste a bhí i gceist le roinnt RA an tabhairt i dtír, ar 10% dá luach; soithí ón mBeilg, ón Danmhairg agus ón nGearmáin ba chúis leis an gcuid eile, faoi mar a mhínítear i bhFigiúr 10.


Figiúr 10: Tabhairt i dTír Grinnill in Éirinn i 2018



Tabhairt i dTír Sliogéisc in Éirinn i 2018

80% de thabhairt i dtír na speiceas seo a bhí i gceist leis na 17,378 dtonna sliogéisc a tugadh i dtír ag soithí Éireannacha, agus 82% dá luach. Soithí atá cláraithe sa RA a bhí i gceist le 14% den chuid eile, ar 11% dá luach. Roinneadh na 6% eile den ghabháil seo idir soithí Spáinneacha, Francacha, Gearmánacha, Danmhargacha agus Beilgeacha, faoi mar gcuirtear síos air i bhFigiúr 11.

Figiúr 11: Tabhairt i dTír Sliogéisc in Éirinn 2018




Figiúr 12: Nephrops, a dtugtar Cloicheáin Bhaile Átha Cliath orthu freisin, ar táirge iascaigh iad atá an-luachmhar ar fad d'iascairí na hÉireann. Tá méadú ar líon na n-oibritheoirí soithí atá ag cur breisluacha lena ngabháil trína reo agus trína bpacáil ar bord.

Speicis domhainuisce a thugtar i dtír in Éirinn

Níl sna speicis domhainuisce ach cuid bheag de 1% den ghabháil a thugtar i dtír in Éirinn; soithí Spáinneacha agus Francacha a thug mórchuid acu isteach faoi mar a gcuirtear síos air i bhFigiúr 13.

Figiúr 13: Tabhairt i dTír Domhainuisce in Éirinn 2018



Soithí Éireannacha a Thugann Éisc i dtír Thar Lear

I 2018 rinne soithí Éireannacha san iomlán 536 thabhairt i dtír thar lear, le meáchan iomlán de 29, 529 tonna agus luach iomlán de rud beag níos lú ná €30.3 milliún. Sin 14% de na héisc ar fad a tugadh i dtír ag soithí Éireannacha i 2018 chomh maith le 12% dá luach faoi mar a mhínítear i gClár 5.

Tugadh an méid ba mhó i dtír sna hOileáin Fharó, ag cuimsiú beagnach 30% den ghabháil ach díreach 4% dá luach; Tabhairt i dtír chuig an RA a bhí i gceist le 17% den iasc seo ar 27% dá luach.


Clár 5: Soithí Éireannacha ag tabhairt i dtír 2018

TÍR	Líon na dTabhairt i dtír	Tonna	€000's
Angóla	5	856	€533
An Danmhairg	3	1,061	€208
An Spáinn	48	1,089	€2,824
An Fhrainc	61	2,488	€6,529
Na hOileáin Fharó	6	8,495	€1,340
RA	336	4,973	€8,245
An Ísiltír	58	1,029	€4,117
An Iorua	19	9,529	€6,398
Iomlán	536	29,520	€30,192

Speicis Pheiligeacha a tugadh i dtír thar lear

An Iorua (36%), Na hOileáin Fharó (32%), RA (14%) agus an Fhrainc (9%) is cúis le breis is 90% den iasc seo agus 67% dá luach faoi mar a mhínítear i bhFigiúr 14.


Figiúr 14: Speicis Pheiligeacha a Tugadh i dtír thar Lear



Speicis Ghrinnill a tugadh i dtír thar lear

Tabhairt i dtír chuig an Spáinn agus chuig an RA a bhí i gceist leis an tabhairt i dtír seo ar fad, beagnach; na 680 tonna a tugadh i dtír chun na Spáinne a bhí i gceist le 82% den iasc agus 85% dá luach; 16% den iasc seo a bhí i gceist leis na 136 tonna a tugadh i dtír i bpoirt de chuid an RA ar 14% dá luach.


Figiúr 15: Speicis Ghrinnill a Tugadh i dtír thar Lear



Tabhairt i dtír Sliogéisc thar lear

98% de chainníocht agus de luach thabhairt i dtír chun na hÍsiltíre agus na RA a bhí i gceist leis an tabhairt i dtír sliogéisc i 2018, faoi mar a mhínítear i bhFigiúr 16.

Figiúr 16: Speicis Sliogéisc a Tugadh i dtír thar Lear



Rialú Iascaigh

Iniúchtaí Soithigh Iascaireachta

San iomlán thug OCIM de chuid ÚCIM faoi 1,922 iniúchadh soithigh iascaireachta i 2018. Bhain 83% díobh seo le soithí atá cláraithe in Éirinn, agus soithí atá cláraithe sa Fhrainc a bhí i gceist le 5% acu; bhain 4% leo le soithí atá cláraithe sa RA agus sa Spáinn faoi seach; bhain an 4% eile iniúchtaí le soithí ó 9 dtír éagsúla, faoi mar a mhínítear i gClár 6.

Clár 6: Iniúchtaí Soithigh ÚCIM 2018

Náisiúntacht	ÚCIM
Éire	1,600
An Fhrainc	96
RA	80
An Spáinn	75
An Iorua	33
An Danmhairg	27
An Ghearmáin	3
An Bheilg	2
Na hOileáin Fharó	2
Na Báhamáí	1
An Mháratáin	1
An Ísiltír	1
Panama	1
Iomlán	1,922

Patróil Chladaigh



Figiúr 17: I 2018 san iomlán tugadh faoi 42 phatróil cladaigh; 35 i réigiún an deiscirt agus 7 i réigiún an tuaiscirt.

Rátaí Iniúchta

Mínítear na rátaí iniúchtaí v tabhairt i dtír do shoithí faoi bhun agus thar 18 méadar ar fad i gclár 7. Bíonn rátaí iniúchta i bhfad níos airde i gceist do shoithí thar 18m ar fad, mar gheall gurb iad na soithí níos mó is mó a ghabhann an t-iasc; ar an gcúis sin bíonn siad faoi réir ag leibhéal níos airde monatóireacha agus rialaithe. Ba chóir tabhairt faoi deara nach léiríonn na rátaí iniúchta seo ach na hiniúchtaí sin ar tugadh fúthu ag oifigigh de chuid ÚCIM.

Clár 7: Rátaí Iniúchta

2018	Tabhairt i dTír	Iniúchadh	Ráta Iniúchta
ÉIREANNACH - Faoi 18	13,347	715	5%
ÉIREANNACH - Thar 18	5,000	885	18%
NEAMHÉIREANNACH - Faoi 18	267	4	1%
NEAMHÉIREANNACH - Thar 18	1500	318	21%
Iomlán	20,114	1,922	10%

Seicphointí Ilghníomhaireachta 2018

Le linn 2018 tugadh faoi 9 Seicphointe Ilghníomhaireachta san iomlán ag ÚCIM, agus an Garda Síochána ina mbun, ag ionaid éagsúla ar fud an stáit, chun tabhairt faoi iniúchtaí agus seiceálacha deimhnithe ar fheithiclí a bhíonn ag iompar táirgí iascaigh i dtaca le rialú iascaigh agus reachtaíocht sábháilteachta bia.



Figiúr 18: Seiceálacha teochta ar siúl ag seicphointe.

Clár 8: Iniúchtaí Soithigh Iascaireachta na Cabhlach Seirbhíse i 2018 de réir Náisiúntachta

Tír	Líon na nIniúchtaí
ESP	161
IRL	399
DEU	4
FRA	99
NLD	8
GBR	68
BEL	8
LTU	0
DNK	1
NOR	2
RUS	5
ISL	3
FRO	2
LVA	0
PRT	1
JAP	0
Iomlán	761

Clár 9: Iniúchtaí na Seirbhíse Cabhlaigh de réir Fad Soithigh

2018	Iniúchtaí
Faoi 10m	77
>10-12m	87
>12-15m	31
Thar 15m	548

Clár 10: Iniúchtaí Seirbhíse Cabhlaigh de réir Limistéir CITM

Limistéar	Iniúchtaí
6A	49
7A	5
7B	246
7C	122
7D	459
7G	73
7H	63
7J	15
7K	10


Iarratais ar Cheadúnais Urthrá

Suula gcuirtear tús le haon oibreacha nó gníomhaíocht ar urthrá atá i seilbh an Stáit ní mór ceadúnas nó léas a fháil ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. I measc na ngníomhaíochtaí a éilíonn ceadúnais tá oibreacha a dtugtar fúthu ar an urthrá a chuimsíonn na rudaí seo a leanas:

- aon fheidhm a bhaineann le lárionad ainmnithe cuain iascaireachta;
- aon fheidhm a bhaineann le:
 - gníomhaíocht ar sprioc léi go hiomlán nó go príomha úsáid, forbairt nó tacaíocht do bharshaothraithe, nó
 - Gníomhaíocht atá go hiomlán nó go príomha d'úsáid, d'fhorbairt nó do thacaíocht na hiascaireachta mara, lena n-áirítear próiseáil agus díolachán éisc mhara agus déantúsaíocht táirgí a fhaightear ó éisc mhara.

Nuair a dhéantar iarratas don Aire scaiptear é ar roinnt údarás poiblí, lena n-áirítear ÚCIM, le gur féidir leo a gcuid tuairimí a thabhairt. Measúnaíonn ÚCIM a leithéid d'iarratas maidir leis an iarmhairt arbh fhéidir a bheith acu ar iascaigh tráchtála agus maidir le cúiseanna imní sábháilteachta bia. I 2018 fuarthas 270 iarratas den chineál seo.

Figiúr 19: Iarratais Urthrá Athbhreithnithe 2018



Eochair: CTB: Baile Chaisleáin Bhéarra; CLON: Cloich na Coillte; DIN: An Daingean; DME: An Dún Mór Thoir; HOW: Binn Éadair; KBG: Na Cealla Beaga; ROM: Ros an Mhíl.

An Coiste Grinnfhiosrúcháin um Cheadúnú Mara

Is comhlachas neamhreachtuil é an Coiste Grinnfhiosrúcháin um Cheadúnú Mara (CGCM) a chuimsíonn speisialtóirí teicniúla, eolaíocha agus innealtóireachta, faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. I 2018 d'eisigh an coiste tuairiscí faoi 33 iarratas faoi mar a gcuirtear síos air i gClár 11 thíos.

Clár 11: Tuairiscí an Choiste Ghrinnfhiosrúcháin um Cheadúnú Mara

Cineál Forbartha	Líon
Cothabháil/dreidireacht an phoirt	1
Cosaint tuile & píblíne	7
Forbairt mhuirí chaitheamh aimsire / tráchtála	7
Fiosrúcháin láithreáin mhuirí agus imlonnú ionstraime	16
Cosaint chóstach agus beathú trá	2

Comhardú Cuóta do stoic pheiligeacha

Ó 1 Eanáir 2018 ar aghaidh bhí aon tabhairt i dtír stoc ábhartha peiligeach a sháraigh na teorainneacha gabhála faoi réir ag comhardú cuóta de réir an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar Scéim Chomhardaithe Chuóta do Stoic Pheiligeacha.

Ciallaíonn Comhardú Cuóta an méid seo: nuair a sháraíonn soitheach a theorainn gabhála do stoc áirithe le linn tréimhse bainistithe iascaigh, ní mór coigeartú comhardaithe a dhéanamh ó theorainn gabhála sa todhchaí don soitheach sin.

Tugadh an córas Comhardaithe Chuóta isteach ar bhonn céimnithe le cabhrú le cur i bhfeidhm iomlán na riachtanas Dualgais Tabhairt i dtír. Is beart bainistithe, chaomhnaithe agus saothraithe réasúnaigh é an córas Comhardaithe Chuóta a chabhróidh leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun an teorainn gabhála a chur in oiriúint don ghabháil iarbhrí chun tacú leis na riachtanais Dualgais Tabhairt i dtír.

Is é ról ÚCIM i gComhardú Cuóta ná sonraí gabhála a sholáthar do RTBM (na cinn a chuirtear faoina mbráid ag Máistir an tSoithigh) agus socruithe péireála atá faofa ag ÚCIM (cumraíocht iascaireachta 2 shoitheach nó 3 shoitheach), nuair a bhaineann sin le hábhar, sa tslí gur féidir le RTBM comhardú cuóta a chur i bhfeidhm. Bíonn Comhardú Cuóta ag RTBM neamhspleách ar aon ghníomhaíocht a bhfuil na húdaráis rialaithe ag déanamh breithnithe faoi nó ag tabhairt faoi.

D'oibrigh ÚCIM go dlúth le RTBM maidir le cur i bhfeidhm Comhardaithe Cuóta do shoithí peiligeacha chun monatóireacht a dhéanamh ar thabhairt i dtír le hais an chuóta leithdháilte ag leibhéal an tsoithigh agus le leithdháiltí cuóta todhchaí a choigeartú chun aghaidh a thabhairt ar chásanna inar sháraigh soitheach a chuóta leithdháilte.

Is iad na stoic pheiligeacha ábhartha a cuireadh san áireamh sa chéim phíolótach i 2018 ná Ronnach (seachas soithí <18m LOA), Bolmán, Scadán (seachas Soithí Iascaigh Oscailte Scadáin na Mara Ceiltí <20m LOA), Faoitín Gorm agus Tuinnín Bán.

¹ Is é atá san urthrá ná an talamh agus grinneall na farraige idir taoide ard ghnáth-thaoidí nó mheán-thaoidí (a léirítear leis an ngiorrúchán ar mhapaí de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis) agus an teorainn dhá mhíle déag (is ionann dhá mhuirmhíle déag agus thart ar 22.24 ciliméadar).

² I gcás oibreacha nach mbaineann le cúrsaí Dobharshaothraithe nó iascaigh ní mór iarratais a chur faoi bhráid an Aire Thithíochta, Phleanála, Phobail agus Rialtais Áitiúil.

Sábháilteacht Bhia

Is é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) an tÚdarás Náisiúnta Inniúil d'fhorfheidhmiú gach cineál reachtaíochta bia in Éirinn; cuireann sé an fheidhm seo i gcrích trí shraith Chonarthaí Seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla. Is é ÚCIM an Gníomhaireacht Oifigiúil a bhfuil freagracht uirthi d'fhorfheidhmiú an dlí bhia in Earnáil an Bhia Mhara suas go dtí an pointe miondíola. Tá mar chuid den sainchúram seo bainistiú rialuithe sábháilteachta bia ar fud na n-earnálacha mara agus dobharshaothraithe faoi mar a mhínítear thíos.

Líon na nGnólachtaí Bia

Tá ÚCIM freagrach as forfheidhmiú reachtaíochta sábháilteachta bia ar fud 2,543 ghnólacht bia mar a mhínítear i gClár 12. Tugtar faoin obair shábháilteachta bhia seo faoi théarmaí conartha sheirbhíse le ÚSBÉ, atá ina údarás náisiúnta inniúil sábháilteachta bia in Éirinn. Tá an conradh seirbhíse ar fáil ag www.fsai.ie.


Clár 12: Gnólachtaí Gnó de réir cineáil

Cineál Gnó	Líon na nIonad
Halla Ceant	1
Fuarstóras bunús ainmhí – gan nochtadh)	4
Fuarstóras (lascach)	11
Lárionaid Seolta	15
Soitheach Monarchan	1
Soitheach lascaireachta	1,912
Bróicéir Bia	1
Stainnín Bia: lasc	7
Reoshoitheach	64
Monarcha Tháirgí Úr lascaigh	72
Monarcha Oighir	11
Iompórtálacha	64
Monarcha Phróiseála	124
Limistéar Táirgeachta	185
Monarchana Íonúcháin	20
Feirmeoir Sliogéisc	35
Iompróir	8
Mórdhioltóir/ Imdháileoir	8
Iomlán	2,543


Iniúchtaí Sábháilteachta Bia

San iomlán cuireadh 2,122 iniúchadh sábháilteachta bia i gcrích ag OCIM i 2018 mar a mhínítear i bhFigiúirí 20 agus 21 thíos. Tugadh faoi rud beag níos mó ná 90% de na hiniúchtaí seo in áitribh fhaofa faoi mar a mhínítear i bhFigiúr 10. Nuair a dhéantar iad a chatagóiriú de réir cineál riosca taispeántar go raibh áitreabh ardriosca agus meánriosca mar sprioc ag beagnach 80% de na hiniúchtaí seo: 36% agus 42% faoi seach, mar a mhínítear i bhFigiúr 12.

Figiúr 20: Iniúchtaí de réir cineáil áitribh



Figiúr 21: Iniúchtaí de réir catagóire riosca



Cineálacha Iniúchta

Is é a bhí i gceist le dhá thrian de na hiniúchtaí ná seiceálacha oifigiúla rialaithe, leithéidí na cinn sin a theastaíonn chun deimhniú a sholáthar don choinsíneacht bhia atá á heaspórtáil go dtí an tríú tír. Mínítear gach iniúchadh de réir an chineáil i gClár 13 thíos.

Clár 13: Cineálacha iniúchtaí ar tugadh fúthu


Cineál Iniúchta	Líon
Faomhadh	64
Lániniúchadh Sláinteachais	128
Gnáthiniúchadh	355
Iniúchadh Leantach	40
Gearán	7
Seiceálacha Oifigiúla Rialaithe	1,398
Caighdeán Éisc	74
Sláinteachas Feithicle	41
Seiceálacha Sláinteachais Fheithicle	15
Iomlán	2,122



Gníomhaíocht lipéadaithe

San iomlán tugadh faoi 571 mheasúnú lipéadaithe i 2018; cuireadh 54% acu seo i gcrích mar chuid d’iniúchadh; tugadh faoi 261 (46%) mar chuid de rialuithe oifigiúla, lena n-áirítear deimhniú coinsíneachta, faoi mar a mhínítear i bhFigiúr 22.

Figiúr 22: Iniúchtaí Lipéadaithe



Gníomhaíocht Samplála

Faoi mar a mhínítear i gClár 14 san iomlán tógadh 1,198 sampla bia mhara ag OCIM i 2018. Rinneadh an chuid is mó díobh sin le haghaidh anailíse micribhitheolaíche; tógadh 24% acu maidir le caighdeán iarmhar agus éilleán agus tógadh san iomlán 39 (3%) le haghaidh anailíse géinití.

Clár 14: Gníomhaíocht Samplála

Sampla	Líon
Iasc, Táirgí Iascaigh & Moilisc Bheo Dhébhlaoscacha (micribhitheolaíocht)	589
Uisce/Oighear (micribhitheolaíocht)	166
Maipíní timpeallachta (micribhitheolaíocht)	112
Éilleáin/ Iarmhair	292
Speiceasú ag úsáid anailíse géinití	39



Figiúr 23: Uirlis chruinn is ea anailísi ADN chun speicis a aithint i mbia mara próiseáilte

Monatóireacht Sábháilteachta Sliogéisc

Clár samplála aicmithe

San iomlán tógadh 1,613 shampla micribhitheolaíoch (96% den sprioc) ag OCIM le linn 2018 mar chuid de Mhonatóireacht Mhicribhitheolaíoch Limistéar Táirgthe Mhoileasc Débhlaoscach.

San iomlán tógadh 21 shampla breise micribhitheolaíoch i roinnt réimsí, iad ag lorg Aicmithe nó athbhreithnithe Aicmithe.

I 2018, d'aimsigh ÚCIM san iomlán 42 thoradh as raon (2.6% de na samplaí monatóireachta ar fad a tógadh), ón gclár náisiúnta monatóireachta aicmithe, sin laghdú le hais an lín iomlán do 2017 - 50 - agus laghdú ar an meánlón thar thréimhse 10 mbliana de 51 in aghaidh na bliana, nó thart ar 3.2% de na samplaí a tógadh. Is féidir go dtarlódh torthaí as raon mar gheall ar theagmhais neamhghnácha aimsire nó teagmhais áitiúla, rud a spreagann méadú tobann truaillithe ag am ar leith. Déantar obair leantach ag ÚCIM mar gheall ar gach toradh as raon.



Athbhreithniú Bliantúil Aicmithe

Cuireadh athbhreithniú bliantúil limistéar táirgthe Aicmithe Moileasc Beo Débhlaoscach in Éirinn i gcrích ag Ceannoifig ÚCIM i gCloich na Coillte ar 26 Meitheamh 2018. Tugadh faoin athbhreithniú ag foghrúpa den Choiste Sábháilteachta Sliogéisc Mhoilisc a chuimsíonn: ÚCIM atá mar chathaoirleach ar an ngrúpa, USBÉ, FnaM, BIM agus ISA. Bhain an tacar sonraí monatóireachta aicmithe a ndearnadh anailís air le buntacú leis an athbhreithniú leis an tréimhse Ean 2015 - Ean. 2018 agus rinneadh anailís ar 4,956 thoradh ó 147 n-ionad sampla.

An Clár Náisiúnta um Mhonatóireacht Biotocsainí i Sliogiasc

Thug Éire rialuithe feabhsaithe oifigiúla isteach i dtaca leis an gclár náisiúnta monatóireachta sliogéisc (biotocsainí) i 2014 chun feabhas a chur ar thathag an chláir mhonatóireachta, agus tacú ar an tslí sin le lucht an tionscail chun a ndualgas dlíthiúil a bhaint amach chun cinntiú nach gcuirtear ach bia sábháilte ar an margadh, mar seo a leanas:

1. Tógtar samplaí míosúla deimhnithe biotocsaine ag OCIM agus a gcuirtear Nóta Comhairle Shampla Oifigiúil ÚCIM do gach limistéar táirgthe diúilicíní agus do limistéir tháirgthe mar a bhfuil na hoisrí ar mhinicíocht sheachtainiúil samplála, nó:
2. Tógtar samplaí ráithiúla deimhnithe biotocsaine ag OCIM agus a gcuirtear Nóta Comhairle Shampla Oifigiúil ÚCIM do gach limistéar táirgthe ar mhinicíocht mhíosúil samplála biotocsaine, .i. gach limistéar táirgthe oisre, breallaigh, ruacain agus muiríní NACH bhfuil ar mhinicíocht sheachtainiúil samplála.
3. Ní thabharfar stádas biotocsaine oscailte do limistéir tháirgthe a raibh stádas biotocsaine dúnta acu tar éis a bheith dúnta mar gheall ar imeacht thocsaineach ach amháin má thógtar an dara sampla biotocsaine oscailte faoi mhaoirseacht ÚCIM agus in éineacht le Nóta Comhairle Sampla Oifigiúil ÚCIM.

San iomlán cuireadh 270 sampla deimhnithe biotocsaine faoinár mbráid ag OCIM le linn 2018 mar chuid de rialuithe oifigiúla Feabhsaithe na hÉireann faoin gclár monatóireachta seo. Cuireadh freisin 410 sampla fíteaplanctóin faoinár mbráid ag OCIM le linn 2018 mar chuid den chláir náisiúnta seachtainiúil monatóireachta fíteaplanctóin a sholáthraíonn luathrabhadh faoi bhlás algaí arbh fhéidir leis bheith níos díobhálaí i limistéir fháis sliogéisc.

Clár Monatóireachta Treorach Uiscí Sliogéisc

Le linn Mhí na Samhna gach bliain bíonn comhaontú leanúnach ag ÚCIM le cabhrú le Foras na Mara maidir le héascú thógáil samplaí sliogéisc chun anailís rianmhiotail agus orgánahalaiginí a cheadú.

I Mí na Samhna 2018, rinneadh sampláil ar 58 láithreán ag OCIM le haghaidh Anailíse Ceimicí níos déanaí rianmhiotail agus orgánahalaiginí ag Foras na Mara.

Suirbhé Noraivíreas EFSA

I Mí Dheireadh Fómhair 2018 tugadh suirbhé Noraivíreas an AE ar limistéir tháirgthe oisrí agus ar ionaid seolta chun críche.

Clár 15: Limistéir Tháirgthe Éireannacha Sampláilte in aghaidh an Phoirt

Réigún Oifig Phoirt	Ionaid Samplála
Na Cealla Beaga	7
Ros an Mhíl	7
An Daingean	4
Cloich na Coillte	2
An Dún Mór Thoir	2

Ba é cuspóir an tsuirbhé (a bhí ar siúl idir Mí na Samhna 2016 agus Mí Dheireadh Fómhair 2018) ná meastachán a dhéanamh faoi leiththeadúlacht oisrí atá truaillithe ag an nóraivíreas ag limistéir tháirgthe agus ag leibhéal seolta ar fud na hEorpa. Cabhróidh torthaí an tsuirbhé le socrú srianta Noraivíris, agus cén áit na teorainneacha seo a chur i bhfeidhm cé acu leibhéal an ionaid seolta nó ag leibhéal an limistéir tháirgthe.

Aithnítear Éire mar cheann de na táirgeoirí is mó Oisrí (*C.gigas* agus *O.Edulis*) san Eoraip (thart ar 9,500 tonna i 2016) agus cuireadh mar chúram ar an tír sampláil a chur i gcrích ag 22 as na 56 limistéar gníomhach táirgeachta sa tír, agus ionad seolta amháin. Cuireadh roghnú na 22 limistéar táirgthe Éireannach i gcrích le húsáid fhorordaithe uirlise roghnúcháin de chuid EFSA, a chinntigh randamacht iomlán sa roghnú.

Cuireadh mar chúram ar na Ballstáit freisin na cainníochtaí iomlána Oisrí a sheoltar in aghaidh na míosa ó gach ionad faofa seolta a sholáthar.



Doiciméad treorach nóraivíris do tháirgeoirí Oisrí

I Mí na Nollag 2018, tar éis suirbhé Noraivíris an AE a thabhairt chun críche, i gcomhar le ÚSBÉ, Foras na Mara agus BIM, sholáthair ÚCIM doiciméad treorach nóraivíris do tháirgeoirí oisrí.

Is í Éire an t-aon bhallstát AE a sholáthair treoir faoin nóraivíreas le cabhrú le táirgeoirí sliogéisc leis an riosca a laghdú go gcuirfí oisrí truaillithe nóraivíris ar an margadh, ag laghdú an riosca ar an tslí sin go n-éireodh tomhaltóirí tinn mar gheall ar oisrí atá truaillithe leis an nóraivíreas.

Cé gur treoir chomhairleach seachas éigeantach atá i gceist leis an doiciméad treorach seo, moltar go nglacfadh táirgeoirí sliogéisc nó Oibritheoirí Gnólachta Bhia leis má tá siad ag cur oisrí ar an margadh don tomhaltas daonna. Nuair a thugtar aghaidh go honnghníomhach ar an Noraivíreas i gcóras bainistíochta sábháilteachta bia cuirtear srian leis an mbaol go ndéanfaí ceist sábháilteachta bia de sin sa chéad dul síos, agus cabhraítear freisin leis an oibreoir ghnólachta bhia más amhlaidh go dtagann aon teagmhais nó cásanna chun cinn. Is féidir leis freisin cabhrú go mór le táirgeoirí sliogéisc filleadh ar ghnáthoibríochtaí tar éis teagmhais deimhnithe.

Cuirtear faisnéis agus treoir ar fáil maidir leis na rioscaí sábháilteachta bia a bhaineann leis an nóraivíreas in oisrí agus na riachtanais ghinearálta dlí bhia a bhaineann leis an gceist seo. Cuireann an doiciméad síos freisin ar shraith roghanna molta bainistithe riosca ar aidhm leo an baol a laghdú go ndéanfaí buainteoireacht ar oisrí atá truaillithe leis an nóraivíreas ná go gcuirfí ar an margadh iad. Tá mar chuid de na roghanna bainistithe riosca seo dualgais rialála agus dea-chleachtas molta, agus tá sé i gceist go mbainfeadh idir tháirgeoirí príomhúla agus lárionaid fhaofa sheolta úsáid astu.

Cé go bhfuil cuid de na bearta bainistíochta seo comhairleach, spreagtar cnuasaitheoirí sliogéisc lena gcur san áireamh i gcomhthéacs a gcuid oibríochtaí féin chomh maith leis na dálaí áitiúla.

Tá an doiciméad ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.sfpa.ie.

Teagmhais Bhia

Teagmhas bia is ea aon imeacht nuair is ann do cheisteanna imní, bunaithe ar an eolas atá ar fáil, faoi shábháilteacht nó faoi chaighdeán bia agus mar a bhfuil obair leantach ag teastáil ó na húdaráis Inniúla ar mhaithe le sláinte na dtomhaltóirí.

Is féidir go bhfaigheadh ÚCIM eolas a chuireann tús le teagmhas bia ó fhoinsí éagsúla, leithéidí USBÉ, OCIM le linn rialuithe oifigiúla, torthaí ó anailís saotharlainne, Gníomhaireacht Oifigiúil eile, déantúsóir bia nó gearán tomhaltóra.

Tá córas cuimsitheach bainistithe bhia i bhfeidhm ag ÚCIM do theagmhais bhia a bhaineann leis an mbia mara. Déantar obair leantach faoi gach breoiteacht bhia a thuairiscítear ar bhonn práinneach ag ÚCIM. Bíonn i gceist le fiosrúcháin seiceálacha doiciméid, athbhreithniú ar chórais inrianaitheachta an Oibritheora Ghnólachta Bhia chomh maith le seiceálacha ar shláinteachas oibríochtúil ar fud an tslabhra sholáthair bhia mhara. Tá i gceist le bainistiú theagmhas bia comhordú forleathan agus obair leantach réigiúnach, tadhall leis an Oibreoir Gnólachta Bhia ábhartha, le USBÉ agus nuair is gá sin le Gníomhaireachtaí Oifigiúla eile. Mar chuid den obair leantach i dtaca le rialú oifigiúil, deimhníonn ÚCIM go ndéantar bia baolach atá ar an margadh a aisghairm go rafar ag an oibreoir gnólachta bhia.

Ag Cosaint na dTomhaltóirí

Ceann de na feidhmeanna is tábhachtaí a bhaineann le sainchúram sábháilteachta bia ÚCIM is ea an tsláinte phoiblí a chosaint agus iarracht a dhéanamh, nuair is féidir sin, gan ligean do dhochar tarlú do na tomhaltóirí.

I margadh domhanda, is cuid lárnach de bhaint amach an chuspóra sin dea-chaidreamh a bhunú lenár gcuid contrapháirteanna i náisiúin trádála chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Le linn 2019 chuir údaráis rialaithe na Fraince ÚCIM ar an eolas faoi dhúnadh roinnt limistéar iascaireachta muiríní fiáine mar gheall ar leibhéil iomarcacha bhiotocsaíní lipifíleacha.

Ansin bhí ÚCIM in ann comhairle a thabhairt dár gcuid iascairí dá réir agus iad a chur ar an eolas ina dhiaidh sin nuair a bheadh sé sábháilte bheith ag iascaireacht sna huiscí sin arís.

Cuirtear an-fheabhas ar éifeachtacht an chineáil seo idirghabhála chun tomhaltóirí a chosaint ag an ról dubailte atá ag ÚCIM a cheadaíonn cumarsáidí gasta agus díreacha leis an earnáil ghníomhach iascaireachta ar muir.

Teagmhais de réir Catagóire

Le linn 2018 rinne ÚCIM fiosrúchán faoi 25 theagmhas bia san iomlán, faoi mar a mhínítear i gClár 13.

Rinneadh mórchuid acu seo a chatagóiriú mar Ghearáin Bhia ós rud é gur bhain siad le neamhchomhlíontacht na gcaighdeán bia sainmhínithe nó le gearáin maidir le táirge bia. Tá mar chuid dá leithéid de theagmhais ghnólachta bhia ceisteanna den chineál seo: feidhmiú gan faomhadh, nó bheith ag feidhmiú taobh amuigh de pharaiméadair an chórais infheidhmithe bhainistithe shábháilteachta bhia. Baineann teagmhais nimhithe bhia le teagmhais thuairiscithe bhreoiteachta inar féidir go raibh bia mara i gceist, cé nár cruthaíodh sin in aon cheann de na cásanna a ndearnadh fiosrúchán fúthu.

Clár 16: Teagmhais Bhia 2018 de réir Catagóire

Catagóir	Líon na dTeagmhais
Bia	14
Gnólacht Bia	6
Nimhiú Bia	5
Iomlán	25

Oiliúint agus Forbairt

I gClár 17 cuirtear síos ar na cúrsaí oiliúna sábháilteachta agus forbartha bia ar tugadh fúthu i 2018. San iomlán tugadh 29 gcúrsa oiliúna nó seimineár le 233 fhreastalaí chun críche ag OCIM i 2018. Bhí mar chuid den oiliúint ceardlanna, seimineáir, cúrsaí oiliúna traidisiúnta agus cúrsaí oiliúna ar líne.

Clár 17: Oiliúint agus Forbairt Sábháilteachta Bia 2018

Ábhar	Líon na nImeachtaí	Rannpháirtithe
Oiliúint Lipéadaithe BTSF	1	1
Oiliúint Ainmhithe Uisceacha BTSF	1	2
Oiliúint Mhoileasc Beo Débhlaoscach BTSF	1	2
Cruinnithe Nuashonraithe Shábháilteachta Bia ÚCIM don fhoireann	6	53
Comhdháil safe food faoi <i>Listeria monocytogenes</i>	1	5
Iníúchadh ar chaighdeán bhia a chur i gcrích (Oiliúint Leibhéal 6 QQI)	3	10
Comhdháil safe food - Ár mBia - ár dtodhchaí: Cruinniú mullaigh i mBéal Feirste faoin tsláine dhomhanda bhia	1	5
Rialachán ÚSBÉ 625/2017, oiliúint fhoirne	1	30
Oiliúint trasghníomhaireachta ÚSBÉ ar rialachán 625/2017 d'fhoireann Saotharlainne	1	2
Oiliúint in-tí ÚCIM earcaigh nua OCIM	1	13
Córais Bhainistithe Shábháilteachta Bia a Dhearadh (Oiliúint leibhéal 6 QQI, ag ionchorprú HACCP d'earcaigh nua OCIM)	1	13
Ceardlann Bhia Mhara Teagasc	1	2
Oiliúint fhiosrúcháin bunaithe ar fhaisnéis ÚSBÉ	1	3
Sláinteachas agus rialú bia ar tháirgí iascaigh agus moilisc bheo dhébhlaoscacha BTSF	1	1
Cúrsa safeynet ÚSBÉ- Blaistithe	1	13
Cúrsa safeynet ÚSBÉ -Breiseáin Bhia: Buneolas	1	11
Cúrsa safeynet ÚSBÉ -Breiseáin Bhia: Lipéadú	1	2
Cúrsa safeynet ÚSBÉ - Eolas Cothaithe faoi FIC	1	13
Cúrsa safeynet ÚSBÉ - Eolas Bia do Bhia Réamhphacáilte	1	13
Cúrsa safeynet ÚSBÉ -Ábhair Theagmhála Bhia	1	13
Cúrsa safeynet ÚSBÉ -Rialachán Critéir Mhicribhitheolaíoch 2073/2005 Modúl 1: Ag Aithint Critéar Ábhartha Micribhitheolaíoch	1	13
Cúrsa safeynet ÚSBÉ-Rialachán 2073/2005 Modúl 2: Sampláil agus Tástáil	1	13
Iomlán	29	233

Comhoibriú

Eilimint bhunriachtanach chóras éifeachtach rialaithe shábháilteachta bia is ea an comhoibriú le gníomhaireachtaí eile, Ranna Rialtais eile agus le comhghleacaithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. I 2018 ghlac Oifigigh de chuid ÚCIM páirt i 32 chruinniú den chineál seo san iomlán, faoi mar a mhínítear i gClár 18.

Clár 18: Cruinnithe a bhaineann le Sábháilteacht Bhia

Imeacht	Líon na gCruinnithe
Cruinniú Tadhaill ÚSBÉ (.i. Cruinnithe ÚSBÉ le duine Tadhaill ÚCIM lonnaithe in ÚSBÉ)	8
ÚSBÉ Eile (sonraigh, le do thoil):	
Cruinniú Ullmhúcháin lonsamhlaithe Ghéarchéime ÚSBÉ	5
Cruinniú ÚSBÉ re socruithe maoirseachta	1
Cruinnithe ÚSBÉ ÚCIM OAPI	2
Cruinniú Coiste Stiúrtha Rialacháin Rialaithe Oifigiúil ÚSBÉ	2
Cruinniú Trasghníomhaireachta ÚSBÉ/FnaM/ÚCIM re Iniúchadh F GFA SANTE	2
Cruinniú rialuithe nóraiviris trasghníomhaireachta ÚSBÉ/ÚCIM/FnaM/BIM	1
MSSC	4
Cruinniú tríthaobhach (ÚSBÉ/ÚCIM/FnaM)	2
Cruinniú Déthaobhach ÚSBÉ	4
Cruinniú RTBM & ÚCIM faoi FTA	1
Athbhreithniú Bliantúil Aicmithe LBM	2
Cruinniú Coiste Codex na hÉireann	1
Grúpa Oibre LBM an Choimisiúin	1
Cruinniú Fotháirgí Ainmhithe (FTA) Trasghníomhaireachta	1
Cruinniú grúpa Bainistithe Iarmhar Trasghníomhaireachta	1
Cruinniú Mara Trasteorann ÚSBÉ, ÚCIM & USB an Tuaiscirt	1
Grúpa Oibre Ciandíola	1
Aonad Tacaíochta Bia agus Iascaigh ÚCIM	3
Cruinniú Grúpa Bainistithe Chladaigh faoi phrótacail Aicmithe	2
Cruinniú Roinnte Sonraí Uisce Éireann (suirbhéanna líne chladaigh)	1
Gníomhaireacht na Lochanna/ ÚSBÉ	1
Forléargas Anailísithe Gnó Phróisis Tacaíochta Bia	4
Cruinniú re Nóravíras le foireann ÚCIM	1
Cruinniú re clár díghalraithe Uiscí Dramhaíola na hÉireann maidir le huiscí Sliogéisc	1
Cruinniú re ábhar suímh ghréasáin ÚCIM	1
Cruinniú cláir shuirbhé shláinteachais	1
Cruinnithe a bhain go sonrach le Muiríní	4
Cruinniú SeaTraces	1
Cruinniú ÚCIM BIM re athbhreithniú ar dhoiciméad treorach soithigh BIM	2
Cruinnithe Réigiúnacha Faisnéise Sliogéisc (Beanntraí agus Cé na Cille Móire)	3
Cruinniú Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta Theicniúil	1
Iomlán	32

Gníomhaíocht Chomhlíontachta

San iomlán tugadh faoi 12 bheart forfheidhmithe ag ÚCIM i 2018, ag cuimsiú 10 bhfógra comhlíontachta, 1 fhógra Feabhsúcháin, 1 ordú toirmisc agus 2 ionchúiseamh.

Déantar fógraí comhlíontachta a sheirbheáil faoi rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bia agus Sláinteachas Bia) 2009; déantar fógraí feabhsúcháin agus orduithe toirmisc a sheirbheáil faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.

Rinneadh fógraí comhlíontachta a sheirbheáil maidir le cionta den chineál seo: gnólacht bia a fheidhmiú gan an faomhadh riachtanach (3), buainteoireacht sliogéisc ó limistéir neamhaicmithe (3), rialuithe neamhsásúla teochta (2), inrianaitheacht neamhchríochnúil (1) agus eolas don tomhaltóir atá míthreorach maidir le tréithe agus nádúr an bhia mhara atá ar díol (1).

Rinneadh an fógra feabhsúcháin a sheirbheáil maidir le hoisrí a bhí á saothrú i limistéar 'Aicme A'. Is féidir na hoisrí a ndéantar buainteoireacht orthu ó uiscí Aicme A a dhíol go díreach do thomhaltas na ndaoine gan aon chóireáil bhreise. Nuair a thóg OCIM sampla oifigiúil fuarthas torthaí a sháraigh na teorainneacha riachtanacha dá leithéid d'aicmiú; rinneadh an fógra a sheirbheáil, mar sin de, ag tabhairt treorach nach raibh buainteoireacht le déanamh ar na hoisrí ach amháin má bhí siad le bheith faoi réir díothaithe ag ionad faofa íonúcháin.

Rinneadh an t-ordú toirmisc a sheirbheáil maidir le coinsíneacht iompórtáilte bhia mhara. Tar éis iniúchadh a dhéanamh, ní raibh an t-iompórtálaí in ann fianaise a sholáthar le deimhniú gur chomhlíon an táirge na caighdeáin riachtanacha shláinte. Rinneadh an fógra toirmisc a sheirbheáil maidir leis an mbaisc faoi thrácht agus tugadh treoracha don oibritheoir gnólachta bhia gach coinsíneacht a aisghairm a seoladh amach.

Bhain an dá ionchúiseamh le trádáil neamhdhleathach sliogéisc, lena n-áirítear brionnú dhoiciméad inrianaitheachta agus bréagléiriú bradáin as Albain mar bhradán as Éirinn/na hOileáin Fharó.



'Bíonn na Rialacháin Sláinteachais Bia éifeachtach' arsa Breitheamh.

Tar éis comhfhiorsúcháin idir ÚCIM agus an Garda Síochána maidir leis an trádáil neamhdhleathach sliogéisc, gearradh féineál €2,500 ar Oibritheoir Gnólachta Bia (OGB) agus ordaíodh dó €500 a íoc i dtreo costas tar éis dó bheith ciontaithe as cúig chion faoi rialacháin sláinteachais bhia.

Agus pianbhreith á chur ar an OGB aige dúirt an Breitheamh an méid seo: 'Ní mór bailiú, díolachán agus dáiliúchán sliogéisc a rialú chomh grinn agus is féidir, ós rud é go bhfuil baol mór ann go mbeidh baill den phobal breoite mura gcloítear leis an bpróiseas rialála.

Bhain an fhiorsúchán le buainteoireacht agus le heaspórtáil neamhdhleathach sliogéisc ó uiscí neamhaicmithe. Aicmítear uiscí sliogéisc de réir chaighdeán an uisce atá le fáil ann, agus cinneann an t-aicmiú seo na leibhéil chóireála atá riachtanach chun sábháiltacht an tsliogéisc a chinntiú a ndéantar buainteoireacht air; ina theannta sin déantar monatóireacht leanúnach ar limistéir tháirgthe ghníomhaí maidir le truailliú biotocsainí chun an tsláinte phoiblí a chosaint.

Baol suntasach do thomhaltóirí atá i gceist le buainteoireacht táirgí neamhdhleathacha ó limistéir neamhaicmithe chun é a dhíol don tomhaltas daonna, agus sin díreach an rud a bhí ag tarlú sa chás seo. San fhiosrúchán mionsonraithe ar tugadh faoi fuarthas fianaise maidir le heaspórtáil choinsíneachtaí iomadúla le doiciméid sábháilteachta bia a brionnaíodh; fuarthas fianaise maidir le hiompar na n-earraí thar lear chomh maith le fianaise íocaíochtaí freisin, agus tugadh sin os comhair na cúirte freisin.

Agus é ag aithint cé chomh tromchúiseach is atá na rioscaí a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo, dhearbhaigh an breitheamh an méid seo: 'Léiríonn an cás seo go bhfuil na rialacháin sláinteachais bhia éifeachtach agus gur chuir an rialtóir a gcuid oibre i gcrích i gceart sa chás seo agus gur cás tábhachtach a bhí i gceist a tugadh os a chomhair, ag cur san áireamh na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le teipeanna i rialú ceart an tionscail seo'.

Thagair an Breitheamh don tábhacht a bhaineann le líonadh isteach cruinn na nDoiciméad Clárúcháin Sliogéisc; dúirt sé an méid seo: 'nuair nach gcomhlíontar na doiciméid seo i gceart is féidir go mbeadh iarmhairtí tubaisteacha ag baint lena leithéid'. Dúirt sé freisin 'nach páipéarachas maorlathais amháin a bhí i gceist anseo'.

Iascaireacht Neamhdhleathach Neamhthuaisricithe Neamhrialáilte (INNN)

Ídionn iascaireacht INNN stoic éisc chomh maith le gnáthóga a scrios, iomaíocht a chur as a riocht, iascairí ionraice a chur faoi mhíbhuntáiste, agus pobail chósta a lagú, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha.

Tá Éire, mar chuid den AE, ag obair le deireadh a chur leis na bealaí éalaithe sin a ligeann d’oibritheoirí neamhdhleathacha brabús a bhaint as a gcuid gníomhaíochtaí.

Bíonn táirgí éisc agus iascaigh a ndéantar iad a thrádáil isteach san Aontas Eorpach nó amach as, bíonn siad faoi réir ag rialuithe sonracha breise de réir reachtaíochta ar cuspóir leis dul i ngleic le gníomhaíocht iascaireachta INNN.

Éilíonn sin gur gá go ndéanfaí gach iompórtáil éisc isteach go hÉirinn ó thríú tíortha (tíortha taobh amuigh den AE) a fhógairt roimh ré do ÚCIM chun cur i gcrích na seiceálacha riachtanacha a cheadú. Ní mór, freisin, go bhfaighfí teastas gabhála ag am na heaspórtála d’iasc a ghabhtar ag soithí Éireannacha atá á thabhairt i dtír nó á easpórtáil go tíortha neamh AE agus é i gceist an t-iasc a thrádáil isteach san AE arís. Gan an teastas gabhála seo ní bheifear in ann a leithéid d’iasc a athiompórtáil isteach san AE.

Rialuithe Iompórtála

I 2018 rinneadh 701 iompórtáil, ar meáchan iomlán de 3,334 de tháirgí iascaigh go hÉirinn, sin laghdú 10% de réir líon na n-iasc agus 19% de réir meáchain ón mbliain roimhe sin.

Clár 19: Iompórtálacha Tríú Tír

Tír Easpórtála	Líon	Cainníocht Kg
An tSín	34	640,810
Eacuadór	22	444,013
Na hOileáin Philipíneacha	24	341,365
An Afraic Theas	14	287,033
An India	19	280,710
An Téalainn	21	274,891
Oileán Mhuirís	11	251,064
An Íoslainn	511	226,991
Vítneam	14	134,338
Hong Cong	8	106,914
An Airgintín	3	61,974
An tSile	3	59,600
Gána	1	53,129
An Iorua	2	41,887
Ceanada	2	24,828
An Rúis	1	23,002
Maenmar	1	21,373
An Bhanglaidéis	2	16,855
An Téaváin	3	15,984
SAM	3	14,214
Nua-Ghuine Phapua	1	13,187
An Chóiré	1	110
IOMLÁN	701	3,334,270

Clár 20 Na deich 10 speiceas is mó a iompórtáiltear de réir meáchain

Speiceas	Meáchan 000Kg
Boiníotó Aigéanach	1,068
Trosc Atlantach	508
Séacla Cosbhán	463
Scuid na Rinne	169
Séacla Dearg na hAirgintíne	128
Mangach Alascach	105
Anlann Oisrí	104
Leathóg	100
Colmóir Éadomhain na Rinne	94
Ainseabhaí	70

Rialuithe Easpórtála

I 2018 san iomlán eisíodh 65 choinsíneacht a raibh i gceist leo 10,795 thonna tháirge éisc le Teastais Ghabhála.

Clár 21: Teastais Ghabhála Eisithe de réir na Tíre

Tír	Líon na dTeastas Ghabhála a Eisíodh
An Iorua	19
An tSín	10
An Albáin	8
An Liotuáin	6
An Úcráin	6
An Téalainn	6
An Túinéis	4
An Bhealarúis	3
Hondúras	1
An India	1
An Indinéis	1
Iomlán	65

Eisíodh mórchuid na dteastas gabhála, 31 chinn, le haghaidh Ronnaigh.

Tá Údaráis Rialaithe Bhallstát eile i gceannas ar dheimhniú a sholáthar do tháirgí a easpórtáiltear chuig Tríú Tír, ach is féidir freisin go n-éileoidh siad deimhniú do thabhairt i dtír éisc ó shoitheach Éireannach a tharla sa Stát sin, nuair atá an táirge faoi thrácht le heaspórtáil chuig Tríú Tír, agus féidearthacht ann go ndéanfar é a athiompórtáil sa todhchaí.

Ina leithéid de chásanna, soláthraíonn an próiseas deimhnithe ráthaíocht don Bhallstát a rinne an t-iarratas gur gabhadh agus gur fógraíodh an t-iasc faoi thrácht de réir riachtanas dlíthiúil.

Trádáil Idirnáisiúnta

Teastais Sláinte 2018

San iomlán easpórtáil leadh 7,168 gcoinsíneacht bhia mhara, sin 95,117 san iomlán agus 25 speiceas ó 62 OGB go 46 thír taobh amuigh den AE i 2018.

(Tabhair faoi deara, le do thoil, go dtagraíonn na meáchain ar fad sa chuid seo don táirge faoi mar a easpórtáil leadh é agus gur féidir nach léiríonn sé meáchan beo an speicis).

Clár 22: Coinsíneachtaí deimhnihte i 2018

Tíortha	Tonna	Coinsíneacht
AN NIGÉIR	33,143	104
AN tSÍN	13,825	2,633
CAMARÚN	12,193	33
GÁNA	8,041	70
AN ÉIGIPT	5,555	39
AN ÚCRÁIN	4,808	92
AN CONGÓ	3,826	23
AN tSEAPÁIN	2,596	89
VÍTNEAM	2,592	36
AN LIBÉIR	1,397	19
POBLACHT NA CÓIRÉ	1,258	137
HONG CONG	841	2,163
BEININ	809	17
AN TÉAVÁIN	630	96
AONTAS NA nÉIMIRÍOCHTAÍ ARABACHA	611	359
IAMÁICE	372	15
TÓGA	329	4
AN AFRAIC THEAS	217	18
AN GHABÚIN	208	5
AN tSEOIRSIA	200	4
SINGEAPÓR	200	402
IOSRAEL	184	9
AN TÉALAINN	172	101
AN IORDÁIN	125	3
POBLACHT NA MOLDÓIVE	125	2
AN BHEALARÚIS	125	5
AN GHUINE	100	3
HÁÍTÍ	100	2
AN CÓSTA EABHAIR	100	3
CEANADA	96	382
AN MHALAEISIA	78	220
Eile	261	80
Iomlán	95,117	7,168

Na Trí Náisiún Is Mó Iompórtála

Trí thír a bhí i gceist le 62.2% den chainníocht de bhia mara Éireannach a easpórtáil leadh chuig tíortha taobh amuigh den AE i 2018: an Nigéir 34.9%; an tSín 14.5%; Camarún 12.8%.

Speicis pheiligeacha go príomha a bhí sna heaspórtálacha chuig an Nigéir agus go Camarún; i measc na n-easpórtálacha chun na Síne bhí raon éagsúil táirgí Éireannacha bia mhara.

Clár 23: Easpórtálacha chun na Nigéire

Speiceas	Tonna
Faoitín Gorm	25,933
Bolmán	3,575
Ronnach	2,299
Scadán	1,336
Iomlán	33,143

Clár 24: Easpórtálacha chun na Síne

Speicis	Tonna
Ronnach	6,878
Bolmán	2,710
Portán	1,809
Cuachma	1,425
Oisrí an	516
Aigéin Chiúin	153
Sceana Mara	125
Faoitín Gorm	123
Cloicheáin	42
Gliomach	25
Scadán	19
Iomlán	13,825

Clár 25: Easpórtálacha chuig an gCamarún

Speicis	Tonna
Bolmán	11,816
Faoitín Gorm	302
Scadán	75
Iomlán	12,193

Easpórtálacha de réir Aicme Speicis

I 2018 as an líon iomlán bia mhara a deimhníodh le haghaidh easpórtála speicis pheiligeacha a bhí i gceist le 87,530 tonna; is ionann sin agus 92% de na heaspórtálacha. Chuimsigh sin faoitín gorm, ronnach agus bolmán. Sliogiasc a bhí sa chuid eile ar fad, beagnach; easpórtáileadh 6,834 tonna san iomlán, agus easpórtáileadh 753 thonna éisc chruinn freisin chuig tíortha taobh amuigh den AE.

Clár 26: Easpórtálacha de réir Aicme

Aicme Speicis	Tonna	Céatadán
Peiligeach	87,530	92
Sliogiasc	6,834	7.2
Iasc cruinn	753	0.8
Iomlán	95,117	100

Clár 27: Easpórtálacha Speiceas Peiligeach

Peiligeach	Tonna
Faoitín Gorm	31,806
Ronnach	26,526
Bolmán	26,195
Scadán	2,972
Salán	31
Iomlán	87,530

Clár 28: Easpórtálacha Speiceas Sliogéis

Sliogiasc	Tonna
Cuachma	2,925
Portán Dearg	2,091
Oisrí an Aigéin Chiúin	964
Sceana Mara	572
Cloicheáin	171
Gliomach	52
Diúilicíní	33
Luaineachán	18
Sliogán Dobharchú Coiteann	7
Eile	1
Iomlán	6,834

Clár 29: Easpórtálacha Speiceas Iasc Cruinn

Iasc Cruinn	Tonna
Bradán	752
Eile	1
Iomlán	753


Príomheaspórtálacha de réir an Speicis

Sna cláir agus sna cairteacha thíos tugtar anailís mhionsonraithe de na 8 príomhspeiceas a easpórtáiltear sa tír ar easpórtáileadh an táirge chuici, na cainníochtaí a cuireadh chuig gach tír agus, de réir mar a bhaineann le feidhm, cur i láthair an bhia mhara ag am na heaspórtála.

Clár 30: Easpórtálacha Fhaoitín Ghoirm

Tír	Tonna
An Nigéir	25,933
An Congó	3,700
An Libéir	1,397
Camarún	302
Beinin	150
An tSín	125
An tSeoirsia	100
Eile	99
Iomlán	31,806

Figiúr 24: Easpórtálacha Faoitín Ghoirm (Tonnaí)




Easpórtáileadh an faoitín gorm ar fad agus é reoite.

Clár 31: Easpórtálacha Ronnaigh

Tír	Tonna
An tSín	6,878
Gána	6,766
An Úcráin	4,762
An Nigéir	2,299
An tSeapáin	1,976
An Éigipt	1,621
Vítneam	667
An Téaváin, cúige de chuid na Síne	538
Iamáice	257
Poblacht na Moldóive	125
An tSeoirsia	100
Singepór	100
Eile	437
Iomlán	26,526

Figiúr 25: Easpórtálacha Ronnaigh (Tonnaí)




Clár 32: Cur i Láthair Easpórtálacha Ronnaigh

Cur i Láthair	Tonna
Reoite	26,465
Deataithe	54
Stánaithe	7
Iomlán	26,526

Clár 33: Easpórtálacha Bolmáin

Tír	Tonna
Camarún	11,816
An Nigéir	3,575
An Éigipt	2,975
An tSín	2,710
Vítneam	1,915
Gána	1,025
Beinin	634
An tSeapáin	355
Tóga	279
An Ghabúin	208
An Congó	126
Iamáice	115
An Ghuine	100
Háití	100
An Afraic Theas	100
Eile	162
Iomlán	26,195

Figiúr 26: Easpórtálacha Bolmáin Atlantaigh (Tonnaí)




Easpórtáileadh an bolmán ar fad agus é reoite

Clár 34: Easpórtálacha Scadáin

Tír	Tonna
An Nigéir	1,336
An Éigipt	952
Gána	250
Iosrael	118
An Afraic Theas	116
Camarún	75
Eile	125
Iomlán	2,972

Figiúr 27: Easpórtálacha Scadáin (Tonnaí)




Clár 35: Cur i Láthair Easpórtálacha Scadáin

Cur i Láthair	Tonna
Reoite	2,862
Saillte	110
Iomlán	2,972

Clár 36: Easpórtálacha Cuachma

Tír	Tonna
An tSín	1,425
Poblacht na Cóiré	1,204
An tSeapáin	180
Hong Cong	70
An Téaváin, Cúige de chuid na Síne	36
An Téalainn	6
Singeapór	4
Iomlán	2,925

Figiúr 28: Easpórtálacha Cuachma (Tonnaí)




Easpórtáil leadh na cuachmaí ar fad agus iad reoite.

Clár 37: Easpórtálacha Portáin Dheirg

Tír	Tonna
An tSín	1,809
Hong Cong	111
An tSeapáin	58
Poblacht na Cóiré	53
An Téaváin, Cúige de chuid na Síne	48
Singeapór	4
An Mhalaeisia	3
Ceanada	2
Vítneam	2
Eile	1
Iomlán	2,091

Figiúr 29: Easpórtálacha Portáin Dheirg (Tonnaí)




Clár 38: Easpórtálacha Portáin Dheirg, Cur i Láthair

Cur i Láthair	Tonna
Reoite	1,404
Paisteartha	30
Beo	657
Iomlán	2,091

Clár 39: Easpórtálacha Oisrí an Aigéin Chiúin

Tír	Tonna
An tSín	516
Hong Cong	287
Singeapór	82
An Mhalaeisia	39
An Téalainn	14
An tSeapáin	10
Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha	8
Ceanada	6
Vítneam	1
Eile	1
Iomlán	964

Figiúr 30: Easpórtálacha Oisrí an Aigéin Chiúin (Tonnaí)




Easpórtáileadh na hoisrí seo ar fad mar tháirgí beo

Clár 40: Easpórtálacha Bradáin

Tír	Tonna
Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha	598
An Bhealarúis	100
Hong Cong	22
An Úcráin	20
An Liobáin	6
Ceanada	4
An Téalainn	1
Eile	1
Iomlán	752

Figiúr 31: Easpórtálacha Bradáin (Tonnaí)




Clár 41: Easpórtálacha Bradáin, Cur i Láthair

Cur i Láthair	Tonna
Úr nó Reoite	748
Deataithe	4
Iomlán	752

Clár 42: Easpórtálacha Sceana Mara

Tír	Tonna
Hong Cong	330
An tSín	153
Ceanada	57
An Mhalaeisia	9
Singeapór	9
An tSeapáin	9
An Téaváin, Cúige de chuid na Síne	5
Iomlán	572

Figiúr 32: Easpórtálach Sceana Mara (Tonnaí)



Clár 43: Easpórtálacha Sceana Mara, Cur i Láthair

Cur i Láthair	Tonna
Beo	545
Reoite	27
Iomlán	572

Iniúchtaí Teicniúla Inmheánacha

Tugtar sainordú do ÚCIM go reachtúil chun iniúchtaí inmheánacha a chur i gcrích laistigh den eagraíocht. Bunaíodh measúnú riosca agus plan oibre iniúchta inmheánaigh 5 bliana i 2017; cuireadh na hiniúchtaí inmheánacha seo a leanas i gcrích i 2018:

Rialuithe Oifigiúla ar thógáil samplaí

Bhí an t-iniúchadh inmheánach seo srianta do na Rialuithe Oifigiúla faoi chomhlíonadh le sampláil (a chuimsíonn na rialuithe oifigiúla a bhaineann le Córas Bainistithe Sábháilteachta Bia Oibritheoirí Gnólachta Bhia a ionchorpraíonn HACCP). Scrúdaigh an t-iniúchadh seo socrú planáilte agus Pleananna Rialaithe, maidir le sampláil, le cinneadh go bhfuil siad oiriúnach chun na cuspóirí a bhaint amach atá leagtha amach sa reachtaíocht ábhartha shábháilteachta bhia. Rinneadh an measúnú seo i dtaca le hoiriúnacht na Rialuithe Oifigiúla, maidir le minicíocht, modhanna agus gnéithe ábhartha eile de na socruithe planáilte.

Rialú Oifigiúil faoin dualgas iasc a mheá

Rinne an t-iniúchadh seo athbhreithniú ar na gnáthaimh, na polasaithe agus na nótaí treorach a bhaineann le feidhm i gcás rialuithe oifigiúla chun comhlíontacht Alt 60 agus 61 den Rialachán AE 1224/2009 a dheimhniú, chomh maith le hAilt 69-89 ó Rialachán 404/2011 a sholáthraíonn tuilleadh eolais faoi Ailt 1224/2009.

Rialú Oifigiúil faoi chomhlíonadh Dheiseanna lascaigh

Ba é fócas an athbhreithnithe iniúchta seo ná cros-seiceáil sonraí agus deimhniú sonraí faighte agus úsáidte ag ÚCIM. Ba í an reachtaíocht a bhí i scóip an iniúchta seo ná na rialuithe oifigiúla chun Alt 109 den Rialachán AE 1224/2009 a dheimhniú, chomh maith le halt 88, 89, 106, 143 agus 145 den Rialachán 404/2011 a sholáthraíonn tuilleadh eolais faoi Rialacháin AE Ailt 1224/2009.





Forfheidhmigh

Seachadadh comhsheasmhach d'ardchaighdeán
gníomhaíochtaí rialaithe le creatlach chomhtháite
rioscabhunaithe chun rátaí méadaithe
comhlíontachta a bhaint amach



Forfheidhmiú Sábháilteachta Bia

Dúnadh Iascaigh Chloicheáin FU16: Athbhreithniú Ardchúirte

Tá iascaigh cloicheáin i measc na gceann is tábhachtaí i LEE na hÉireann, i dtéarmaí méide agus luacha araon. Aithníonn eolaíocht iascaigh stoic éagsúla chloicheáin, agus leithdháileann reachtaíocht an AE Gabhálacha Iomlána is Incheadaithe (GII) chuig limistéir shainmhínithe thíreolaíocha a dtugtar Aonaid Fheidhmiúla (AF) orthu. Ceann de na meánna cloicheáin is suntasaí do shoithí Éireannacha ná FU16, a dtagraítear dó de ghnách mar iascach an Chloicheáin Porcupine. Is gnách go mbíonn gabhálacha ón limistéar seo níos mó agus níos luachmháire, agus go ginearálta bíonn na cuótaí atá ar fáil ag soithí aonair iascaireachta cuíosach sriantach.

Le linn chéad leath 2017 d'aimsigh ár monatóireacht leanúnach ghníomhaíochta soithí iascaireachta patrún iascaireachta a raibh i gceist leis riosca neamhchomhlíontachta maidir le fógairt limistéir ghabhála do na cloicheáin a ghabhtar i FU16.

Bhí turasanna iascaireachta ag tarlú ina rabhtas ag caitheamh tréimhsí sách fada i FU16 ach gan ach líon beag gabhálacha a fhógairt; ag an am céanna bhí fógairtí móra á ndéanamh de thairbhe thréimhsí gearra a bhí á gcaitheamh taobh amuigh de limistéar FU16. Tugadh an patrún seo faoi deara go leibhéil éagsúla i gcás bhreis is 40 soitheach iascaireachta.

Chomh maith le bheith ag díriú ar iniúchtaí fisiciúla gabhála ar muir agus tar éis a tabhairt i dtír, ghníomhaigh muid mar seo freisin: chuir muid ár gcúis inni in iúl don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (an tAire) agus thug muid comhairle faoi roghanna bainistithe arbh fhéidir iad a úsáid chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar an riosca. Chuir muid an chúis inni seo ar a súile freisin d'ionadaithe de chuid an tionscail.

Baineadh amach comhaontú tosaigh chun éirí as a bheith ag leithdháileadh cuótaí don iascach ó lár 2017 ar aghaidh, agus é i gceist athoscailt níos faide anonn sa bhliain chun GII iarmharacha a ghabháil, iad sin a bhí ar fáil, ba chosúil, nuair a áiríodh an méid a bhí fágtha de réir limistéar gabhála fógartha na n-iascairí.



Figiúr 33: Íomhá de LEE na hÉireann a léiríonn limistéar FU16

Níos déanaí i 2017 rinne muid athmheasúnú ar na sonraí maidir leis na gabhálacha seo agus ba é an tátal a bhain muid as go ndéanfaí an asghabháil iomlán ó 2017 a mheasúnú ar bhealach níos cruinne trí ghabhálacha a athleithdháileadh ó thurasanna iascaireachta bunaithe ar an méid ama a chaitear i FU16 agus i limistéir taobh amuigh den limistéar sin. Thug an t-athleithdháileadh seo le fios gur gabhadh GII na hÉireann do FU16 cheana, leoga go ndeachthas go suntasach thairis.

Bunaithe ar athmheasúnú seo na has-ghabhála, chuir muid aighneacht faoi bhráid an Aire agus faoi bhráid DG-Mara Choimisiún an AE. Bhí de thoradh air dúnadh an iascaigh do chuid eile 2017.

Thionscnaigh roinnt iascairí faoi thrácht athbhreithniú breithiúnach san Ardchúirt, in aghaidh an atháirimh a bhí déanta againn agus dúnadh an iascaigh ina dhiaidh sin. Bhí i gceist leis an ngníomh seo urghaire tosaigh idirbhreitheach chun 'bac' a iarraidh, agus éisteadh leis na haighneachtaí ag an Ardchúirt i Mí na Nollag 2017.

D'fhoilsigh an Ardchúirt a breithiúnas maidir leis an urghaire i Mí Eanáir 2018; diúltaíodh an t-urghaire a dheonú a raibh na hiascairí á lorg. Tharla na himeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh san Ardchúirt i Mí na Bealtaine 2018 agus foilsíodh an breithiúnas i Mí Dheireadh Fómhair 2018; rialaigh an chúirt i bhfabhar lenár gcur chuige de bheith ag déanamh athmheasúnaithe ar an ais-ghabháil nuair a bhíonn cuma neamhiontaofa ar fhógairtí na n-iascairí.

Go ginearálta is seasamh tábhachtach é seo ó thaobh ÚCIM de, ag taispeáint go bhfuil muid toilteanach gach uirlis rialála a úsáid atá ar fáil againn chun stoic iascaireachta a chosaint. Athosclaíodh iascach cloicheáin FU16 i 2018; roghnaigh an tAire cloí leis an straitéis a bhí molta ag ÚCIM, go ndéanfaí cuóta FU16 a leithdháileadh le haghaidh iascaireachta le linn turasanna don limistéar sin amháin gan a bheith ag iascaireacht i limistéir eile; leis sin is féidir an poitéinseal a bhainistiú go ndéanfaí gabhálacha FU16 a fhógairt go míthreorach mar chinn a tháinig as cuid den turas a rinneadh taobh amuigh den limistéar.

Agus an tuairisc seo á scríobh níor tháinig cásanna aonair ionchúisimh os comhair chúirteanna na hÉireann go fóill, agus níor éisteadh fós leis an achomharc in aghaidh bhreithiúnas an Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ach an oiread.



Figiúr 34: Nephrops, a dtugtar Cloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath orthu freisin.

Forfheidhmiú Rialaithe Iascaigh

Rinneadh athbhreithniú substaintiúil ar chomhaid cháis neamhchríochnaithe agus ar dhul chun cinn i dtreo prótacail leis an SIP. I 2018 tionscnaíodh 61 cháschomhad iascaigh, 10 gcoinneáil san áireamh. Ionchúiseamh rafar an toradh a bhí ar 4 cháschomhad iascaigh mhara agus 3 chás sábháilteachta bia le linn 2018. Rinneadh Breithiúnais Ardchúirte ar son na Roinne agus ÚCIM maidir le hurghaire agus athbhreithniú breithiúnach a bhí iarrtha ag daoine maidir le hiascaireacht chloicheáin FU16 a tharla i 2017.

Rinneadh athbhreithniú suntasach ar chomhaid cháis neamhdhúnta agus ar dhul chun cinn i dtreo prótacail leis an SIP.

Clár 44: Forfheidhmiú Iascaigh 2018

Cás	Líon na gCionta Amhrasta	Cion Amhrasta	Cion/-ta Amhrasta
1	1	lascaireacht laistigh de limistéar 12NM de réir Náisiúntachta	
2	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
3	1	Róthaifeadadh na gabhála	
4	1	Róthaifeadadh na gabhála	
5	1	Róthaifeadadh na gabhála	
6	1	Róthaifeadadh na gabhála	
7	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
8	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
9	1	lascaireacht ag sárú FMN	
10	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
11	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
12	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
13	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
14	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
15	4	Dhá shárú logleabhair, gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	Dhá shárú maidir le hiascaireacht ag sárú FMN
16	1	Ganntaifeadadh láimhínigh	
17	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN

Cás	Líon na gCionta Amhrasta	Cion Amhrasta	Cion/-ta Amhrasta
18	1	lascaireacht laistigh de limistéar 12NM de réir Náisiúntachta	
19	1	lascaireacht ag sárú Údarú HER	
20	1	lascaireacht ag sárú FMN	
21	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
22	1	Coinneáil na Speiceas	
23	2	Coiscthe	lascaireacht ag sárú FMN
24	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
25	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
26	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
27	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
28	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
29	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
30	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
31	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
32	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
33	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
34	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
35	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
36	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
37	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN


Cás	Líon na gCionta Amhrasta	Cion Amhrasta	Cion/-ta Amhrasta
38	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
39	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
40	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
41	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
42	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
43	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
44	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
45	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
46	2	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	lascaireacht ag sárú FMN
47	2	Teip maidir le stopadh agus ionramháil le linn iniúchta	lascaireacht neamhúdairithe ICAAT
48	1	lascaireacht laistigh de limistéar 12NM de réir Náisiúntachta	
49	2	Níos mó ná an t-uasmhéid Portáin laistigh de thréimhse 24 uac	Níos mó ná an t-uasmhéid Portáin laistigh de thréimhse 24 uac
50	1	Baint neamhdhleathach eite shiorca	
51	1	Dréimire bordála iniúchta lochtach	
52	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	Níos mó ná an t-uasmhéid Portáin laistigh de thréimhse 24 uac
53	1	lascaireacht neamhceadúnaithe ICAAT	
54	1	lascaireacht neamhceadúnaithe	

Cás	Líon na gCionta Amhrasta	Cion Amhrasta	Cion/-ta Amhrasta
55	4	Ag tabhairt i dtír/agus nó ag díol Gliomaigh faoin IR iascaireachta pota Neamhthráchtála	Ag Coimeád & Ag Tabhairt i dTír Gliomaigh atá V-eangaithe Níos mó ná 6 phota a bheith ina seilbh Ag tabhairt i dtír níos mó ná 1 ghliomach laistigh de thréimhse 24 uac
56	1	Ceist Theicniúil faoin Logleabhar	
57	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
58	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
59	1	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	
60	3	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	Teip maidir le AIS a choimeád i bhfeidhm lascaireacht ag sárú FMN
61	3	Logleabhar gan a bheith líonta isteach i gceart nó nuashonraithe	Teip maidir le AIS a choimeád i bhfeidhm lascaireacht ag sárú FMN

Clár 45: Liosta na nAcraimneacha

Giorrúchán	Cur Síos
CIR	Coiste Iniúchta & Riosca
RFT	Rochtain ar Fhaisnéis faoin Timpeallacht
BIM	Bord lascaigh Mhara
ARCC	Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste
CBI	An Comhbheartas lascaigh
RTBM	An Roinn Talmhíochta, Bia & Mara
DG MARE	An Ard-Stiúthóireacht um Ghnóthaí Mara agus lascaigh
RC	An Roinn Cosanta
SIP	An Stiúthóir Ionchúiseamh Poiblí
TTS	Trealamh Taispeántais Scáileáin
GERI	An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar lascach
ÚSBÉ	Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
CEMI	Ciste Eorpach Mara agus lascaigh
OF	Oifigeach Feidhmiúcháin
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
CTL	Córas Tuairisceoireachta Leictreonaí
ISE	Infheistíocht Struchtúrtha na hEorpa
AE	Aontas Eorpach
OGB	Oibríteoir Gnólachta Bhia
FMN	Fógra Bainistithe lascaigh
SF	Saoráil Faisnéise
FPN	Fógra Próiseála Cothroime
ÚSBÉ	Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
RGCS	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
RBRC	Rialachas, Bainistiú Riosca & Comhlíontacht
S & S	Sláinte & Sábháilteacht
AGPRC	Anailís Ghuaise & Phointí Rialacháin Chriticiúla
AOF	Ardoifigeach Feidhmiúcháin
HMRC	Coimisinéirí Ioncaim na Ríochta Aontaithe
BLSA	Ag Baint Leasa as Saibhreas ár nAigéan
AD	Acmhainní Daonna
LBL	Líne Bharr Láin
CICTA	An Chomhairle Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Tuinnín Atlantaigh
CITF	An Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaladh na Farraige
CCEI	Córas Comhtháite Eolais lascaigh

Giorrúchán	Cur Síos
PMC	Polasaí Mara Comhtháite
TBF	Teicneolaíocht Bhainistithe Fhaisnéise
ISCS	Institiúid Sábháilteachta Ceirde agus Sláinte
CI	Caidreamh Idirnáisiúnta
CSE	Cumann Sliogéisc na hÉireann
TF	Teicneolaíochta Fhaisnéise
INNN	Neamhdhleathach, Neamhthuiriscithe agus Neamhrialáilte
I WISH	Inspiring Women in Stem
Kw	Cileavatanna
MBD	Moilisc Bheo Dhébhlaoscacha
FI	Fad ar an iomlán
MEP	Ball na Parlaiminte Eorpaí
FnaM	Foras na Mara
CGCM	Coiste Grinníochóireachta Cheadúnaithe Mhara
MT	Meamram Tuisceana
BS	Ballstát
OSM	Oifig Shuirbhéireachta Mara
ENR	Eagraíocht Neamhrialtais
MM	Muirmhíle
ÚCNÉ	An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann
OOP	Oifig na nOibreacha Poiblí
BIF	Braiteoir Infridhearg Fulangach
CBFF	Córas Bainistíochta & Forbartha Feidhmíochta
ÉTPC	Éadaí agus Trealamh Pearsanta Cosanta
BRI	Bád Righin Inséidte
TTB	Timpistí Tráchtar ar Bóithre
ÚFIÉ	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
ÚCIM	An tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara
OCIM	Oifigeach um Chosaint lascaigh Mhara
BNIO	Buan-nós Imeachta Oibríochta
AFT	Aonad Fístaispeána
CMS	Córas Monatóireachta Soithigh



Tuarascálacha Airgeadais

Eolas Ginearálta	65
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste	66
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	67
Ráiteas Rialachais & Tuarascáil Bhaill an Údaráis	68
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	71
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	74
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	75
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	76
Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais	77
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	78

Eolas Ginearálta

Baill an Údaráis:	An Dr. Susan Steele Andrew Kinneen Micheál O'Mahony
Ceannoifig:	An Lárionad Náisiúnta Bia Mhara Bóthar na Páirce An Cloichín Cloich na Coillte Co. Chorcaí
Uimhir Theileafóin:	+353 23 88 59300
Uimhir Facs:	+353 23 88 59720
Suíomh Gréasáin:	www.sfpa.ie
Banc:	Banc na hÉireann Cloich na Coillte Co. Chorcaí
Iniúcháirí:	An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste, 3A, Sráid an Mhéara Uachtarach, BÁC 1

Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

Tuarascáil le cur os comhair Thithe an Oireachtais

An tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chosaint lascaigh Mhara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2018, mar atá riachtanach faoi fhorálacha Ailt 65 den Acht um lascaigh Mara agus Dlíinse Muirí 2006. Cuimsíonn na ráitis airgeadais na rudaí seo:

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí coimeádta ioncaim
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas staide airgeadais
- an ráiteas sreafa airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimriú polasaithe suntasacha cuntasáíochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais ÚCIM ag 31 Nollaig 2017 agus dá ioncam agus dá chaiteachas do 2017, i gcomhréir le FRS 102 – *An Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn tuairime

Chuir mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CII), faoi mar a fhógraítear iad ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Uachtaracha Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar ÚCIM agus tá mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam dóthanach agus cuí le bonn a sholáthar do mo thuairim.

Tuarascáil faoi fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus faoi nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag ÚCIM in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil bhail an Údaráis, agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú maidir lena leithéid d'fhaisnéis, agus faoi nithe áirithe eile a dtugaim tuairisc fúthu go heisceachtúil, san aguisín don tuarascáil seo.

Iniúchadh Coimisiúin an AE

Tá mar chuid den ráiteas faoi rialú inmheánach nochtadh maidir le hiniúchadh Choimisiúin AE ar tugadh faoi i 2018. D'aithin an t-iniúchadh cinneadh suntasach maidir le hiontaofacht mheá agus ghanntuairisciú thabhairt i dtír iasc peiligeach agus an easpa rialuithe/forfheidhmithe maidir le gabhálacha tuinnín ghoirm. I gcomhairle le comhlachtaí ábhartha eile Stáit mhol an tÚdarás tionscnaimh nua rialaithe chun aghaidh a thabhairt ar an gcinneadh a aithníodh agus a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair ag an gCoimisiún.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste
30 Meitheamh 2019

Aguisín don tuarascáil

Freagrachtaí bhaill an Údaráis um Chosaint lascaigh Mhara

Leagann an ráiteachas rialachais agus tuarascáil bhaill an Údaráis amach freagrachtaí bhaill an Údaráis do na rudaí seo:

- ullmhú ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear in alt 65 den Acht um lascaigh Mara & Dlíne Muirí 2006
- ag cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- ag cinntiú rialtacht idirbheart
- ag measúnú an bhfuil úsáid an bhoinn ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- oiread rialaithe inmheánaigh agus a mheasann siad a bheith riachtanach le hullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

Tá iachall orm faoi alt 65 den Acht um lascaigh Mara & Dlíne Muirí 2006 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais ÚCIM agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh a chur i gcrích agam ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais san iomlán saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is é atá i ndearbhú réasúnta ná ardleibhéal dearbhaithe ach ní urrús é go n-aimseoidh iniúchadh a chuirtear i gcrích de réir na CII míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Thig le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir bheith ag súil leis go réasúnta go rachaidh siad i bhfeidhm, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, ar shocruithe eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CII, cleachtaím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaím sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus measúnaím rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid; dearam agus cuirim i gcrích gnáthaimh iniúchta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá dóthaineach agus cuí le bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha a aimsiú a eascraíonn as calaois níos airde ná do cheann a eascraíonn as earráid, ós rud é gur féidir go mbeadh i gceist le calaois claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí nó sárú rialaithe inmheánaigh.
- Faighim tuiscint faoin rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh le gnáthaimh iniúchta a dhearadh atá cuí do na cúinsí, ach ní don chuspóir de bheith ag cur in iúl tuairime faoi éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú faoi oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus faoi réasúnaíocht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim amach tátal faoi oiriúnacht úsáid an bhoinn ghnóthais leantaigh chuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, faoin gceist an ann do neamhchinnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí

nó coinníollacha ar féidir go gcuirfeadh siad amhras suntasach ar chumas ÚCIM leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim amach an tátal gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha, tá iachall orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor a leithéid de nochtuithe, mo thuairimse a athrú. Tá mo thátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Is féidir, áfach, go n-éireoidh ÚCIM as mar ghnóthas leantach mar gheall ar imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí.

- Déanaim measúnú faoi chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlána na ráiteas airgeadais, na nochtuithe san áireamh, agus más rud é go léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhaineann léiriú cothrom amach.

Cuirim in iúl do na daoine sin a bhfuil rialachas mar chúram acu, maidir le, i measc nithe eile, réim agus uainiú beartaithe an iniúchta agus an cinneadh suntasach iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál tátail dearbhaithe in iúl maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh de na ráitis airgeadais, tá iachall orm faoi na CII an fhaisnéis eile a léamh a chuirtear i láthair, agus le linn dom sin a dhéanamh, déanaim breithniú maidir leis an gceist an bhfuil an fhaisnéis eile neamhchomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fhaightear le linn an iniúchta, nó más amhlaidh go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sé míráite go hábhartha ar bhealach eile. Má bhainim amach an tátal, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, gurb ann do mhíríteas ábhartha den fhaisnéis eile seo, tá iachall orm sin a thuairisciú.

Tuairisciú faoi nithe eile

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích ag tagairt do na sainbhreithniúcháin sin a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím más ann do nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím más ann d'aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm do na cuspóirí a bhí i gceist nó nuair nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

Tuairiscím go heisceachtúil maidir leis seo freisin, más é mo thuairim:

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá riachtanach do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthaineach le ligean do na ráitis airgeadais bheith iniúchta go réidh agus i gceart, nó
- Mura réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil

Bhail An Údaráis

Rialachas

Bunaíodh ÚCIM faoin Acht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006. Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis i gcuid 43 den Acht seo. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as cinntiú dhea-rialachas na heagraíochta. Is é an Cathaoirleach, ar ball den Údarás é/í agus beirt bhall eile den Údarás atá freagrach as bainistiú, rialú agus treoir laethúil ÚCIM. Is baill de chuid na Foirne Sinsearaí Bainistíochta iad na baill chomh maith. Ní mór don Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta an treoir leathan straitéiseach a leanúint atá leagtha síos ag an Údarás, agus ní mór go mbeadh tuiscint shoiléir acu maidir leis na príomhghníomhaíochtaí agus na socruithe sin a bhaineann leis an eintiteas, agus aon rioscaí suntasacha ar dócha go n-eascróidh siad. Faoi fhorálacha Ailt 68 den Acht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006, tá an Cathaoirleach cuntasach don Choiste um Chuntais Phoiblí agus an Comhchoiste um Thalmhaíocht, Bia agus Gnóthaí Muirí.

Freagrachtaí an Údaráis

Déantar soláthar d'obair agus freagrachtaí an Údaráis sna rudaí seo:

- an tAcht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006,
- reachtaíocht ábhartha eile, lena n-áirítear; Dlí Sláinte & Sábháilteachta, Dlí Fostaíochta, Dlí Cosanta Sonraí, Dlí Saorála Faisnéise, Dlí lascaigh Mara agus Dlí Sábháilteachta Bia,
- na Gnáthaimh Airgeadais phoiblí a fhoilsítear ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,
- an Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016,
- an Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 2017-2020, agus
- an Conradh Seirbhíse le ÚSBÉ.

Leagtar amach nithe atá forchoimeáda go sonrach le haghaidh socruithe Údaráis sna Polasaithe agus sna Gnáthaimh Rialachais Chorporáidigh. I measc na mbuanmhíreanna a ndéantar breithniú fúthu ag an Údarás tá:

- fógra sainspéiseanna
- tuairiscí ó choistí,
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeáda.

Éilíonn Alt 65 den Acht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006 go gcoimeádfadh ÚCIM, ina leithéid d'fhoirm is a d'fhaomhófaí ag an Aire don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach gnáthchuntas cuí airgid a fhaightear agus a chaitear aige.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, tá iachall ar Údarás ÚCIM na rudaí seo a dhéanamh:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé air de bheith ag feidhmiú, agus
- dearbhú ar leanadh na caighdeán chuntasáíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid shásúla chuntasáíochta a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 65 den Acht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus as ardchaighdeán na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin ÚCIM.

Is é an tÚdarás atá freagrach as faomhadh an phlean bhliantúil agus as an mbuiséad. Cuireadh measúnú i gcrích ar fheidhmíocht ÚCIM trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil ar 26 Márta 2019.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as cumhdach a chuid sócmhainní agus, mar sin de, as bearta réasúnta a ghlacadh do chosc agus d'aimsiú calaoise agus mírialtachtaí eile.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais ÚCIM léargas fíor agus cothrom d'fheidhmíocht agus de staid airgeadais ÚCIM ag 31 Nollaig 2018.

Struchtúr an Údaráis

Níl Bord ag ÚCIM ach tá Údarás Feidhmiúcháin le triúr ball aige. Duine de bhaill an Údaráis is ea an Cathaoirleach. Tugann an clár thíos sonraí faoin tréimhse cheapacháin do bhaill reatha an Údaráis.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil

Bhail An Údaráis (ar lean)

Ball Údaráis	Ról	Dáta ceaptha ó/go
An Dr. Susan Steele	Cathaoirleach an Údaráis	4 Márta 2013 go 28 Feabhra 2025
Andrew Kinneen	Ball an Údaráis	1 Eanáir 2007*
Micheál O'Mahony	Ball an Údaráis	1 Eanáir 2008 go 31 Nollaig 2019

* Is ball buan é Andrew Kinneen den Údarás de réir Ailt 47, fo-alt 2(a) den Acht lascaigh Mara agus Dlinse Muirí 2006.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca bunaithe ag an Údarás a chuimsíonn cúigear ball neamhspleách neamhfheidhmiúcháin. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ná tacú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí a bhaineann le riosca, rialú, agus rialachas agus dearbhaíocht ghaolmhar. Tá CIR neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste, go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchtaí. Tuairiscíonn CIR don Údarás go foirmeálta i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Le linn 2018 ba iad baill an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ná: Muireann O'Neill, Cathaoirleach, Peter Cowap, Cathaoirleach Eatramhach, Pat Farrell, Donal O'Rourke, Brendan O'Shea, Tom Ryan agus Rav Vithaldas Tionóladh seacht gcruinniú den CIR i 2018.

D'éirigh Donal O'Rourke agus Tom Ryan as mar bhaill den CIR ar 25 Meitheamh 2018, tar éis don bheirt acu bheith ina mbail le deich mbliana anuas. Ceapadh Peter Cowap agus Rav Vithaldas don CIR ar 4 Meán Fómhair 2018. D'éirigh Muireann O'Neill as mar Chathaoirleach an CIR ar 22 Deireadh Fómhair 2018, tar éis di a téarma oifige a chur i gcrích. Ceapadh Peter Cowap mar Chathaoirleach Eatramhach ar 12 Samhain 2018. Ceapadh Sean Angland don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar 29 Aibreán 2019.

Thug an tÚdarás faoi mheastóireacht féinmheasúnaithe dá feidhmíocht féin agus dá CIR ar 26 Márta 2019.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal freastail ag cruinnithe Rialachais Údaráis. Tionóladh cruinnithe Rialachais Údaráis ar 13 Feabhra, 2 D. Fómhair, 7 Samhain agus 20 Nollaig 2018.

Cruinnithe Rialachais an Údaráis	
Líon na gCruinnithe	4
Susan Steele	4
Andrew Kinneen	4
Micheál O'Mahony	4

Tá sceideal freastail ag na cruinnithe CIR do 2018 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fhaightear ag gach ball seachtrach CIR:

CIR	Táillí 2018 €	Costais 2018 €
Líon na gCruinnithe	7	
Muireann O'Neill, Cathaoirleach	5	-
Peter Cowap Cathaoirleach Eatramhach	3	1,088
Pat Farrell	6	1,631
Donal O'Rourke	0	-
Brendan O'Shea	7	1,914
Tom Ryan	2	533
Rav Vithaldas	3	848
	6,014	4,390

Nochtuithe a Éilítear ag an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Is é an tÚdarás atá freagrach as cinntiú gur chomhlíon ÚCIM riachtanais rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear cinn an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit ("an Cód"), faoi mar a foilsíodh é ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Anailís Sochar Gearrthéarmach Fostaí

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóiriú sna bandáil seo a leanas:

Raon Ó	Go	Líon na bhFostaithe 2018	Líon na bhFostaithe 2017
€ 60,000	- € 69,999	13	11
€ 70,000	- € 79,999	29	24
€ 80,000	- € 89,999	17	21
€ 90,000	- € 99,999	6	6
€ 100,000	- € 109,999	2	-

Nóta: Do chuspóirí an nocht seo, áirítear mar chuid de na sochair ghearrthéarmacha fostaí maidir le seirbhísí soláthraithe le linn na tréimhse tuairisceoireachta: tuarastal, liúntais, ragobair agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach gan ÁSPC an fhostóra a chur san áireamh.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil

Bhaill An Údaráis (ar lean)

Costais Sainchomhairleoireachta

Tá mar chuid de na costais sainchomhairleoireachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta ach ní áirítear mar chuid díobh feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó-mar-is-gnách’.

	2018 €	2017 €
Comhairle airgeadais/achtúireach	104,592	33,434
Acmhainní daonna	16,011	2,768
Comhairle dlí	109,020	83,242
Caidreamh poiblí	83,115	100,304
Tionscadail feabhsúcháin ghnó	118,726	95,640
Cur i bhfeidhm straitéise	46,362	90,773
Costais tionscadail CEMI		
/ sainchomhairleoireachta	221,146	166,385
Eile	-	11,764

Costais iomlána sainchomhairleoireachta	698,972	584,310
Costais sainchomhairleoireachta caipitlithe	-	-
Costais sainchomhairleoireachta gearrtha don Ráiteas Ioncaim & Caiteachais & Cúlchistí		
Coimeádta Ioncaim	698,972	584,310
Iomlán	698,972	584,310

Socraíochtaí agus Costais Dlí

Soláthraíonn an tábla thíos anailís suimeanna a shainaithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairisceoireachta maidir le costais agus socraíochtaí dlí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Níl san áireamh anseo caiteachas maidir le comhairle ghinearálta dlí a fhaightear ag ÚCIM agus a nochtáítear sna costais Chomhairliúcháin thuas.

	2018 €	2017 €
Táillí dlí - imeachtaí dlí	147,045	90,247
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	3,308	846
Iomlán	150,353	91,093

Tá mar chuid de na costais dlí seo suim ar luach €75,463 (2017: €67,374) maidir le nithe atá fós ag dul ar aghaidh a bhfuil baint ag ÚCIM leo.

Caiteachas Taistil agus Liúntais Chothaithe

Déantar caiteachas taistil agus liúntais chothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2018 €	2017 €
Intíre		
Údarás*	17,914	24,044
Fostaithe	464,034	342,382
CIR	6,886	1,638
Coiste Comhairleach	9,538	8,074
Idirnáisiúnta		
Údarás*	6,869	9,528
Fostaithe	117,589	102,363
Iomlán	622,830	488,029

* tá san áireamh taisteal & liúntas cothaithe ar luach €23,403 a íocadh go díreach go bail an Údaráis i 2018 (2017: €28,120). Baineann iarmhéid de €11,270 (2017: €13,408) le caiteachas a íocadh ag ÚCIM ar son bhaill an Údaráis as ar aisíocadh €9,890 (2017: €7,956) do ÚCIM ag gníomhaireachtaí de chuid an AE.

Caiteachas Fáilteachais

Tá mar chuid den Ráiteas Ioncaim & Caiteachais & Cúlchistí Coimeádta Ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2018 €	2017 €
Fáilteachas foirne	-	2,133
Fáilteachas seachtrach páirtithe leasmhara	-	3,653
Iomlán	-	5,786

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm aige le comhlíonadh a chuid freagrachtaí rialachais chorparáidigh a chinntiú, lena n-áirítear na cinn sin atá leagtha síos sa Chód, faoi mar a bhaineann siad le hábhar i gcás an Údaráis. Nuair a shonraíonn reachtaíocht ábhartha eile dualgais rialachais chorparáidigh, an tAcht lascaigh Mara agus Dlíne Muirí 2006 san áireamh, glacann siad seo ionad fhorálacha an Chóid.

Ar son an Údaráis



An Dr. Susan Steele
Cathaoirleach an Údaráis
20ú Meitheamh 2019

Ráiteas ar rialú inmheánach

Scóip Fhreagrachta

Ar son an Údaráis um Chosaint lascaigh Mhara aithním ár bhfreagracht do chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus cé acu go gcuirtear cosc ar earráidí nó ar mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a réitíonn le treoir a eisítear ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais seachas i gcás na gceisteanna rialaithe inmheánaigh a luaitear thíos.

An Acmhainn Riosca a Láimhseáil

Tá CIR bunaithe ag an Údarás a chuimsíonn cúigear ball neamhspleach neamhfheidhmiúcháin le saineolas airgeadais, iniúchta, rialachais agus saineolais theicniúil; feidhmíonn duine acu mar Chathaoirleach. Chas baill CIR ar a chéile seacht n-uaire i 2018.

Sheachfhoinisigh an tÚdarás a feidhm inmheánach iniúchta chuig cuideachta seirbhísi gairmiúla. Oibríonn iniúchadh inmheánach de réir chairt inmheánach iniúchta an Údaráis agus de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit (2016). Comhaontaítear an clár oibre a chuirtear i gcrích ag iniúchadh inmheánach roimh ré le CIR. Déantar athbhreithniú bliantúil ar an gclár oibre nuair is gá. Cuireann an clár reatha oibre iniúchta inmheánaigh san áireamh réimsí ábhair riosca a aithnítear ag an eagraíocht, ag cur san áireamh a chuid cuspóirí straitéiseacha agus a chreatlach bainistíochta riosca. Déanann an tÚdarás agus CIR breithniú faoi gach tuairisc iniúchta inmheánaigh. Cuireann na tuairiscí seo béim ar easnaimh nó ar laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh agus na gníomhartha molta ceartaitheacha atá le cur i gcrích nuair is gá sin.

Tá polasaí bainistithe riosca forbartha ag an Údarás a leagann amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistithe riosca atá i bhfeidhm agus a mhíníonn ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an polasaí seo do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh sé/sí ag obair laistigh de réimse bainistithe riosca an Údaráis, leis an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí agus faoi laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus le glacadh le freagracht do rioscaí agus do rialuithe laistigh dá réimse féin oibre.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistithe a bhfuiltear á gcur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus chun iad a mhaolú oiread agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá os comhair an Údaráis. Aithníodh, measúnaíodh agus grádaíodh rioscaí de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ag CIR agus ag an Údarás ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tugann an clár riosca mionsonraí faoi na rialuithe agus na bearta sin a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht a mhaolú d'fheidhmiú rialaithe a shanntar ar aonaid ghnó/ar bhainisteoirí sonracha. Tá bearta déanta ag an Údarás chun cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas mar chuid di:

- ceapadh Príomhoifigeach Riosca chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na creatlaí bainistithe riosca,
- rinneadh doiciméadú do na gnáthaimh do gach príomhphróiseas gnó,
- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistithe atá sainmhínithe go soiléir,
- is ann do chóras cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéantar é a athbhreithniú agus á fhaomhadh ag baill an Údaráis,
- athbhreithnithe rialta ag an Údarás tuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais tuair,
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus oibríochtúla ag an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfheagrach,
- is ann do chórais ar aidhm leo slándáil chóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach, agus
- athbhreithnithe rialta iniúchta faoi rialuithe agus faoi ghnáthaimh airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta

Ráiteas ar rialú inmheánach (ar lean)

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnacha

Leagadh síos gnáthaimh fhoirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl do na daoine sin atá freagrach as bearta ceartaitheacha a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus do bhaill an Údaráis, nuair a bhaineann sin le hábhar, ar bhealach tráthúil. Deimhnímh go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairisceoireachta ag gach leibhéal nuair a sannadh freagracht le haghaidh bainistithe airgeadais, agus
- Déantar athbhreithnithe rialta ag baill an Údaráis agus ag bainisteoirí sinsearach feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla chomh maith le tuairisc airgeadais a léiríonn feidhmíocht le hais buiséad/tuar.

Soláthar

Tá gnáthaimh i bhfeidhm ag ÚCIM chun comhlíontacht na rialacha agus na dtreoirilínte reatha soláthair a chinntiú, faoi mar a leagtar sína mach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Cuirtear béim ar nithe a eascraíonn maidir le rialuithe soláthair faoi cheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhnímh go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid gnáthamh bainistithe riosca agus rialaithe. Déantar eolas do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú an Údaráis i dtaca le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ag CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí inmheánaí rialaithe.

Rinneadh athbhreithniú ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh ag CIR agus ag an Údarás le cinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairisceoireachta.

Deimhnímh gur chuir baill an Údaráis athbhreithniú bliantúil i gcrích ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2018, i Mí na Bealtaine 2019.

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Go luath i 2018 chuir DG-Mare ó Choimisiún an AE iniúchadh i bhfeidhm ar chóras rialuithe na hÉireann thar dhá réimse leathana, meá thabhairt i dtír peiligeach (Ronnach, Bolmán, Scadán agus Faoitín Gorm) agus gabhálacha Tuinnín Ghoirm).

Scrúdaigh an t-íniúchadh go príomha obair a dhéantar ag ÚCIM, le hionchur ó roinnt gníomhaireachtaí agus rann eile stáit, chun dualgais na hÉireann a chomhlíonadh laistigh de réimse dlí na hÉireann i dtaca le córais rialaithe oifigiúil a bheith i bhfeidhm chun neamhchomhlíontacht a dhíspreagadh agus a aimsiú ag iascairí nó ag próiseálaithe sna réimsí seo.

Fuarthas dréacht-thuairisc iniúchta ó DG-Mare i Mí Mheán Fómhair 2018 a rinne próifíliú ar an obair atá déanta ag údaráis na hÉireann, lena n-áirítear na córais agus na tionscnaimh ar fad atá curtha i bhfeidhm ag ÚCIM. D'aithin an dréacht-thuairisc ceisteanna suntasacha maidir le hiontaofacht mheá agus ghanntuairisciú thabhairt i dtír peiligeach agus rialuithe/forfheidhmiú ar ghabhálacha Tuinnín Ghoirm nuair a mheas DG-Mare cur chuige na hÉireann a bheith neamhdhóthaineach, agus rinne an Ard-Stiúrthóireacht roinnt moltaí.

Chuir ÚCIM cuid mhór le freagra na hÉireann, a tugadh go déanach i 2018, ar an dréacht-tuarascáil iniúchta a mhol sraith chuimsitheach thionscnamh nua rialaithe ar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar mholtaí DG-Mare nuair is cuí sin, agus ag aithint roinnt réimsí mar nach mbeadh sé réasúnta beart a dhéanamh maidir lena raibh molta ag DG-Mare. Chuir roinnt gníomhaireachtaí eile rialtais leis an bhfreagra mear seo; go bunúsach moladh bearta meara agus cuimsitheacha chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a aithníodh ag céim seo na dréacht-thuairisce.

Fuarthas an tuairisc dheireanach go déanach i 2019, agus d'fhreastail ÚCIM ar chruinniú déthaobhach idir DG-Mare agus Éirinn go déanach i R1, 2019. Rinne nuashonrú cuimsitheach eolas don chruinniú sin, é comhordaithe ag ÚCIM, maidir le togra dheireadh 2018 agus na bearta éagsúla a bhí curtha i bhfeidhm cheana agus a bhí ar siúl. Níor thug DG-Mare freagra ar fhreagra na hÉireann go fóill.

Ráiteas ar rialú inmheánach (ar lean)

Sonraí na sárúithe	Bearta maolaitheacha
<i>Chuir ÚCIM aighneacht faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim i 2018 maidir le comhlíontacht chánach ar chuir chuige SCC státfheithiclí a sholáthraítear d'Oifigigh Ceaptha (Ráthaithe). Leagfar amach sonraí faoin ghanníocaíocht chánach a aithníodh de bhun tuairime a fuarthas ó na Coimisinéirí loncaim i nochtadh deonach gan é a iarraidh, a chuirfear faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim i 2019. Rinneadh soláthar sna ráitis airgeadais don ghanníocaíocht iomlán mheasta chánach, a bhaineann le 2018. Luach €225,000 atá ar an soláthar. Beidh socraíocht bhreise le híoc i dtaca le 2019 freisin.</i>	<i>Tá ÚCIM ag leasú a pholasaí loingis chun aghaidh a thabhairt ar réimsí neamhchomhlíontachta a aithníodh i dtuairim na gCoimisinéirí loncaim. Tá ÚCIM tiomanta do chomhlíontacht na ndlíthe cánachais.</i>
<i>Le linn 2018, tabhaíodh caiteachas ar luach €28,386 maidir le Conradh seirbhíse, a bhí i bhfeidhm faoi chreatlach CRO. Tharla sin mar gheall ar thar-rolladh an chonartha ar ann dó cheana, ag feitheamh le críochnú thairisceana nua.</i>	<i>Bronnadh an Conradh nua i Mí Mhárta 2019 tar éis chur i gcrích an chomórtais tairisceana agus rinneadh clár na gconarthaí a nuashonrú sa tslí go ndéantar monatóireacht ar agus go nótáiltear an t-am atá fágtha go héag an chonartha.</i>

Níor sainaithníodh aon laigí eile maidir le 2018 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Ar son an Údaráis



An Dr. Susan Steele

Cathaoirleach an Údaráis
20ú Meitheamh 2019

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018 €	2017 €
IONCAM			
Deontais Oireachtais	2	10,302,000	10,731,000
Ioncam Tionscadail CEMI	3/11	1,151,870	1,806,626
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	15 c	10,734,000	1,884,000
Lúide: Ranníocaíochtaí pinsin in-aisíochta chuig An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	15 a	(409,000)	(368,000)
Ioncam táille		4,849	9,249
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta		50,471	61,055
Ús bainc		-	23
		21,834,190	14,123,953
CAITEACHAS			
Sochair fhostaithe	4	7,384,930	7,286,512
Costais sochair dul ar scor	15 a	10,760,000	1,962,000
Costais lóistín agus teaghlachais	5	387,364	412,137
Seirbhísí tacaíochta	6	886,561	637,462
Riarachán Ginearálta	7	2,464,867	2,142,150
Táille Iníúchta		19,000	19,000
Dímheas	9	1,074,122	751,628
		22,976,844	13,210,889
(Easnamh)/Farasbarr don bhliain		(1,142,654)	913,064
Aistriú ón gCuntas Caipitil	14	602,147	(1,147,388)
		(540,507)	(234,324)
Ró-íocaíochtaí tuarastail	8/10	-	151,000
Caillteanas oibriúcháin don bhliain		(540,507)	(83,324)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir		973,678	1,057,002
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig		433,171	973,678

Baineann an t-ioncam agus caiteachas ar fad don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2018 agus an bhliain roimhe sin le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 20.



An Dr. Susan Steele

Cathaoirleach an Údaráis
20ú Meitheamh 2019

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018 €	2017 €
Caillteanas Oibriúcháin don bhliain		(540,507)	(83,324)
Taithí ghnóthachan/(caillteanais) ar scéim na sochar scoir		353,000	(242,000)
Athruithe sna boinn tuisceana atá bunúsach do luach reatha na ndlíteanas scéime sochair scoir		1,530,000	(1,144,000)
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar dhlíteanais sochair scoir	15	1,883,000	(1,386,000)
Coigeartú do mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	15	(1,883,000)	1,386,000
Iomlán Ioncam/(Caiteachas) Cuimsitheach don bhliain		(540,507)	(83,324)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 20.



An Dr. Susan Steele

Cathaoirleach an Údaráis

20ú Meitheamh 2019

Ráiteas ar Staid An Airgeadais

Ag 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018 €	2017 €
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh	9	2,437,578	3,039,725
Sócmhainní Reatha			
Airgead tirim agus a chomhluach in airgead tirim		1,473,075	3,310,213
Infháltais	8/10	942,385	934,290
		2,415,460	4,244,503
Lúide Dlíteanais Reatha			Cuntais
iníoctha	11	1,268,956	2,787,665
Cistí forghéillte	12	488,333	483,160
Soláthar	13	225,000	-
		1,982,289	3,270,825
Glansócmhainní Reatha		433,171	973,678
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha sula mbaintear sochair scoir		2,870,749	4,013,403
Dualgais sochair scoir	15 b	(42,920,000)	(34,069,000)
Sócmhainn mhaoinithe shochair scoir iarchurtha	15 e	42,920,000	34,069,000
Glansócmhainní		2,870,749	4,013,403
Maoinithe ag:			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		433,171	973,678
Cuntas Caipitil	14	2,437,578	3,039,725
		2,870,749	4,013,403

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 20.



An Dr. Susan Steele

Cathaoirleach an Údaráis

20ú Meitheamh 2019

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Dar Deireadh 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018 €	2017 €
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Caillteanas oibriúcháin don bhliain		(540,507)	(83,324)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	14	(602,147)	1,147,388
Dímheas	9	1,074,122	751,628
Brabús ar Dhiúscairt na Sócmhainní Seasta		(50,471)	(61,055)
Méadú sna hInfháltais	10	(8,095)	(166,315)
(Laghduithe)/Méadú i gCuntais Iníochta	11	(1,518,709)	1,993,826
Méadú sna Cistí Forghéillte	12	5,173	101,733
Méadú Soláthair	13	225,000	-
Ús Bainc		-	(23)
Glan(as-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(1,415,634)	3,683,858
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíocht chun sócmhainní seasta a fháil	9	(471,975)	(1,899,016)
Fáltais ó dhíol na sócmhainní caipitil		50,471	61,055
Glan as-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochtaí		(421,504)	(1,837,961)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Ús bainc		-	23
(Laghduithe)/méadú in airgead tirim agus coibhéis airgid thirim		(1,837,138)	1,845,920
Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ag 1 Eanáir		3,310,213	1,464,293
Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ag 31 Nollaig		1,473,075	3,310,213



An Dr. Susan Steele

Cathaoirleach an Údaráis

20ú Meitheamh 2019

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

1. Polasaithe Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na bpolasaithe cuntasaíochta & na bpolasaithe suntasacha cuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara leo. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara ar 1 Eanáir 2007, faoin Acht um lascaigh Mhara agus Dhlínse Mhara, 2006. Tá ÚCIM tiomanta do rialú éifeachtach agus cothrom na n-earnálacha iascaireachta mara agus bia mhara atá laistigh dá shainchúram. Tá i gceist leis sin gach soitheach iascaireachta atá ag feidhmiú laistigh de theorainn 200 míle na hÉireann, soithí iascaireachta de chuid na hÉireann aon áit a mbíonn siad ag feidhmiú, agus gach cineál bia mhara a tháirgtear in Éirinn cibé áit a ndéantar margáíocht air.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis um Chosaint lascaigh Mhara don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102, sin an caighdeán tuairisceoireachta airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus in Éirinn a eisítear ag an gComhairle um Thuairisceoireacht Airgeadais (CTA).

c) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar an mbonn gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus cloíonn siad le caighdeán tuairisceoireachta airgeadais na Comhairle um Thuairisceoireacht Airgeadais, seachas nuair a thugtar a mhalairt le fios thíos.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhaontú an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in euro, is é sin le rá airgeadra feidhmiúil an Údaráis.

d) Deontais Oireachtais

Mínítear ioncam ó Dheontais Oireachtais ar bhonn fáltas airgid thirim.

e) Ioncam Táille

Mínítear ioncam táille ó phróiseálaithe éisc ar bhonn fáltas airgid thirim. Gintear an t-ioncam táille seo ó mhuirir shocrúithe d'fhaomhadh na n-ionad iascaireachta agus ó fhógraí pionóis shocrúithe.

f) Ioncam Tionscadail CEMI

Aithnítear ioncam a fhaightear maidir le tionscadail CEMI / AE ar bhonn fabhrúithe mar a n-aithnítear an t-ioncam sa tréimhse chuntasaíochta ina ngearrtar an caiteachas gaolmhar. Pléitear le hioncam a fhaightear roimh ré mar ioncam iarchurtha agus cuirtear san áireamh é laistigh de Chuntais Iníochta faoin Ráiteas Staide Airgeadais. Pléitear le caiteachas a thabhaítear mar nach bhfuair an t-ioncam gaolmhar mar ioncam fabhrúithe agus taispeántar é mar Infháiltas ar an Ráiteas Staide Airgeadais.

g) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Dearbhaítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Geartar dímheas don Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choimeáda ar an mbonn de réir méid chothroim, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe dá luach iarmharach, thar a saolré ionchais mar seo a leanas:-

Feithiclí	20% per annum
TF, trealamh oifige agus bogearraí	33.33% per annum
Troscáin, daingneáin agus feistis	20% per annum
Léasach	10% per annum
Soithí agus Deighilteoir Uisce annum	20% per annum
Saintionscadail TF	33.33% per annum

Déantar breithniú go bliantúil ar luach iarmharach agus ar shaolré ionchais sócmhainní seasta, ag lorg táscairí a thabharfadh le fios go bhféadfadh sé gur tháinig athrú orthu seo. Nuair a bhíonn a leithéid de tháscairí le fáil, cuirfear athbhreithniú i gcrích ar luach iarmharach, ar mhodh dímheasa agus shaolré ionchais, agus leasófar iad seo más gá sin. Mínítear athruithe

sna rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú seo go hionchasach thar an saolré ionchais atá fágtha ag na sócmhainní.

h) Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim

Is é atá i gceist le hairgead tirim ná airgead-ar-láimh agus éarlaisí éilimh.

i) Airgeadraí lasachta

Aistrítear idirbheartuithe atá ainmnithe in airgeadraí eachtrannacha in euro agus taifeadtar iad ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheartaíochtaí.

j) Sochair Fhostaí

Sochair Ghearrthéarma

Aithnítear sochair ghearrthéarma, leithéidí pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr do Chuntais Iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Tomhaistear dliteanais scéime pinsin ar bhonn achtúireach ag úsáid modh na n-aonad réamh-mheasta. Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaítear ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin fhoirne atá ais-iníochta don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara de réir na socruithe maoinithe. Aithnítear suim atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, agus fritháirítear í ag deontais a fuarthas i rith na bliana le híocaíochtaí pinsin a ghlanadh. Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe sna boinn tuisceana Achtúireacha agus ó bharrachais agus ó fharasbairr agus ó easnaimh taithí sa Ráiteas loncaim Chuimsithigh don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is é atá sna dliteanais phinsin ná luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a gnóthaíodh ag an bhfoireann go dtí seo. Is é atá sa mhaoiniú pinsin iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí todhchaí ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

Feidhmíonn an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara an Scéim Aonair um Sheirbhísí Poiblí (an Scéim Aonair) freisin; is é atá ann ná scéim phinsin le sochar sainithe do státseirbhíshigh inphinsin a ceapadh ar 1 Eanáir, nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013. Íocaíochtaí ranníocaíochtaí Scéime Aonair chuig an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanann an tAcht um lascach Mara agus um Dhlínse Mhuirí, 2006, soláthar dó go ndéanfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le comhaontú an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim aoisliúntais maidir le baill an Údaráis a chuirfear i gcrích. Baintear ranníocaíochtaí pinsin maidir le baill an Údaráis agus íoctar iad chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Baintear as ranníocaíochtaí pinsin maidir le baill an Údaráis a íoctar don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Aithníonn na ráitis airgeadais na costais agus na dliteanais phinsin maidir le baill an Údaráis.

k) Cuntas Forghéillte

Tar éis coimeád soithigh ar chúisimh iascaireachta, is féidir go n-ordóidh Cúirt go bhfuil banna le soláthar ag úinéirí an tsoithigh chun ábhar dliteanas a chlúdach chomh maith le coigistiú gabhála agus feistis. Coimeádann an tÚdarás a leithéid de bhannaí Cúirte agus iad iníochta leis an Údarás go dtí go dtreoraítear é ag an gCúirt an banna a aisíoc d'úinéir an tsoithigh nó an banna a chur faoi bhráid na Cúirte.

l) Cuntas Caipitil

Is é atá i gceist leis an gCuntas Caipitil ná luach neamhamúchta an ioncain a úsáidtear ag an Údarás le sócmhainní seasta a fháil.

m) Teagmhais

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha a eascraíonn de thoradh ar imeachtaí san am atá caite, ach amháin murar dócha (i) go dtarlóidh as-sreabhadh acmhainní nó nach féidir an méid a thomhas ar bhealach iontaofa ag an dáta tuairisceoireachta nó (ii) nuair a dheimhneofar a láithreach ag tarlú nó neamhtharlú imeachtaí neamhchinnte sa todhchaí nach bhfuil go hiomlán laistigh de rialú an Údaráis. Nochtair dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais

ach amháin más fíorbheag an seans go dtarlóidh as-sreabhadh.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtair sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar eacnamaíoch.

n) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais seo bainistiú chun breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear do shócmhainní agus do dhliteanais ag deireadh na bliana chomh maith le costais i rith na bliana.

Déantar measúnú leanúnach ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile, lena n-áirítear ionchais imeachtaí todhchaí a gcreidtear iad a bheith réasúnta sna tosca. Déanann an tÚdarás meastacháin agus boinn tuisceana a bhaineann leis an todhchaí. Luíonn sé le ciall nach minic a bheidh na meastacháin chuntasaíochta a eascraíonn dá thoradh sin ar aon dul leis na torthaí iarbhire. Pléitear thíos na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhfuil iarmhairt shuntasacha acu ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas laistigh de na ráitis airgeadais:

Gnóthas leantach

Níl aon neamhchinnteacht ábhartha ag baint le cumas an Údaráis freastal a dhéanamh ar a chuid dliteanas de réir mar a bhíonn siad dlite agus maidir lena chumas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Dá réir sin, ní chuimsíonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe do na suimeanna glanluacha agus d'aicmiú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh eascairt mura raibh an tÚdarás in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Dímheas agus Luachanna Iarmharachas

Tá athbhreithniú déanta ag baill an Údaráis ar shaol sócmhainne agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta, agus go háirithe, saolré ionchais eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas, agus is í an chonclúid a bhain siad amach ná

go bhfuil an saol sócmhainne agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir ag amúchadh i dtaca le lagú nuair a thugann imeachtaí nó athruithe dálaí le fios gur féidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is é atá sa tsuim in-aisghabhála ná luach níos airde de luach cothrom sócmhainne lúide an costas le díol agus an luach in úsáid. Do chuspóir mheasúnú lagaithe, déantar sócmhainní a ghrúpáil le chéile ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid ar fáil atá inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgid a bhí thíos leis mar gheall ar lagú i dtaca le hábhar aisiompaithe an lagaithe ag gach dáta tuairisceoireachta.

Dualgas Sochair Scoir

Nuashonraítear go bliantúil na boinn tuisceana a bhuntacaíonn leis na hathruithe achtúireacha dá gcinntítear na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh thodhchaí, rátaí mortlaíochta agus rátaí threochta chostais chúraim shláinte), bunaithe ar na coinníollacha eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh aon athruithe ábhartha do théarmaí agus do choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir go gcuirfí isteach ar na boinn tuisceana ag:

- (i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán;
- (ii) leibhéil chúitimh thodhchaí, coinníollacha margaidh saothair thodhchaí; agus
- (iii) rátaí treochta chostais chúraim shláinte, ráta bhoilscithe chostais mhíochaine i réigiúin ábhartha.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

2. Deontais Oireachtais

Cuireadh maoiniú ar fáil faoi fhocheanteideal C.8 de Vóta 30, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara sa bhliain.

	2018 €	2017 €
Deontais Oireachtais a fuarthas	10,302,000	10,731,000

3. Ioncam Tionscadail CEMI

Cuireadh maoiniú ar fáil faoi Chlár Oibríochtúil na RTBM ar tacaíodh leis ag CEMI i rith na bliana. Ba é luach na bhfáltas tionscadail CEMI i 2018 ná €1,192,725 (2017: €1,852,354) le €86,583 (2017: €45,728) iarchurtha do chaiteachas sa todhchaí.

Anailís Chaiteachais Tionscadail CEMI	2018 €	2017 €
Tosaíocht Aontais 3 – Ag cothú cur i bhfeidhm an CBI (Nóta 11)	1,151,870	1,806,626

4. Luach Saothair

(a) Sochair chomhiomlána Fhostaí agus costais ghaolmhara

Ba é líon na foirne a bhí á fostú ag an Údarás ag 31 Nollaig 2018 ná 121 (2017: 99). Ba é meánlíon na bhfostaithe san Údarás le linn na bliana ná 111. Ba é seo a leanas na sochair chomhiomlána fhostaí agus na costais ghaolmhara:

	2018 €	2017 €
Sochair ghearrthéarmacha foirne	6,567,266	6,263,324
Costas na foirne gníomhaireachta	24,189	445,233
Sochair chnapshuimeanna	137,650	–
Ranníocaíocht an fhostóra do leas sóisialach	655,278	576,821
Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra CEMI	21,087	5,259
Costais leasa shóisialaigh gnóthaithe	(20,540)	(4,125)
	7,384,930	7,286,512

Baineadh as asbhaint ghaolmhar phinsin ar luach €370,751 (2017: €349,706) ón bhfoireann agus íocadh €366,604 (2017: €320,470) don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i 2018.

(b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2018 €	2017 €
Bunphá	5,528,872	4,948,176
Liúntais	911,774	1,130,142
Ragobair	126,620	185,006
	6,567,266	6,263,324

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

4. Luach Saothair (ar lean)

(c) Príomhphearsanra Bainistithe

Is é atá i gceist leis an bpríomhphearsanra bainistíochta in ÚCIM ná 3 ball an Údaráis. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaí don phríomhphearsanra bainistíochta:

	2018 €	2017 €
Tuarastal	309,232	290,720

Níl san áireamh anseo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an príomhphearsanra bainistithe ina mbaill de Scéim Aoisliúntais ÚCIM do bhaill Údaráis agus ní théann a gcuid teidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar thearmaí na scéime pinsin eiseamláire don tseirbhís phoiblí.

(d) Luach Saothair an Phríomhfheidheannaigh

Cuirtear ról an Phríomhfheidhmeannaigh i gcrích ag Cathaoirleach lánaimseartha an Údaráis de réir na reachtaíochta ábhartha a bhunaigh ÚCIM.

	2018 €	2017 €
Bunphá	105,170	96,757

Is ball de Scéim Aoisliúntais ÚCIM do bhaill an Údaráis í an Cathaoirleach agus ní théann a cuid teidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar thearmaí na scéime pinsin eiseamláire don tseirbhís phoiblí. Níl san áireamh thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse sin.

5. Cóiríocht agus Teaghlachas

	2018 €	2017 €
Cíos	180,533	187,239
Soilsiú agus teas	81,003	59,502
Cothabháil – áitreabh	118,059	148,694
Troscán agus feistiú oifige	7,769	16,702
	387,364	412,137

6. Seirbhísí Tacaíochta

	2018 €	2017 €
Tomhaltáin agus seirbhísí TF	302,007	166,495
Forbairt agus oiliúint fhoirne	298,585	208,381
Cothabháil – feithiclí	118,911	101,269
Anailís oifigiúil rialaithe	93,739	81,281
Trealamh sábháilteachta agus rialaithe	73,319	80,036
	886,561	637,462

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

7. Riarachán Ginearálta

	2018 €	2017 €
Stáiseanóireacht agus oifig	115,432	149,737
Teileafón	80,647	99,613
Árachas	6,792	3,546
Cíos seomra	12,310	25,487
Taisteal agus liúntas cothaithe	641,132	489,621
Tacaíocht agus forbairt TF	73,812	119,857
Riarachán Dlí agus Gairmiúil	731,697	813,106
Cuntasaíocht	165,542	88,331
Earcaíocht	188,718	136,620
Caidreamh poiblí agus margaíocht	203,123	188,418
Soláthar do shocraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim	225,000	-
Síntiúis	13,396	14,226
Costais eile oibriúcháin	7,266	13,588
	2,464,867	2,142,150

8. Ró-íocaíochtaí tuarastail

I 2013, tar éis treorach ón RCPA, níor cuireadh liúntais áirithe san áireamh i gcur i bhfeidhm choigeartuithe pá faoin Acht um Bhearta Éigeandála Airgeadais sa Leas Poiblí 2013 agus Comhaontú Bhóthar Haddington. I dtús báire glacadh leo mar liúntais nach liúntais shocraithe thréimhsiúla iad ós rud é go raibh na híocaíochtaí seo ag brath ar chineál nó méid na hoibre a chuirtear i gcrích de réir riachtanas éagsúil oibríochtúil. I 2017 sholáthair RCPA tuilleadh soiléirithe maidir le cur i bhfeidhm choigeartuithe pá do na liúntais seo. Tugadh comhairle don Údarás ina dhiaidh sin maidir leis seo: gur gá coigeartuithe pá Bhóthar Haddington a chur i bhfeidhm sa chás gur cuid den soláthar pinsin don fhoireann iad na liúntais seo. Cuireadh san áireamh d'infháiltais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2018 foráil d'aisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail iarghabhálacha ar luach €881,000 (2017: €881,000). Ag feitheamh le toradh idir-réitigh ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, níl an tÚdarás in inmhe dul sa tóir ar aon duine aonair le haghaidh na ró-íocaíochtaí.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

9. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Feithiclí €	TF, trealamh oifige & bogearraí €	Troscán, daingneáin & feistis €	Léasach €	Saintionsca dail TF €	Soithí & deighilteoir uisce €	Iomlán €
Costas							
Iarmhéid ag 01/01/18	1,845,477	3,826,527	475,493	1,009,398	4,836,415	412,872	12,406,182
Éadálacha	1,919	39,582	2,946	21,330	406,198	-	471,975
Athaicmiú	-	(1,422,411)	-	-	1,422,411	-	-
Diúscairtí/Díscríobhanna ¹	(279,434)	-	-	-	(1,065,959)	-	(1,345,393)
Iarmhéid ag 31/12/18	1,567,962	2,443,698	478,439	1,030,728	5,599,065	412,872	11,532,764
Dímheas							
Iarmhéid ag 01/01/18	1,256,914	2,246,641	396,586	463,838	4,771,924	230,554	9,366,457
Muirear sa bhliain	240,495	112,314	27,737	95,314	545,332	52,930	1,074,122
Athaicmiú	-	(2,597)	-	-	2,597	-	-
Diúscairtí/Díscríobhanna	(279,434)	-	-	-	(1,065,959)	-	(1,345,393)
Iarmhéid ag 31/12/18	1,217,975	2,356,358	424,323	559,152	4,253,894	283,484	9,095,186
Glanluach de réir na leabhar ag 31/12/18	349,987	87,340	54,116	471,576	1,345,171	129,388	2,437,578
Glanluach de réir na leabhar ag 01/01/18	588,563	1,579,886	78,907	545,560	64,491	182,318	3,039,725

¹ Díscríobhadh trealamh saintionscadail TF le glanluach nialasach de réir na leabhar (Costas €1,065,959) i rith na bliana, ós rud é nach raibh na sócmhainní seo á n-úsáid níos mó.

10. Infháltais

	2018 €	2017 €
Ioncam fabhraithe	19,336	8,060
Ró-íocaíochtaí in-aisghabhála (Nóta 8)	881,000	881,000
Réamhíocaíochtaí	42,049	45,230
	942,385	934,290

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

11. Cuntais iníoctha

	2018 €	2017 €
Suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain:		
Cuntais iníoctha trádála	38,346	494,362
Fabhruithe	751,991	1,934,929
Ioncam iarchurtha CEMI (Nóta 3)	86,583	45,728
ÍMAT/ÁSPC /MSU/CMÁ	225,210	195,006
CBL	59,724	2,240
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	19,418	30,056
Fabhruithe párolla eile	87,684	85,344
	1,268,956	2,787,665

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir ag téarmaí na reachtaíochta ábhartha.

12. Cistí Forghéillte

	2018 €	2017 €
Cistí forghéillte coimeádta ag 1 Eanáir (glan ó ús)	483,160	381,427
Cuir leis: Fáltais	30,173	110,185
Lúide: Íocaíochtaí	(25,000)	(8,452)
Cistí forghéillte coinnithe ag 31 Nollaig	488,333	483,160

13. Soláthar

	2018 €	2017 €
Soláthar do shocraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim	225,000	-
	225,000	-

Tá soláthar do shocraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim ar luach €225,000 (2017: €Nil) curtha san áireamh sna ráitis airgeadais. Baineann sin le ganníocaíocht chánach ar fheithiclí stáit a soláthraíodh d'Oifigigh Ceaptha (Ráthaithe).

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

14. Cuntas Caipitil

	2018 €	2017 €
Iarmhéid ag 1 Eanáir	3,039,725	1,892,337
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim		
- Ioncam úsáidte chun sócmhainní seasta a cheannach	471,975	1,899,016
- Suim scaoilte ar dhiúscairt na sócmhainní seasta	-	-
- Ioncam amúchta sa bhliain de réir dhímheas na sócmhainne	(1,074,122)	(751,628)
	(602,147)	1,147,388
Iarmhéid ag 31 Nollaig	2,437,578	3,039,725

15. Costais Sochair Scoir

(a). Anailís na gcostas iomlán sochar scoir gearrtha ar chaiteachas

	2018 €	2017 €
Costas na seirbhíse reatha	1,987,000	1,670,000
Costas na seirbhíse caite	8,433,000	-
Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir	749,000	660,000
Ranníocaíochtaí fostaí in-aisíochta don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	(409,000)	(368,000)
	10,760,000	1,962,000

I 2018, d'éascair costas seirbhíse caite ar luach €8,433,000 (2017: €Nil) mar gheall ar aitheantas tuilleamh breise inphinsin, ceannach seirbhíse barúlaí agus aistrithe seirbhíse sa luacháil achtúireach shochair scoir.

(b). Gluaiseacht sa ghlandliteanas sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	2018 €	2017 €
Glandliteanas sochair scoir ag 1 Eanáir	34,069,000	30,799,000
Costas na seirbhíse reatha	1,987,000	1,670,000
Costas na seirbhíse caite	8,433,000	-
Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir	749,000	660,000
Sochair íochta sa bhliain	(435,000)	(446,000)
(Gnóthachan) / Caillteanas achtúireach	(1,883,000)	1,386,000
Glandliteanas sochair scoir ag 31 Nollaig	42,920,000	34,069,000

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

15. Costais Sochair Scoir (ar lean)

(c). Maoiniú iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara na suimeanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin bunaithe ar thacar na mbonn tuisceana a gcuirtear síos air thíos chomh maith le roinnt imeachtaí san am atá thart. Cuimsíonn na himeachtaí seo an bonn reachtúil don scéim aoisliúntais le sochair shainmhínithe na hearnála poiblí eiseamláire, agus an polasaí agus an cleachtas maidir le maoiniú pinsean seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo air de bheith ag déanamh freastail ar a leithéid de dhliteanas sochair scoir de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmaoiniú iarchurtha do phinsin atá aitheanta sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choimeádta:-

	2018 €	2017 €
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha	2,736,000	2,330,000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais na seirbhíse caite	8,433,000	-
Deontas stáit curtha i bhfeidhm le sochair scoir a íoc	(435,000)	(446,000)
	10,734,000	1,884,000

(d). Tá na ranníocaíochtaí sochair scoir a bhaintear as ag an Údarás ó thuarastail na foirne in-aisíoctha don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

(e). Stair na ndualgas sochair shainmhínithe

	2018 €	2017 €	2016 €	2015 €	2014 €
Dualgais sochair shainmhínithe	42,920,000	34,069,000	30,799,000	25,665,000	18,400,000
Taithí (ghnóthachan)/cailiteanas ar dhliteanas scéime	(353,000)	242,000	(98,000)	(958,000)	(802,000)
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	-0.8%	0.7%	-0.3%	-3%	-4%

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

15. Costais Sochair Scoir (ar lean)

(f). Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Is socrú sochair scoir tuarastail le sochair shainmhínithe, agus na sochair agus na ranníocaíochtaí sainmhínithe trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha scéim na hearnála poiblí "eiseamláire". Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtadú amháin in aghaidh na bliana seirbhíse, faoi réir ag uasmhéid de 40 bliain), aisce nó cnapshuim (3 ochtadú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin an chéile agus na leanaí. Bíonn na pinsin do na fostaithe sin atá ag íoc ÁSPC Aicme A comhtháite le Pinsean an Stáit.

Is gnách go dtéann sochair scoir in íocaíocht (agus iarchur) i méid de réir bhoilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear do FRS 102 ar lánluacháil achtúireach i 2018 ag achtúire cáilithe neamhspleách, ag cur san áireamh riachtanais FRS le measúnú a dhéanamh ar na dlíteanais scéime ag 31 Nollaig 2018.

Ba iad na príomhbhoinn tuisceana a úsáideadh ná:

Modh Luachála	2018	2017
Ráta lascaíne	2.15%	2.15%
Méaduithe tuarastail	3.25%	3.40%
Méaduithe pinsin	2.75%	2.90%
Ráta boilscithe	1.75%	1.90%

Seo a leanas na boinn tuisceana a dhéantar i dtaca le mortlaíocht todhchaí i 2018 agus i 2017 maidir leis an meánionchas saoil i mblianta do phinsinéir atá in aois 65 bliana:

	2018	2017
Fear - pinsinéir reatha	21.5	21.4
Bean - pinsinéir reatha	24.0	23.9
Fear - pinsinéir sa todhchaí	23.9	23.8
Bean - pinsinéir sa todhchaí	26.0	25.9

16. Costais Bhaill an Údaráis

Seo a leanas costais bhaill an Údaráis a cúitíodh i 2018:

	2018	2017
An Dr. Susan Steele	14,106	12,488
Andrew Kinneen	909	6,018
Micheál O'Mahony	8,388	9,614
	23,403	28,120

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Deireadh 31 Nollaig 2018

17. Costais Réadmhaoine

	Ionad	Stádas	Cíos Bliantúil	Éag an Léasa
Ceanncheathrú	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	Faoi Úinéireacht OOP*	N/A	N/A
Stóras Chloich na Coillte	Co. Chorcaí	Léas éagtha**	5,166	2018
Oifig Phoirt Bhaile	Co. Chorcaí	Léasaithe	30,000	2019
Oifig Phoirt Bhinn Éadair	Co. Átha Cliath	Léas á Idirbheartú	26,000	2042
Stóras Bhinn Éadair	Co. Átha Cliath	Léasaithe**	3,786	2019
Oifig Cheann Chlochair	Co. Lú	Léasaithe	3,690	2019
Oifig Phoirt an Dún Mhóir Thoir	Co. Phort Láirge	Léas á Idirbheartú	14,000	2042
Oifig Phoirt na Cille Móire	Co. Loch Garman	Éagtha**	4,000	2018
Oifig Phoirt an Daingin	Co. Chiarraí	Léas á Idirbheartú	10,000	2042
Stóras an Daingin	Co. Chiarraí	Léas á Idirbheartú	5,200	2021
Oifig Phoirt Ros an Mhíl	Co. na Gaillimhe	Léasaithe	17,050	2023
Oifig Phoirt na gCealla Beaga	Co. Dhún na nGall	Léas á Idirbheartú	44,000	2042
Stóras na gCealla Beaga	Co. Dhún na nGall	Ceadúnas á idirbheartú	7,000	2022
Oifig an Chaisleáin Nua	Co. Dhún na nGall	Léasaithe	10,000	2020
Stóras Chathair na Mart	Co. Mhaigh Eo	Éagtha**	1,538	2018
Oifig Rinn an Scidigh	Co. Chorcaí	Éagtha**	5,904	2018
			187,334	

*Is foirgnimh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí iad na háitribh atá lonnaithe i gCloich na Coillte, agus a áitíonn an tÚdarás. Níl aon chíos iníoctha ar na foirgnimh seo.

**Léiríonn an cíos bliantúil do léasanna éagtha thuas an costas cíosa a tabhaíodh do 2018.

Ceangaltais Léasa

Seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa todhchaí i dtaca leis na léasanna seo:

	Ag 31 Nollaig 2018 €	Ag 31 Nollaig 2017 €
Faoi 1 bhliain	170,726	170,338
Idir 2 – 5 bliana	471,288	464,000
Thar 5 bliana	1,786,000	1,868,788
	2,428,014	2,503,126

Ba é luach na n-íocaíochtaí léasa a aithníodh mar chostas i 2018 ná €180,533 (2017: €176,446).

18. Sainleasanna Bhaill an Údaráis / Idirbhearta Gaolmhara Páirtí

Cloíonn an tÚdarás le gnáthaimh de réir treoirlínte a eisíodh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ón Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 maidir le nochtheadh sainleasanna ag Baill an Údaráis. Níor fógraíodh aon idirbhearta i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon sainleas tairbheach ag Baill an Údaráis.

19. Dlíteanais Theagmhasacha

Bhí ÚCIM páirteach i roinnt imeachtaí dlí a bhaineann lena ról reachtúil ag deireadh na bliana. Ní féidir cainníochtú cruinn de shocraíocht na gcostas ná uainiú a leithéid de shocraíocht chostas a dhéanamh ag dáta na tuairisceoireachta.

20. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Faomhadh na Ráitis Airgeadais ag an Údarás ar 20 Meitheamh 2019.



**SEA-FISHERIES
PROTECTION
AUTHORITY**

An t-Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara,
Lárionad Bia Mara Náisiúnta,
Príomhoifig, Clogheen,
Cloich na Coillte, Co. Chorcaí,
P85TX47

Head Office,
National Seafood Centre,
Park Road, Clogheen,
Clonakilty, Co. Cork,
P85TX47

T +353 23 8859300
F +353 23 8859720
E info@sfpa.ie

www.sfpa.ie